# Tuarascáil Bhliantúil

# 2024



Teangacha
Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary
Languages Ireland

PPLI delivering
Languages Connect

Supported by
An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

# TIBÉ
# Uimhreacha na Bliana

#ThinkLanguages

17,500

Scoláire Idirbhliain

| 200+ | 10 | 14 |
|---|---|---|
| scoil | Ollscoil | Phictiúrlann |

Cuir Fáilte roimh Theangacha

84,400 Páiste Bunscoile

1,350 Bunscoile

15 Theanga

Uasoiliúint curtha

116

Múinteoir bunscoile

FGL (CPD):

50 Múinteoir TIBÉ

11 Seisiún FGL

3 Ceardlann

Seisiúin Eolais ar Theangacha Ardteistiméireachta

9 Seisiún Ar Líne

555 Duine a d'fhreastail

Cuireadh teangacha ar fáil do

7,691 scoláire:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sínis | 2,307 | Seapáinis | 2,867 |
| Cóiréis | 380 | Liotuáinis | 186 |
| Polainnis | 1,936 | Portaingéilis | 480 |
| Rúisis | 267 | Rómáinis | 268 |

Traenáil curtha ar

330

Cúntóir Teangacha Iasachta agus Múinteoir Comhoibrithe

Pobal Cleachtais

30+

Scoláire do Ranganna ar an Satharn

748

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sínis | 128 | Seapáinis | 115 |
| Liotuáinis | 38 | Portaingéilis | 41 |
| Polainnis | 195 | Rómáinis | 132 |
| Rúisis | 99 | | |

# Clár


Brollach ..... 4

Réamhrá do TIBÉ ..... 6

Foireann TIBÉ ..... 7

Athbhreithniú an Stiúrthóra ..... 10

**SPRIOC 1:** ..... 14

**Cumas teanga a fheabhsú trí thimpeallacht foghlama níos mealltaí a chruthú**

Scéimeanna Maoinithe a thugann aghaidh ar Ghanntanas Múinteoirí Teanga ..... 16

Deiseanna Soghluaisteachta ..... 18

Comhoibriú le Soláthróirí Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) ..... 20

Áiseanna agus Ranganna Teagaisc ..... 22

Comhoibriú leis an Ionad Eorpach do Nuatheangacha (IENT) ..... 24

Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna (SIAÁS) ..... 26

Scéim Cúntóirí Béarla ..... 28

Traenáil do Chúntóirí Teangacha Iasachta agus do Mhúinteoirí Comhoibrithe ..... 30

Pobail Chleachtais Nuatheangacha Iasachta (NTI) ..... 33

Comhlaigh TIBÉ ..... 35

Spotsolas ar Scoileanna ..... 37

Scéim do Mhúinteoirí Spáinnise ar Cuairt ..... 39

FCÁT – Foghlaim Comhtháite Ábhair agus Teanga ..... 40

Sprioc 1 – Ag Dul Chun Cinn ..... 45

**SPRIOC 2:** ..... 46

**Roghnú na dTeangacha a Fhoghlaimítear a Éagsúlú agus a Mhéadú agus Teangacha na nÉireannach Nua a Chothú**

**Soláthar Teangacha** ..... 48

- *Oifigigh Forbartha TIBÉ* ..... 49
- *Soláthar Teangacha ionscoile* ..... 49
- *An tSraith Shóisearach* ..... 50
- *Idirbhliain* ..... 51
- *Ardteistiméireacht (Soláthar Ionscoile)* ..... 52
- *Maoiniú tionscadail: Rómáinis* ..... 53
- *Ranganna ar an Satharn* ..... 54
- *Ullmhú le haghaidh Scrúduithe Ardteistiméireachta* ..... 55
- *Polainnis don Ardteistiméireacht Tionscadal Foghlaim Chumaisc* ..... 56
- *Leithdháileadh Breise do Scoileanna* ..... 61

Forbairt Gheirmiúil Leanúnach (FGL) agus Tacaí d'Oifigigh Forbartha TIBÉ ..... 64

Tacaíocht do Mhúinteoirí atá Cáilithe go hIdirnáisiúnta ..... 68

Campaí Samhraidh Teangacha ..... 70

Bunscoil – Modúil Cuir Fáilte Roimh Theangacha ..... 75

Múinteoirí Bunscoile – Tionscadal Uasoiliúna

Teangacha Iasachta ..... 88

Sprioc 2 – Ag Dul Chun Cinn ..... 91

**SPRIOC 3:** ..... 94

**Daoine a chur ar an eolas faoi thábhacht foghlaim teangacha chun úsáid níos leithne teangacha iasachta a spreagadh**

Seachtain #ThinkLanguages ..... 96

Comhoibriú agus Daoine a chur ar an eolas i gcomhpháirt le hInstitiúidí ..... 112

Imeachtaí Scoláirí ..... 117

Comhoibriú le hAmbasaidí agus le hInstiriúidí Cultúrtha ..... 119

Comhoibriú chun Daoine a Chur ar an Eolas - Oíche Chultúir ..... 122

Comhoibriú le hÁisínteachtaí Oideachais ..... 124

Freastal ar Fhóraim agus ar Imeachtaí le haghaidh Múinteoirí agus Páirtithe Leasmhara ..... 126

Comhdháil Acadúil agus Páipéir ..... 129

Comhoibrithe chun Daoine a chur ar an Eolas –MS Léamhatón ..... 131

Áiseanna Gairmthreoracha agus Comhoibriú le Páirtithe Leasmhara.. ..... 132

Sraith Acmhainní don Oíche Oscailte ..... 134

Seisiúin Eolais do Thuismitheoirí agus do Scoláirí ar Theangacha Ardteistiméireachta ..... 135

Tacaíocht don Úcráinis ..... 137

Seisiúin Tacaíochta Scoile Uile do NTI. ..... 138

Sprioc 3 – Ag Dul Chun Cinn ..... 139

**SPRIOC 4:** ..... 140

**Rannpháirtíocht fostóirí a chur chun cinn i bhforbairt agus in úsáid teangacha trádála**

Comhoibriú le Fiontar agus le Fostóirí ..... 142

Sprioc 4 – Ag Dul Chun Cinn ..... 147

**Rialú agus Freagracht** ..... 148

- *Timpeallacht Oibríochta*
- *Socruithe Maoinithe/Bainistíocht Airgeadais*
- *Socruithe Tuairiscithe agus Monatóireachta*
- *Baill Choiste FLAGPP*
- *Éifeachtúlacht acmhainne/Gníomhú ar son na hAeráide*

Léargas Ginearálta Aigeadais 2024 ..... 150

# Brollach

Agus muid ag machnamh ar bhliain eile den dul chun cinn agus de nuálaíocht san oideachas, is cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann (TIBÉ) a chur i láthair, i gcomhthéacs an roil leanúnaigh atá ag TIBÉ maidir le príomhghníomhaíochtaí Languages Connect – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn – a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm sa straitéis seo tacú níos fearr le foghlaim teangacha iasachta sa chóras oideachais in Éirinn agus éagúlacht an tsoláthair a mhéadú le haghaidh na mbuntáistí nádúrtha  do dhaoine aonair, don tsochaí agus don gheilleagar.

I gClár an Rialtais 2025 dár gcuid, bhí mar aidhm againn roghnú teangacha iasachta sna scoileanna a mhéadú agus múineadh teagacha iasachta i mbunscoileanna  a mhéadú. Tá an modúl bunscoile Cuir Fáilte Roimh Theangacha in úsáid ag TIBÉ chun ullmhú le haghaidh tabhairt isteach NuaTheangacha Iasachta i gcuraclam na bunscoile, agus tá 1,400 scoil rannpháirteach ann anois, agus breis agus 88,000 páiste, agus raon éagsúil teangacha á dtairiscint do pháistí. Is cruthú é éagsúlacht na dteangacha atá á múineadh mar chuid den mhodúl den tsochaí ilchultúrtha ilteangacha ina bhfuilimid inár gcónaí, agus tugann an modúl ardán chun páistí a chur ar an eolas faoin éagsúlacht teangacha a úsáideann a gcuid piaraí sna scoileanna agus sna pobail.

Tá mé tiomanta an tírdhreach oideachasúil a fheabhsú do gach scoláire, chun na scileanna atá de dhíth orthu chun go mbeidh rath orthu i ndomhan a bhíonn de shíor ag athrú, a thabhairt dóibh, agus molaim an obair atá ar siúl ag TIBÉ sa chomhthéacs seo. Is cuid bunúsach é oideachas ar ardchaighdeán i dteangacha iasachta maraon le tacaí a sholáthar do scoláirí in Éirinn chun go mbeidh rochtain acu ar na deiseanna agus scileanna idirchultúrtha den mhargadh oibre i dtíortha eile san AE. I bpróiseas foghlaim teangacha foghlaimítear na tras-scileanna tábhachta réiteach fadhbanna, nuálaíocht agus smaointeoireacht chriticiúil.



Tá TIBÉ ag obair le páirtithe fosta chun an próiseas d'uasoiliúint i dteangacha iasachta a chur ar mhúinteoirí bunscoile roimh theacht isteach Nuatheangacha Iasachta sa churaclam bunscoile. Tá traenáil leanúnach i modheolaíochtaí nua i gcomhthéacs foghlaim chumais, foghlaim ar líne agus FCÁT, mar aon le FGL dírithe ar theangacha, á cur ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile, rud atá ag cur le forbairt cumas luachmhar inár gcóras.

Tá TIBÉ ag leanúint le ceapadh agus cur chun cinn gníomhaíochtaí agus áiseanna a thacaíonn le soláthar oideachais ar ardchaighdeán, a fhreastalaíonn ar riachtanais, agus a fheabhsaíonn múineadh agus foghlaim teangacha iasachta i gcoitinne i scoileanna. Tá oideachas agus traenáil iontach, nuálaíocha riachtanach chun sochaí chothrom agus geilleagar láidir a sheachadadh. Sa chomhthéacs seo, is maith an rud múnlaí éagsúla soláthair a bheith á n-iniúchadh agus á gcur i bhfeidhm ag TIBÉ chun freastal ar scoláirí a bhfuil cúlraí éagsúla teanga acu, foghlaim ar líne agus foghlaim chumaisc san áireamh.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le TIBÉ agus leis na hoideachasóirí, riarthóirí, agus páirtithe leasmhara díograiseacha atá tar éis obiriú gan stad gan staonadh chun tacú lenár scoláirí i gcomhthéacs rochtana ar oideachas teangacha iasachta. Trí iarrachtaí comhoibritheacha dá leithéidí is féidir linn leanúint linn chun córas oideachais a thógáil a fhreastalaíonn ar riachtanais gach foghlaimeora. Is iad bhur gcuid iarrachtaí bunchloch an ratha atá orainn, agus le chéile, leanfaimid orainn ag cruthú todhchaí níos gile don oideachas in Éirinn.

Go raibh maith agaibh as bhur ndúthracht agus tacaíocht leanúnach.

Helen McEntee

Helen McEntee

Aire Oideachais agus Óige

# Réamhrá do TIBÉ

Is aonad é Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann (TIBÉ) atá tiomnaithe do chur chun cinn saineolais agus tacaíocht d'oideachas teangacha iasachta in Éirinn. Faigheann TIBÉ maoiniú iomlán ón Roinn Oideachais agus bunaíodh é ar dtús i Meán Fómhair 2000 le cúram múineadh teangacha i scoileanna dara leibhéal ar fud na hÉireann a éagsúlú, a fheabhsú agus a leathnú. Tá sé seo fós lárnach dá chúram agus dírítear ar fheabhsú agus leathnú a dhéanamh ar dheiseanna atá ar fáil chun teangacha iasachta a fhoghlaim a bhaineann le riachtanais chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann amach anseo.

Is ann do TIBÉ chun tacú le cur i bhfeidhm príomhghníomhaíochtaí faoi 'Languages Connect – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026'. Mar aon le gnéithe tábhachtacha an chur i bhfeidhm a bhaineann le teangacha san oideachas, tá ról ag TIBÉ i ndaoine a chur ar an eolas, rannpháirtíocht fostóirí agus teangacha sa tsochaí. Is cuid bhreise dá ról é taighde feidhmeach a dhéanamh a chuireann eolas ar fáil le haghaidh polasaithe, agus a thaccaíonn leo.

Is cúram níos leithne anois é tacaíocht teangacha iasachta san earnáil bhunscolaíochta. San áireamh ann tá soláthar modúl samplach do bhunscoileanna 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' i scoileanna, arbh é a príomhaidhm scoileanna a ullmhú do chur i bhfeidhm Curaclaim Teangacha na Bunscoile athfhorbartha. San áireamh sa tacaíocht do theangacha iasachta ag an mbunleibhéal, tá uasoiliúint ar mhúinteoirí bunscoile i dteangacha iasachta, agus soláthar sraith áiseanna a thabharfaidh tacaíocht do mhúinteoirí le cur i bhfeidhm an churaclaim nua i gcomhthéacs Nuatheangacha Iasachta.



# Foireann TIBÉ

Is foireann saineolaithe éagsúla é TIBÉ a chuireann tionscadail ar fáil ar ardchaighdeán in oideachas teangacha iasachta agus i ndaoine a chur ar an eolas. Tá cur amach ar TIBÉ don ghairmiúlacht, nuálaíocht, ilchumas, agus eitic láidir oibre. Tacaíonn an fhoireann le raon leathan páirtithe leasmhara, rannóga rialtais, áisíneachtaí oideachais, scoileanna agus múinteoirí san áireamh agus go leor páirtithe eile.

## Cairt Foirne TIBÉ

- Foireann éagsúil, breisithe and leathnaithe a fhostú, a léiríonn dea-chleachtas in Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú (ÉCC)
- Eagraíocht a éascú ina bhfuil cothromaíocht measa ar roil agus scileanna éagsúla
- Cinntiú go bhfuil meas ar gach ball, go gcuirtear san áireamh iad agus go dtacaítear leo ina gcuid oibre
- Cinntiú go bhfuil guth ag gach ball, agus go bhfuil fáilte roimh a chuid smaointe agus tuairimí gan eagle roimh chómhaslú
- Meas ar éagsúlacht teangacha agus cultúir agus iad a chur chun cinn
- Oibriú le chéile ar bhealach cruthaitheach, solúctha agus fuinniúil, ag táirgeadh obair thapa ar ardchaighdeán
- Gaiscí oibre a aithint, cumarsaáid a chur chun cinn, dea-chleachas a aithint, spriocanna/aidhmeanna a leagan amach, soiléire a thabhairt maidir le hionchais eagraíochta, a bheith oscaile d'aiseolas agus glacadh leis, bealaí inar féidir le TIBÉ tacaíocht do bhaill fhoirne a fheabhsú a aithint.

In 2024, bhí 24 ball foirne ar an gcroífhoireann. Ar fhoireann TIBÉ tá Comhairleoir Seapáinise, ar iasacht ó Fhondúireacht na Seapáine. Anuas air sin, fostaíonn TIBÉ seisear Oifigeach Forbartha don tSínis, seachtar déag don tSeapáinis, duine amháin don Chóiréis, ceathrar déag don Pholainnis, beirt don Liotuáinis, ceathrar don Portaingéilis, beirt don Rómáinis agus cúigear don Rúisis, múinteoirí cáilithe a úsáidtear i scoileanna agus le haghaidh ranganna ar an Satharn.

## Baill Foirne TIBÉ 2024

Karen Ruddock
*Stiúrthóir*

Kenia Puig i Planella, Ph.D.
*Bainisteoir Teagaisc agus Foghlama*

Chang Zhang, Ph.D.
*Oifigeach Oideachais*

Agnieszka Grochola
*Oifigeach Oideachais*

Laura Quigley
*Oifigeach Oideachais*

Salvo Cacciato
*Oifigeach Oideachais*

Alan McCormack
*Oifigeach Oideachais*

Naoko Takatsuka
*Comhairleoir Seapáinis (Meán Fómhair)*

Aoife Dungan
*Bainisteoir Margaíochta & Cumarsáide*

Meabh Duffy
*Bainisteoir Margaíochta & Cumarsáide*

Nellie Tattersall
*Oifigeach Tionscadail*

Lauri Kealy
*Cúntóir Cumarsáide*

Aoife McHugh
*Oifigeach Cléireachais (Iúil)*

Alice Davenhill
*Comhordaitheoir Imeachtaí*

Enya Fagan
*Oifigeach Tionscadail (Lúnasa)*

Kirsi Hanifin
*Bainisteoir Oibríochta*

Kate Tyndall
*Bainisteoir Tionscadail do Theangacha Bunscoile*

Agnieszka Matys-Foley
*Oifigeach Scoileanna agus Tionscadail*

Jean-Marie Fournier
*Oifigeach Airgeadais agus Oibríochta*

Claudia Maloney
*Comhordaitheoir Tionscadail do Theangacha Bunscoile*

Dylan Collins
*Cúntóir Airgeadais*

Aedin McConnell
*Cúntóir Oibríochta (Márta)*

Aine Mullen
*Oifigeach Cléireachais (Aibreán)*

Michele Kelly
*Riarthóir (Imithe ar scor Iúil)*

Mohana Sarwar
*Oifigeach Cléireachais (Lúnasa)*

Andrea Sanagustin Cabrero
*Cúntóir Tionscadail (Meán Fómhair)*

## Comhlaigh TIBÉ 2024

Vicky Bouché
Sarah Cronin
Sandra Doyle
Valerie Fitzpatrick
Patricia Mulholland
Anne Grills
Niall Gunning
Gemma Kelly
Rebecca Mooney
Ellen Perrin
Laura Nagle Kiwanuka
Aine O'Donnell
David O'Grady
Sandrine Pac-Kenny
Dominique Senard
Mark Spencer
Geraldine Zechner
Dagmara Furman

## Oifigigh Forbartha TIBÉ 2024

**Seapáinis**
Midori Hayes
Brid Murphy
Irene Bermingham
Mika O'Loughlin
David McCartney
Gretta Daly
Rhonda Tsu Lambe
Chigusa O'Sullivan
Amanda Kiernan
Tetsuo Hirohama
Tomoko Ozaki
Kozue O'Dwyer
Adam Clark
Chie Weir
Tazuko Iijima-Kelly
Reiko Heinen
Mika McDonnell
Aoife McArdle

**Cóiréis**
Heejung Lee

**Rúisis**
Lana Ilyin
Inna Orlovskaya
Ludmila Snigireva
Olga Vologzhanina
Ludmila McGrath

**Portaingéilis**
Helena Bidarra
Luiz Gasparelli
Paula Falcao
Estela Felipe

**Sínis**
Juan Huang
Tiantian Wu
Wanlin Li
Beibei Su
Yunhe Cheng
Congqing Zeng

**Liotuáinis**
Vaida Guliokiene

**Polainnis**
Marta Majchrzak
Anna Siecinska
Luiza Blachura
Joanna Lydzinska-Boldbaatar
Mariola Wanczyk
Agnieszka Kaliska
Dagmara Furman
Agnieszka Adamska
Edyta Bakula
Laura Barszczewicz
Aneta Truchan
Ewelina Mencnarowska
Ewelina Keskiewicz
Ewelina Mackowiak
Patrycja Chelminska

**Rómáinis**
Paula Fodorcan
Adriana Gheorghe





# Athbhreithniú an Stiúrthóra

Le blianta beaga anuas, tá méadú seasta i ndiaidh teacht ar an líon scoláirí a thugann faoi naoi gcinn den aon teanga dhéag atá ar fáil san Ardteistiméireacht. Tá laghdú i ndiaidh teacht ar líon na scoláirí a thugann faoi theangacha san Arditeistiméireacht mar gheall ar an laghdú ar an líon a thógann Fraincis agus Gearmáinis, agus is féidir a bhunús sin a lua leis na hábhair nua a tugadh isteach a thugann rogha níos mó do scoláirí, a fhreastalaíonn ar ábhair spéise agus ar dheiseanna nua forbairt phearsanta. Luaitear é seo go minic mar chúis go n-éiríonn scoláirí as teanga iasachta, mar aon leis an riachtanas máithreánach Nuatheanga Iasachta (NTI) a bheith bainte do roinnt mhaith cúrsaí ag an tríú leibhéal.

Tá sé mar aidhm ag an gcuid den obair in TIBÉ rannpháirtíocht i bhfoghlaim teangacha iasaschtaa a mhéadú go díreach nó go hindíreach. Tá sé riachtanach go mbeadh teanga iasachta ag ár scoláirí chun a bheith san iomaíocht i gcomhthéacs na hEorpa agus sa chomhthéacs domhanda. Tá de cheart ag gach uile dhuine dár scoláirí scileanna a fhoghlaim a chumasaíonn rannpháirteachas iomlán sa sochtaí agus sa mhargadh oibre, agus is é cumas srianta ilteangach ceann de na príomhbhacanna ar bhuntáiste a bhaint as na deiseanna a bhaineann le bheith mar stát Eorpach. Thabharfadh cumas breisithe ilteangacha tacaíocht dár ndaoine óga cinntí feasacha a ghlacadh maidir le deiseanna i dtíortha eile Eorpacha, ag tabhairt Cothrom na Féinne dóibh. Is tosaíocht thábhachtach é ilteangachas san Eoraip mar is gné thábhachtach d'iomaíocht na hEorpa é.

Faigheann scoláirí léargas ar dhearcaí éagsúla cultúrtha agus iad ag foghlaim teangacha iasachta, rud a chuireann lena solúbthacht agus scileanna idirchultúrtha cumarsáide. Cothaíonn sé seo feasacht domhanda agus ullmhaíonn sé scoláirí le haghaidh caidrimh éagsúla proifisiúnta agus sóisialta. Tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh go mbeadh saoránaigh ilteangacha domhanda ann a bhfuil cumas láidir idirchultúrtha acu, ar féidir leo a mbealach a dhéanamh trí chomhthéacsanna éagsúla cultúrtha, agus comhoibriú thar teorainneacha, chun fanacht oiriúnach sa mhargadh post.

Tá TIBÉ ag iarraidh tacú leis an teachtaireachta seo trí áiseanna a fhorbairt agus trí eolas a scaipeadh a spreagann scoláirí chun ábhair teangacha iasachta a roghnú, agus aibhsítear sa teachtaireachta na buntáistí follasacha a bhaineann le foghlaim teangacha agus le scileanna teanga a bheith ag duine. Tá féile #ThinkLanguages, éascaithe ag TIBÉ mar chuid d'fheachtas feasachta Languages Connect, ag fás de shíor agus ag leathnú an tionchair atá aige, rud a mhéadaíonn ar an líon deiseanna atá ag scoláirí smaoineamh ar theanga a roghnú don Ardteistiméireacht. Ba é 2024 an chéad bhliain a bhí scoileanna ó gach ceann de na 26 contae páirteach i #ThinkLangauges. Bhí 17.500 scoláire ó bhreis agus 200 scoil rannpháirteach ann. Chuaigh buaiteoirí an chomórtais Foireann Seaimpíní chuig an mBruiséil, a bhuíochas leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, mar chuid dá 'Straistéis Gairm san AE' agus bhí siad ábalta Éire a fheiceáil san AE. Thuairiscigh comhghleacaithe go raibh sé

an-sásúil na scoláirí a chlositeáil ag caint ar a gcuid pleananna dá ngairm sa todhchaí tar éis dóibh cuairt a thabhairt ar institiúidí an AE. Mhothaigh na scoláirí spreagtha fuinniúil agus iad ag fágáil, réidh leis na teangacha a thabhairt leo ar a n-aistear gairme amach anseo.

Freisin, i gcomhthéacs #ThinkLanguages, tháinig forbairt ar an gcomhoibriú le hInstitiúidí Ardoideachais (IAO). Thug breis agus 1,380 scoláire cuairt ar champas olllscoile, agus fuair go leor eile léargas ar shaol an tríú leibhéal i gcainteanna ó ambasadóirí teanga scoláirí i scoileanna. Tá an comhoibriú sin an-tábhacht do scoláirí le tuiscint a fháil ar an gcúis a bhfuil foghlaim teanga tábhachtach agus an chúis ar chóir dóibh leanúint leis an teanga, agus chun rannpháirtíocht a neartú i gcúrsaí foghlaim teanga ag an tríú leibhéal agus chun acmhainn i dteangacha iasachta a thógáil don todhchaí.

Tá TIBÉ ag soláthar áiseanna, deiseanna agus tacaíocht do mhúinteoirí agus scoláirí le cinntiú go bhfuil ranganna teanga chomh suimiúil, spreagúil agus is féidir, ag iarraidh scoláirí a spreagadh le leanúint le teangacha sa tsraith shinsearach i gcuid mhór dá gcuid oibre. I measc na dtionscadail a chuireann le soláthar teangacha iasachta i scoileanna tá forbairt tacaí le haghaidh modheolaíochtaí nuálaíocha leithéidí Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Tenaga (FCÁT); traenáil in úsáid Teicneolaíochta digiteachta i gcomhpháirt le Teicneolaíocht Oide in Oideachas; agus tacaíocht leanúnach in úsáid sraith acmhainní chun féinmheasúnú a dhéanamh agus chun tacú le héagsúlachtaí chultúrtha agus teanga inár scoileanna.

Le tabhairt isteach teangacha iasachta do bhreis agus trian de bhunscoileanna le 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' táthar ag súil go spreagfar breis scoláirí, atá ag dul isteach san iar-bhunscoile, teanga a roghnú mar chuid dá rogha ábhar, de bharr an dea-eispéireas a bhí acu sa bhunscoil. Tá méadú i ndiaidh teacht ar rannpháirtíocht gach bliain agus ghlac 1,350 scoil agus beagnach 88,500 páiste in 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' in 2024, agus 15 theanga i gceist. Tá méadú leanúnach ag teacht fosta ar an líon múinteoirí bunaithe sa rang, a dhéanann seachadadh ar an modúl.

Beidh an rath a bheidh ar thabhairt isteach shonraíocht Nuatheangacha Iasachta sa churaclam bunscoile ó 2025 ag brath i bpáirt ar sholáthar an uasoiliúna i dteangacha iasachta do mhúinteoirí bunscoile, agus is píosa nua oibre é seo do TIBÉ. Sháraigh an scéim phíolótacha in 2024 sprioc de 100 múinteoir ag freastal ar chúrsaí uasoiliúnta i dteangacha iasachta, agus threisigh sé seo comhoibriú dearfach le raon soláthraithe agus páirtithe leasmhara san oideachas, rud a thacóidh leis an soláthar seo.

In 2024, chuir TIBÉ múinteoirí chuig breis agus 100 iar-bhunscoil agus chuir siad deiseanna nua foghlaim teanga ar fáil do bhreis agus 8,000 scoláire, agus modhanna éagsúla soláthair in úsáid, deiseanna foghlama ar líne agus deiseanna foghlama cumaisc san áireamh. Tá éagsúlacht na múinteoirí atá cáilithe go hidirnáisiúnta agus a chuireann TIBÉ chuig scoileanna tábhachtach i bhforbairt scileanna idirchultúrtha, tábhachtach do phobal ginearálta na scoláirí i bhfoghlaim conas plé le 'heachtarthacht', agus deis a sholáthar do scoláirí rochtain a fháil ar fhoghlaim agus ar thacaíocht bhreise teanga. Tugtar aitheantas foirmeálta d'fhéiniúlachtaí teanga scoláirí i soláthar teangacha oidhreachta i scoileanna, rud a chuireann lena rannpháirtíocht agus coinneáil trí luach a thabhairt dá gcúlraí cultúrtha.

Sna ranganna ar an Satharn, tugadh deis do 750 scoláire teangacha a tugadh isteach ar na mallaibh, agus nach bhfuil ar fáil i ngnáthshuíomh scoile, a fhoghlaim. Sna ranganna seo, tugtar tacaíocht do scoláirí atá ag ullmhú le haghaidh scrúduithe Ardteistiméireachta, cuidítear le scoláirí nasc a choinneáil leis na teangacha oidhreachta agus baile, agus tugtar tacaíocht do scoláirí marc níos fearr a fháil sna scrúduithe, rud a thugann deiseanna breise oideachais dóibh. Bíonn TIBÉ de shíor ag lorg bealaí breise chun tacú le scoláirí le teangacha baile, nach Gaeilge ná Béarla iad, rud ar réamhchoinníoll é le haghaidh aontacht shóisialta.

Bíonn sé go maith i gcónaí aitheantas a fháil don obair, agus in 2024, bronnadh Lipéad Teanga Eorpach ar TIBÉ, mar aon le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM), mar aitheantas ar a gcuid

oibre nuálach, inspioráideach i dteagasc, foghlaim agus cur chun cinn teangacha. Sa tionscadal a bhuaigh, ‘Polainnis don Tionscadal Foghlaim Chumaisc don Ardteistiméireacht’, tá Polainnis á tairiscint mar ábhar Ardteistiméireachta do scoláirí na sraithe sinsearaí in BOOCM, nach mbeadh deis acu an t-ábhar seo a roghnú ar scoil, gan é. Baineadh amach é seo le modúl foghlaim chumaisc ina bhfuil meascán de ranganna ar líne, ranganna aghaidh ar aghaidh, agus ceachtanna féinstiúrtha.

I rith 2024, bhí TIBÉ páirteach i dtacú leis an Roinn Oideachais sa scéim Cúntóirí Béarla i gcomhthéacs feiceálacht don scéim a thugann an deis cumas teanga a fhorbairt agus cumas teagaisc a sheachadadh don chóras oideachais in Éirinn; is minic a deirtear gur gné é an easpa seo is cúis le rannpháirtíocht éigeantach i dteangacha iasachta a bhaint. Thug TIBÉ isteach sraith céimeanna chun daoine a chur ar an eolas faoin scéim seo, táirge físeáin, fheachtas gairid meán agus scaipeadh phóstaer i measc IAL ina measc.

Is cuid thabhachtach d’obair TIBÉ é malartuithe scoile a spreagadh. Ainneoin na dúshláin a bhaineann leis seo, m.sh. ualach oibre méadaithe don mhúinteoir, castacht maidir le cosaint leanaí agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus níos mó agus níos mó deacrachtaí teacht ar theaghlaigh óstacha féideartha, is gá tacú leis an ngníomhaíocht thábhachtach seo. Is gá go mbeadh an deis ag scoláirí blaiseadh den teanga bheo, agus a bheith páirteach ann mar go mbraitheann foghlaim éifeachtach teanga ar thumadh, ar chaidreamh aghaidh ar aghaidh, ar theanga choirp agus ar bhreathnú sóisialta; ba é easpa na rudaí seo ba chúis le rogha laghdaithe teangacha iasachta sa tsraith shinsearach.

Buaicphointí eile na bliana ná fuinneamh nua a fheiceáil i soláthar teangacha de bharr seisiúin chomhairleacha scoile uile, aiseolas dearfach a fháil de bharr rannpháirtíocht méadaithe le Cúntóirí Teangacha Iasachta, agus méadú ar an líon múinteoirí, sna teangacha a cuireadh leis an gcuraclam níos déanaí, atá cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta. Fuair roinnt múinteoirí in TIBÉ, a chríochnaigh an clárúchán go rathúil, fostaíocht go díreach leis an scoil tríd an Scéim Leithdháilte Breise.

Fuair muid baill nua foirne, a thug taithí agus saineolas breise leo go TIBÉ, de bharr an mhéadaithe a tháinig ar chúram agus ar raon na hoibre in 2024. San áireamh anseo, tá bunbhaill na foirne, comhlaigh agus múinteoirí, agus cuireann gach duine acu le méadú agus le leathnú na hoibre. Ní fhéadfaimis aon chuid den obair a dhéanamh gan an fhoireann leathan seo, a bhfuil sibhse, na páirtithe leasmhara, san áireamh ann.

Go raibh maith agaibh as bhur dtacaíocht agus comhoibriú atá sárluachmhar do gach duine againn. Beidh fáilte romhat cuairt a thabhairt orainn ag an Mol Digiteach le féachaint conas is féidir an caidreamh a threisiú agus luach ár gcuid oibre a mhéadú.

Idir an dá linn, go raibh maith agat freisin as ár dtuarascáil bhliantúil a léamh.



Karen Ruddock

Stiúrthóir TIBÉ


Say Yes to
Languages

Is é an aidhm atá ag **Sprioc 1** de Languages Connect, *Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn* ná timpeallacht foghlama níos tarraingtí a chruthú. Tacaíonn TIBÉ le cur i bhfeidhm na haidhme trí Phobail Chleachtais a éascú; trí thraenáil agus tacaíocht don scéim Cúntóirí Teangacha Iasachta a chur ar fáil; trí áiseanna a fhorbairt chun tacú le cleachtas ranga agus le forbairt ghairmiúil mhúinteoirí; trí dheiseanna soghluaisteachta a chur chun cinn; agus trí fhorbairt agus feabhsú soláthar Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha.





# SPRIOC 1

## CUMAS TEANGA A FHEABHSÚ TRÍ THIMPEALLACHT FOGHLAMA NÍOS TARRAINGTÍ A CHRUTHÚ

# Scéimeanna Maoinithe a théann i ngleic le Ganntanas Múinteoirí Teanga

Gníomh 1.B.1

Uasoiliúint curtha ar 3 Mhúinteoir NTI | 3 Mhúinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta

## Léargas ginearálta:

Bainistíonn TIBÉ scéimeanna maoinithe chun dul i ngleic leis an nganntanas múinteoirí teanga cáilithe atá in Éirinn faoi láthair. Tugann an Scéim Uasoiliúna Múinteoirí NTI deis do mhúinteoirí NTI uasoiliúint a fháil i dteanga a bhfuil cáilíocht acu ann ach nach bhfuil á teagasc acu faoi láthair, nó nach bhfuil á teagasc go hiomlán. Le huasoiliúint teanga, seans go mbeidh an múinteoir in ann an teanga a thabhairt isteach ina scoil nó cur le soláthar na teanga laistigh den scoil.

Cuireann Scéim Mhaoinithe na Comhairle Múinteoireachta maidir le hEasnamh sna Critéir Chlárúcháin maoiniú ar fáil do mhúinteoirí a bhfuil líon beag creidiúintí in easnamh acu, chun cabhrú leo critéir na Comhairle Múinteoireachta a chomhlíonadh le bheith cáilithe mar mhúinteoirí teanga in Éirinn.

## Príomhaidhmeanna:

- Cur le líon agus cumas na múinteoirí teanga cáilithe agus cláraithe in Éirinn
- Tá sé mar aidhm ag Scéim Uasoiliúint Mhúinteoirí NTI múinteoirí atá cáilithe i scoileanna cheana féin a chur ag obair agus éascaíocht a dhéanamh ar thabhairt isteach teanga nua nó leathnú ábhar teanga i scoileanna
- Tá sé mar aidhm ag Scéim Mhaoinithe na Comhairle Múinteoireachta maidir le hEasnamh sna Critéir Chlárúcháin múinteoirí a éascú le bheith incháilithe don chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta

## Gníomhaíocht:

**Scéim Uasoiliúint Mhúinteoirí NTI**

San iomlán, faomhadh 79 iarratas ar mhaoiniú ó thús na scéime in 2018. In 2024, ghlac triúr múinteoirí le deiseanna uasoiliúna faoin scéim. Tá an scéim oscailte le haghaidh iarratas go leanúnach.

## Tionchar:

I measc na mbuntáistí do na scoileanna atá páirteach, tá an cumas teanga nua a thabhairt isteach, agus forbairt ar acmhainn bhreise teagaisc. De réir na múinteoirí a bhfuil cúrsa uasoiliúna déanta acu, ba é an muinín a fuair siad an toradh ba luachmhaire dóibh.

*'Chuidigh sé liom aghaidh a thabhairt ar Mheán Fómhair le muinín agus an clár AT á sheoladh i mo scoil.'*

*'Beidh mé ag teacht ar ais ar scoil i Meán Fómhair réidh lenár n-ábhar nua a thabhairt isteach sa dara bliain, agus muinín agus creidiúnacht breise agam, agus an taithí le gairid i dtír na spriocteanga. Deis iontach ó thús deireadh.'*

## Gníomhaíocht:

**Scéim Mhaoinithe na Comhairle Múinteoireachta maidir le hEasnamh sna Critéir Chlárúcháin**

Ar an iomlán, d'éirigh le 25 iarratasóir, agus tá seachtar múinteoirí tar éis clárú dá spriocteanga ó thus na scéime in 2021. D'éirigh le beirt iarratasóirí in 2024, agus chláraigh triúr múinteoirí breise leis an gComhairle Mhúinteoireachta dá spriocteanga.

## Tionchar:

- Tá an t-aiseolas ó mhúinteoirí tar éis a bheith dearfach mar gur chuidigh an scéim leo clárú dá spriocteanga.
- De bharr múinteoirí a chríochnaíonn an clárú dá spriocteanga, tá méadú tar éis teacht ar acmhainn cháilithe teagaisc i scoileanna.

## Na chéad chéimeanna eile:

- leanúint ar aghaidh ag cur na scéimeanna i bhfeidhm i 2025.

## Deiseanna Soghluaisteachta – Maoiniú do Scéim na Malartuithe Scoile Gníomh

Gníomh 1.D.1
1.D.6
1.D.10

18 Malartú Scoile

### Léargas ginearálta:

Cuireadh maoiniú do Scéim na Malartuithe Scoile ar fáil ar dtús in 2018. Cuirtear €5,000 in aghaidh na bliana ar fáil, ar feadh trí bliana, do scoileanna faofa a cháilíonn, chun tacú le scoileanna agus chun iad a spreagadh malartuithe nua a bhunú agus chun líon na rannpháirtithe i malartuithe reatha a mhéadú. Cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil do nach mór 40 scoil ó 2018 agus tugadh tacaíocht do go leor scoileanna eile trí eolas agus comhairle a chur ar fáil.

### Príomhaidhmeanna:

- Scoileanna a spreagadh le malartuithe nua a bhunú
- Tacú le scoileanna a bhfuil malartuithe acu chun rannpháirtíocht sna malartuithe seo a mhéadú
- Tacú go leanúnach le cláir malartaithe le scoileanna malartaithe agus iad a chothú
- Cinntigh go léirítear dea-chleachtas chun malartuithe scoile a spreagadh i mbreis scoileanna

### Gníomhaíocht:

Tá tacaíocht á fháil go leanúnach ag na scoileanna a faomhadh idir 2018 agus 2023. Tharla malartuithe i ngach mí sa scoilbhliain. Thug scoileanna rannpháirteacha cuairt ar scoláirí agus thug lóistín do scoláirí i mbailte agus cathracha ar fud na hEorpa agus na hÁise, ina measc Annecy, Belmont-Sur-Rance, Bordeaux, Dunkerque, Lille, Montpellier, Ribeauvillé, Vichy sa Fhrainc, Freigericht, Landau, Niederkassel, Schwangau, Trostberg sa Ghearmáin, Maidrid, sa Spáinn agus Mukogawa sa tSeapáin.

D'fhreastail TIBÉ ar Chomhdháil Soghluaisteachta an Scoláire Aonair in Mechelen sa Bheilg i Márta 2024. D'éascaigh TIBÉ ceardlann ar mhalartuithe sa Ghearmáin do Chumann na Múinteoirí Gearmáinise (CMG) i mí Aibreáin 2024, agus do Scoil Shamhraidh na Múinteoirí Gearmáinise ag an Goethe Institut i mí Iúil 2024. Cuireadh maoiniú ar fáil do scoileanna a bhí páirteach i dturais theanga chun na Síne agus na Seapáine.













## Tionchar:

- Tá rannpháirtithe ón gceardlann CMG ag cur tús le malartuithe nua Gearmáinise
- Bhí eispéireas ag scoláirí a bhí rannpháirteach i malartú scoile i gcóras oideachais eile, le teaghlach óstach.
- Tríd an bpáirtí malairte a óstáil, bhí scoláirí ábalta a gcultúr a léiriú agus a bheith bródúil as. Bhí deis acu cuairt a thabhairt ar áiteanna in Éirinn nach raibh feicthe acu roimhe, b'fhéidir.
- Bíonn deis ar leith acu eispéireas a fháil ar an ábhar agus feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga.

**Sliocht ó scoil a bí rannpháirteach:**

*"ba eispéireas dearfach amach is amach í an mhalairt don dá scoil a bhí páirteach ann, do na scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí. Mar shampla, chaith péire amháin dár gcuid coiscis eile le chéile i rith an tsamhraidh, seachtain in Éirinn agus ansin seachtain saGhearmáin, agus tá cairdeas buan bunaithe eatarthu. Ghlac duine sa 6ú bliain deis labhairt faoina mhalairt ina scrúdú béil don AT, fuair sé grád H1 sa Ghearmáinis agus anois tá bliain Erasmus á phleanáil aige sa Ghearmáin, rud a chiallaíonn go leanann sé leis an bhfoghlaim teanga ag an tríú leibhéal. Léiríonn samplaí mar seo an rath leanúnach agus na tionchair fhorleathan a bhaineann eis an malairt, agus mar is fiú gach rud a chuir muid isteach ann."*

## Na chéad chéimeanna eile:

- Reáchtáil ceardlanna ar mhalartuithe a éascú in 2025
- Lean le tacaíocht do na scoileanna in eagrú na malartuithe
- Lean le maoiniú do na scoileanna faofa cheana mar chuid den scéim trí bliana
- Spreag níos mó scoileanna agus múinteoirí malartuithe nua a eagrú agus cuir isteach ar mhaoiniú Erasmus+ le Léargas

3 Soláthraí OTM | 5 Aoiléacht | 50 Múinteoir Réamhsheirbhíse

## Léargas ginearálta:

I gcaitheamh 2024, lean TIBÉ ar aghaidh ag comhoibriú le soláthróirí Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) chun tógáil ar acmhainn i measc múinteoirí teanga amach anseo agus chun na háiseanna agus tacaíocht atá ar fáil trí TIBÉ a aibhsiú. Tá sé mar aidhm ag na comhpháirtíochtaí seo modheolaíochtaí nuáclacha, uirlisí, agus straitéisí chun teagasc éifeachtach teangacha a chothú, a thabhairt do mhúinteoirí réamhseirbhíse.

## Príomhaidhmeanna:

- Téigh i dteagmháil le soláthraithe OTM agus comhoibrigh ar thionscadail chun tógáil ar acmhainn i modheolaíochtaí agus scileanna cuí do mhúinteoirí teanga amach anseo.
- Cuir daoine ar an eolas faoin obair agus faoi thacaí a chuireann TIBÉ ar fáil i measc múinteoirí réamhsheirbhíse.
- Déan áiseanna agus tacaí don dea-chleachtas agus don fhorbairt ghairmiúil leanúnach so-aimsithe

## Gníomhaíocht:

D'oibrigh TIBÉ le trí sholáthraí OTM i rith 2024, ag tabhairt cúig aoiléacht, a dearadh chun cuir chuige nuálacha in oideolaíocht a thabhairt isteach, a fhorbairt agus a chur i gcomhthéacs:

**Ollscoil Luimní (LP4004 – Oideolaíocht Teanga 2):**

| | |
|---|---|
| 21 Deireadh Fómhair: | Réamhrá FCÁT – Bunchlocha FCÁT á n-iniúchadh, na prionsabail a bhaineann leis, agus tábhacht i dteagasc teanga. |
| 28 Deireadh Fómhair: | Forbairt FCÁT – Thug mionléargas ar chreatlach FCÁT agus conas iad a chomhtháthú i gcleachtas ranga. |
| 4 Samhain: | Cuir i bhfeidhm FCÁT – Dírithe ar chur i bhfeidhm praiticiúil straitéisí FCÁT, ag tabhairt samplaí agus uirlisí teagaisc. |

**Ollscoil Mhá Nuad (Máistir Gairmiúil le hOideachas (MGO) – Modheolaíochtaí Ardleibhéil):**
7 Samhain: Tugadh seisiún ar FCÁT agus Tacaí TIBÉ do Mhúinteoirí. Sa seisiún seo, tugadh buntreoir do mhic léinn MGO ar áiseanna atá ar fáil trí TIBÉ, ag cur béim ar an mbealach a dtacaíonn na huirlisí seo le dea-chleachtas nuálacha sa rang. Léiríodh obair TIBÉ ar FCÁT freisin.

**Coláiste na Tríonóide (MGO Bliain 1):**
5 Samhain: Tugadh léacht ar DigiTech agus Tacaí TIBÉ. Díríodh sa seisiún seo ar uirlisí digiteacha a chomhtháthú sa rang teanga agus áiseanna TIBÉ a threisiú chun cur le cleachtais mhúinteoireachta.

### Tionchar:

- Tugadh buneolas do bhreis ag 50 múinteoir réamhsheirbhíse i dtrí ollscoil ar na tacaí a thugann TIBÉ maidir le modheolaíochtaí agus áiseanna nuálacha teagasc teanga.
- Fuair na mic léinn tuiscint níos doimhne ar chomhtháthú FCÁT agus DigiTeah. Tugann sé seo straitéisí phraiticiúla agus léargais inchaingne dá seomraí ranga amach anseo.
- Neartaíodh an caidreamh idir TIBÉ agus soláthraithe OTM, ag cur béim ar a ról mar phríomhthacóir le hoideachas múinteoirí agus nuálaíocht in oideolaíocht teanga.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Neartaigh na comhoibrithe atá ag forbairt le soláthraithe OTM
- Lean le cuairteanna ar sholáthraithe OTM chun iad a chur ar an eolas agus chun na háiseanna agus tacaí, atá ar fáil do mhúinteoirí teanga, a scaipeadh.
- Spreag múinteoirí réamhsheirbhíse le bheith páirteach i bPobail Chleachtais áitiúla, agus leis na tacaí atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin TIBÉ agus Languages Connect a úsáid agus socrúchán á dhéanamh acu.



## Áiseanna agus Ranganna Teagaisc

**Gníomh 1.C.11**

300+ cláraithe ar Chúrsaí | 1 Áis Idirbhliana uasdátaithe | 1 Áis Idirbhliana forbartha

### Léargas ginearálta:

Chun cur le cáilíocht an teagaisc agus chun leanúnachas a chinntiú, forbraíonn TIBÉ áiseanna agus ranganna teagaisc ar mhodheolaíochtaí nuálacha, samplaí den dea-chleachtas san áireamh. San áireamh san obair seo tá ranganna teagaisc DigiTech, deiseanna FGL, cruthú áiseanna tarraingteacha Idirbhliana, agus cur chun cinn áiseanna reatha, mar shampla phodchraoladh 'Caint Mhúinteoirí NTI'.

### Príomhaidhmeanna:

- Ardán a chur ar fáil do mhúinteoirí chun smaointe éifeachtacha le haghaidh cur i bhfeidhm praiticiúil sa rang a roinnt
- Glacadh modheolaíochtaí nuálacha teagaisc a chothú i ngach teanga
- Áiseanna praiticiúla agus ranganna teagaisc a chur ar fáil do mhúinteoirí chun cur le cáilíocht an teagaisc.
- Rannpháirtíocht bharántúil teanga a chur chun cinn i measc múinteoirí agus scoláirí trí éagsúlacht acmhainní agus eiseamláirí dea-chleachtais

### Gníomhaíocht:




Rinneadh iniúchadh agus forbairt ar raon leathan modheolaíochtaí nuálacha i rith 2024, agus táthar ag leanúint le hathbhreithniú agus leasú ar áiseanna reatha TIBÉ le cinntiú go bhfuil siad oiriúnach do mhúinteoirí agus scoláirí araon. Leanadh leis an gcomhoibriú le Oide Teicneolaíocht san Oideachas agus rinneadh comhiarrachtaí chun an cúrsa Teicneolaíochtaí Digiteacha do Mhúinteoirí NTI a chur chun cinn.

**Teicneolaíochtaí Digiteacha do Mhúinteoirí NTI**

Forbraíodh cúrsa nua 3 uair an chloig ar líne ar 'Teicneolaíochtaí Digiteacha do Mhúinteoirí NTI' agus scaipeadh é i gcomhpháirt le Oide Teicneolaíocht san Oideachas. Tar éis cúrsa gairid píolótach go mall in 2023, tá an cúrsa ar fáil go hiomlán anois le rochtain gan srian do mhúinteoirí cláraithe.

I rith an chúrsa ar fad, tugtar deis do mhúinteoirí NTI bealaí éifeachtacha a fhoghlaim chun teicneolaíocht dhigiteach a chomhtháthú i dteagasc NTI ag leibhéal na hiar-bhunscoile, san áireamh ann conas cur le scileanna éisteachta agus labhartha scoláirí agus uirlisí coitianta in úsáid, uirlisí digiteacha don mheasúnú a iniúchadh. Faigheann siad léargas ó fhíseáin de dhea-chleachtas i seomraí ranga NTI, agus ó eispéiris mhúinteoirí eile NTI.


**Cuirtear an cúrsa i láthair i dtí mhodúl:**

1. Teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh Scileanna Éisteachta
2. Teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh Scileanna Labhartha
3. Teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh Measúnaithe in NTI.

Ar a chríochnú dóibh, fágann múinteoirí an cúrsa, réidh chun straitéisí praiticiúla a chur i bhfeidhm láithreach.

**Modúil Idirbhliana do Thosaitheoirí**

Ag tógáil ar  uasdátú ar Mhodúil Idirbhliana do Thosaitheoirí'sa Ghearmáinis, sa Spáinnis, agus san Iodáilis, agus an leagan nua Fraincise, rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar an modúl Polainnse, agus rinneadh leagan nu ai Rómáinis. Deartar na modúil seo do scoláirí atá ag tosú ar theanga nua a fhoghlaim san Idirbhliain ach is féidir iad a chur in oiriúint lena n-úsáid le scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí nó scoláirí GCAT. Tá rogha tascanna ag gach modúl, agus cuimsítear le mír na múinteoirí ag tosach an leabhair léargas ar an topaic, cur síos ar an tasc, agus torthaí foghlama.




## Tionchar:

- Chláraigh go leor don chúrsa nua ar theicneolaíochtaí digiteacha, le breise agus 70 múinteoir páirteach sa leagan píolótach agus breis agus 300 múinteoir cláraithe don chúrsa a leanann go fóill idir Meán Fómhair agus mí na Nollag 2024.
- Thug áiseanna athfhorbartha dearcadh úr uasdátaithe chuig modúil Idirbhliana, agus  rinne naisc le hábhar cuí, mar aon le huirlisí aoisoiriúnach agus céimoiriúnach níos mealltaí do scoláirí Idirbhliana.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Spreag  múinteoirí le clárú don chúrsa 'Teicneolaíocht Dhigiteach do Mhúinteoir NTI' agus lean leis an gcomhoibriú le Oide Teicneolaíocht san Oideachas, ag díriú go háirithe ar  IS do  mhúinteoirí NTI agus foghlaim teangacha.
- Críochnaigh an athbhreithniú ar 'Modúil Idirbhliana do Thosaitheoirí' sa tSínis agus sa tSeapáinis agus tosaigh ar athbhreithniú ar Chóiréis, Liotuáinis , Portaingéilis agus Rúisis.
- Lean leis an athbhreithniú ar áiseanna reatha agus cuir chun cinn iad, mar shampla Podchraoltaí  'Caint Mhúinteoirí NTI' agus cuardach idirlín (webquest).

## Léargas Ginearálta:

Tacaíonn an tIonad Eorpach do Nuatheangacha, de chuid Comhairle na hEorpa, le feabhas agus le nuálaíocht i bhfoghlaim teangacha, agus comhoibríonn TIBÉ leis an institiúid seo mar iarracht ar oideachas teanga ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm, agus chun fanacht suas chun dáta le forbairt ar fud ballstáit Chomhairle na hEorpa.

## Príomhaidhmeanna:

- Lean leis an gcomhoibriú le IENT, ag lorg bealaí scaipthe le páirtithe leasmhara maidir le polasaí agus teagasc agus foghlaim araon
- Téigh i dteagmháil le piaraí agus le páirtithe leasmhara ar fud Chomhairle na hEorpa chun fanacht ar an eolas maidir le forbairtí i bpolasaithe agus cleachtas oideachas teanga

## Gníomhaíocht:

**Agus Áiseanna IENT chun Tacú le hOideachas Ilteangach Ilchultúrtha don Chultúr Daonlathach in úsáid**

Roghnaíodh Kenia Puig I Planella Ph.D chun an tionscadal seo de chuid Ionad na hEorpa do Nuatheangacha a chomhordú faoin gclár 2024-2027, Áiseanna IENT do Chultúr Daonlathach. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal tacú le ballstáit le cur i bhfeidhm Moladh Chomhairle na hEorpa CM/Rec (2022)1 ar thábhacht oideachas ilteangacha idirchultúrtha don chultúr daonlathach trí nósanna imeachta a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar áiseanna cuí IENT agus chun iad a oiriúnú do chomhthéacsanna náisiúnta.

Tacaíonn an tionscadal le cur i bhfeidhm Moladh Chomhairle na hEorpa CM/Rec (2022)1, ag cur oideachas ilteangach idirchultúrtha chun cinn i ngach teanga, gach earnáil oideachais agus sochaí níos leithne. Tá mar aidhm aige a léiriú conas is féidir áiseanna IENT atá ann cheana féin agus áiseanna nua a oiriúnú le haghaidh comhthéacsanna éagsúla náisiúnta, rud a dhéanann an Moladh réalaíoch agus indéanta.



Cuidíonn an tionscadal le ballstáit oideachas éifeachtach cuimsitheach ilteangacha idirchultúrtha a chur chun cinn trí pholasaithe agus cleachtas a threorú ag leibhéil na hinstitiúide agus an tseomra ranga.

**Spreagadh a chothú in oideachas teanga: cén ról do lucht cinnteoireachta agus oideachasóirí?**

D'fhreastail Karen Ruddock ar imeacht IENT ar son TIBÉ i mí na Nollag 2024, áit a ndearna sí teagmháil le comhghleacaithe Eorpacha ar ábhar spreagtha don fhoghlaim teanga. Thug an t-imeacht deis daoine a chur ar an eolas faoi thábhacht aghaidh a thabhairt ar dhúshláin spreagtha, agus tograí a iniúchadh ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha, tograí a chuireann le rogha oideachas ilteangacha idirchultúrtha. Anuas air sin, cuidíonn léargais ó thaighdeoirí ar threochtaí nua sa spreagadh eolas a dhéanamh do chleachtas agus d'fhorbairt polasaí in Éirinn.

## Tionchar:

- Tá TIBÉ ábalta tacú le múinteoirí leis an eolas agus na scileanna cuí chun seomraí ranga ionchuimsitheacha a chothú agus chun oideachas ilteangach idirchultúrtha a chur chun cinn
- Tá grúpa oibre cruthaithe ag TIBÉ chun áiseanna nua a fhorbairt le tacú le scoláirí, múinteoirí agus foirne bainistíochta scoile le haghaidh scoláirí atá ag bogadh idir scoileanna.
- Tá dea-chleachtas i réimsí éagsúla aitheanta ag TIBÉ agus is féidir leo seo tacú le cleachtas agus forbairt pholasaithe in Éirinn agus eolas a dhéanamh dóibh.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Creat a chur ar fáil do scoileanna chun measúnú a dhéanamh ar a gcleachtas idirchultúrtha agus chun cur leis
- Fiosracht, oscailteacht agus suim i dteangacha a chothú
- Cinntiú go bhfuil gach teanga agus cultúr atá sa phobal scoile curtha san áireamh agus go bhfuil meas orthu
- Tacaíonn Pobail Chleachtais (PC) le scoileanna sraith acmhainní ILAOS a chur i bhfeidhm, cuireann siad chun cinn comhoibriú agus roinnt dea-chleachtais, cuireann siad le modheolaíochtaí teagaisc, agus cuireann siad chun cinn éagsúlacht chultúrtha agus teanga.

# Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna (SIAÁS)
## An Intercultural Look at our Schools (ILAOS)

Gníomh. 1.C.8
1.C.13

3 Phobal Cleachtais ar líne | 43 Múinteoir rannpháirteach

### Léargas ginearálta:

Tugann ILAOS creat do scoileanna ar mhaith leo dul i ngleic leis an ngné idirchultúrtha sa scoil. Dearadh an tsraith acmhainní ILAOS don fhéinmheasúnú agus tacaíonn sé le héagsúlacht teanga agus cultúir in iar-bhunscoileanna. San áireamh ann tá sraith suirbhéanna a oibríonn mar uirlisí féinmheasúnaithe, ag nótáil dearcadh gach ball den phobal scoile, an Bord Bainistíochta, príomhoide, phríomhoidí tánaisteacha, múinteoirí, foireann nach múineann, scoláirí agus tuismitheoirí/chaomhnóirí. Leasaíodh an tsraith acmhainní ó thionscadal an Ionad Eorpach do Nuatheangacha 'Treoir do theangacha na scolaíochta'.

### Príomhaidhmeanna:

- Creat a chur ar fáil do scoileanna chun measúnú a dhéanamh ar a gcleachtas idirchultúrtha agus chun cur leis
- Fiosracht, oscailteacht agus suim i dteangacha a chothú
- Cinntiú go bhfuil gach teanga agus cultúr atá sa phobal scoile curtha san áireamh agus go bhfuil meas orthu
- Tacaíonn Pobail Chleachtais (PC) le scoileanna sraith acmhainní ILAOS a chur i bhfeidhm, cuireann siad chun cinn comhoibriú agus roinnt dea-chleachtais, cuireann siad le modheolaíochtaí teagaisc, agus cuireann siad chun cinn éagsúlacht chultúrtha agus teanga.

### Gníomhaíocht:

Bhí breis agus 40 múinteoir rannpháirteach i dtrí Phobal Cleachtais (PC), áit ar roinnt siad dea-chleachtas agus thacaigh siad le chéile maidir leis an tsraith acmhainní a chur i bhfeidhm. Tugadh deis do na múinteoirí sna PC dúshláin a phlé agus réitigh fhéideartha a shainaithint.

Mar thoradh orthu seo, bunaíodh meitheal ag deireadh 2024 le líon beag múinteoirí a bhfuil go leor taithí acu sa réimse seo. Is é aidhm na meithle ná áiseanna breise a fhorbairt a thacaíodh le riachtanais scoileanna agus scoláirí sa réimse seo.




Thug toscaireacht ó Servei de Llengues Estrangeres i d'Origen, Departament d' Educació, Generalitat de Catalunya, (aonad teangacha i Roinn Oideachas na Catalóine) cuairt ar TIBÉ chun tuilleadh a fhoghlaim faoi ILAOS idir 29 Aibreán agus 3 Bealtaine 2024.

I rith na cuairte, bhí toscaireacht na Catalóine an-tógtha leis na teangacha nua curaclaim agus neamhchuraclaim atá san áireamh sa chóras oideachais in Éirinn. D'aithin siad an luach a bhaineann le héagsúlacht teanga a chur chun cinn agus leis na cuir chuige éagsúla a ghlactar. San áireamh sa chuairt bhí cuairteanna scoile, cruinniú le páirtithe leasmhara, agus plé ar chur i bhfeidhm ILAOS agus tograí eile teanga.

### Tionchar:

- Tá tionchar láidir dearfach ar scoileanna ag rannpháirtíocht múinteoirí i bPobail Cleachtais ILAOS.
- Trí chomhoibriú agus líonrú i measc oideachasóirí a chothú, is féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choitianta. Cuireann an cur chuige comhoibritheach ní hamháin le forbairt ghairmiúil, ach le héagsúlacht teanga agus cultúir fosta, rud a chruthaíonn timpeallacht níos cuimsithí, fáiltiúil do gach scoláire.
- Díríonn an t-aiseolas dearfach ó rannpháirtithe aird ar na pobail seo chun tacú le hiarrachtaí múinteoirí sraith acmhainní ILAOS, agus tograí eile idirchultúrtha, a chur i bhfeidhm, rud a chuireann ar deireadh leis an bhfeabhas ginearálta ar chleachtais oideachasúla na scoile.
- Trí chuir i láthair a dhéanamh ag comhdhálacha idirnáisiúnta, agus trí lucht institiúidí ar cuairt a óstáil, dírítear aird ar cheannaireacht na hÉireann maidir le héagsúlacht teanga agus cultúir san oideachas.




### Na chéad chéimeanna eile:

- Lean le óstáil Pobail Chleachtais
- Lean leis an meitheal chun tuilleadh áiseanna agus tacaí a fhorbairt
- Lean leis an rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta chun an obair sa réimse seo a scaipeadh

2 sheisiún tacaíochta ELA

## Léargas ginearálta:

Tá mar dhualgas anois ag TIBÉ feiceálacht scéim na gCúntóirí Béarla (ELA) a mhéadú chun feasacht teanga agus idirchultúir a fhorbairt sa tsochaí, mar aon le hacmhainn fhéideartha teagaisc a chruthú don todhchaí.


## Príomhaidhmeanna:

- Iarratasóirí féideartha a chur ar an eolas faoi na buntáistí iomadúla a bhaineann le páirt a ghlacadh i scéim na gCúntóirí Béarla.
- Tacú le suim mhéadaithe sa scéim ELA trí shraith tograí a mhéadaíonn feiceálacht na scéime.

## Gníomhaíocht:


Ba é 2024 an chéad uair a chuir TIBÉ tacaíocht ar fáil do Chúntóirí Béarla a théann amach. Bhí an fhoireann ábalta tarraingt ar go leor taithí, faighte ó bhlianta ag tacú le Cúntóirí Teangacha Iasachta (FLA) a thagann anseo. Chun tacaí agus foinse feasachta a chruthú, fuair an fhoireann ionchur ó pháirtithe leasmhara, mar aon leis an suirbhé ó 2023 a rinneadh i measc iar-chúntóirí Béarla.

I samhradh 2024, cruthaíodh dhá fhíseán nua chun daoine agus iarratasóirí féideartha a chur ar an eolas faoin scéim. Bhí ceathrar iar-chúntóirí Béarla páirteach sna físeáin, a foilsíodh i bhfómhar na bliana 2024. Cruthaíodh póstaer a cuireadh ar taispeáint ar champais ollscoile ar fud na tíre. Seoladh feachtas meán sóisialta inar spreagadh daoine chun cláraithe agus ag cur seisiúin tacaíochta ar líne chun cinn. Eagraíodh dhá sheisiún tacaíochta – ceann amháin do chúntóirí Béarla ag dul amach, agus ceann dóibh siúd a raibh suim acu cur isteach ar scéim na gcúntóirí Béarla 2025-26.




I Meán Fómhair 2024, faomhadh 90 cúntóir Béarla as Éirinn chun taisteal go dtí an Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Spáinn. Chun cuidiú leis an cúntóirí Béarla seo ullmhú le himeacht, thug TIBÉ dhá sheisiún tacaíocht ar líne i mí Lúnasa agus Meán Fómhair. Chuidigh iar-chúntóirí Béarla leis an gcomhairle agus treoir a thabhairt do na cúntóirí teanga a bhí ag dul amach.




Aiseolas ón seisiún tacaíochta do chúntóirí Béarla ag dul amach, ar siúl i mí Lúnasa 2024:

*'Chuir sé ar mo shuaimnheas mé, go raibh maith agat'*

*"Bhí an chéad seisiún go hiontach! Thug sé an-léargas freisin. Bhí sé go hiontach éisteacht le bhur n-eispéiris. Mhothaigh mé ar mo shuaimhneas. Go raibh maith agat."*

D'eagraigh TIBÉ cruinniú i mí na Nollag 2024 le hambasáidí agus institiúidí cultúrtha, agus tugadh deis lena linn na háiseanna a cruthaíodh le déanaí a roinnt, agus uasdátú a roinnt freisin ar fhorbairtí maidir le daoine a chur ar an eolas faoin scéim. Chuidigh sé seo dá réir le tacú leis an scaipeadh breise ar an obair a bhí críochnaithe.

I dtreo dheireadh 2024, tharla ullmhúcháin le haghaidh seisiún eile ar líne, dírithe orthu siúd atá ag smaoineamh ar chur isteach ar scéim chúntóirí Béarla 2025-26. Bhí raon leathan cúlraí oideachais agus ollscoile acu siúd atá chláraithe.

## Tionchar:

- Is foinsí úsáideacha eolais do chúntóirí féideartha Béarla, iad na físeáin nua bolscaireachta do scéim na gcúntóirí Béarla, forbartha le tacaíocht ó iar-chúntóirí Béarla, agus póstaer nua.
- D'fhreastail cúntóirí dearbhaithe agus cúntóirí féideartha Béarla ar na seisiúin tacaíochta a thug TIBÉ, rud a mhéadaíonn feiceálacht na scéime.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Seachaid feachtas bliantúil meán sóisialta chun tacú le daoine a chur ar an eolas faoi scéim na gcúntóirí Béarla.
- Cuir seisiún bliantúil tacaíochta ar líne ar fáil, go luath i mí Feabhra, chun iarratais agus suim a mhealladh sa scéim.

## Traenáil le haghaidh Cúntóirí Teanga Iasachta agus Múinteoirí Comhoibrithe

Gníomh 1.C.4
1.D.9

191 CTI

### Léargas ginearálta:

Tá ról TIBÉ i scéim na gcúntóir teanga iasachta (CTI) á leathnú, ag tairiscint raon tacaí teagaisc agus foghlama, a bhíonn ag athrú agus ag fás de shíor, do CTIanna agus na Múinteoirí Comhoibrithe (MC).

### Príomhaidhmeanna:

- Tacaíocht a chur ar fáil chun go mbeidh eispéireas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán ag pobail scoile a bhfuil CTI acu
- Scaip cuir chuige éifeachtacha teagaisc agus foghlama a chuireann le timpeallacht tarraingteach foghlama agus déan plé orthu
- Cinntigh na torthaí foghlama is fearr do scoláirí trí thacú le pleanáil don rath agus nuálaíocht i gcleachtais teagaisc agus foghlama

### Gníomhaíocht:

In Eanáir 2024, lean TIBÉ leis an tacaíocht do ghrúpa 2023-24 CTI agus CB trí thús a chur leis dara babhta de sheisiúin tacaíochta. Ba é seo an chéad uair a ofráladh múnla cumaisc soláthair, agus cuireadh raon leathan tairiscintí aghaidh ar aghaidh agus ar líne ar fáil do rannpháirtithe.

I mí Bealtaine 2024, mar aon leis an Roinn Oideachais agus an Chigireacht, d'óstáil TIBÉ seisiún eolais do scoileanna ar éirigh leo leis na hiarratais CTI. Díríodh sa seisiún seo ar an bpearsanra cuí a chur ar fáil i scoileanna, le tacaíocht tábhachtach chun ullmhú do theacht an CTI. An mhí chéanna, d'fhreastail ionadaithe TIBÉ ar imeacht do CTI Fraincise, agus labhair siad ann, imeacht a d'eagraigh Ambasáid na Fraince in Éirinn, chun aiseolas a bhailiú ar an saol mar CTI.

D'eagraigh TIBÉ cruinniú comhoibrithe dhá lá leis an áisíneacht Ghearmánach a sheolann CTIanna, Der Pädagogische Austauschdienst (PAD), i Meitheamh 2024. Ag an gcruinniú, bhí ionadaithe ón Roinn Oideachais agus bhí ar chumas rannpháirtithe díriú ar thacaí do Chúntóirí Béarla agus do Chúntóirí Teanga Iasachta araon, agus tógáil ar thacaí atá ann cheana don Ghearmáinis i gcuraclam iar-bhunscoile na hÉireann.










Ó Mheitheamh ar aghaidh, tháinig dlús le hullmhúcháin do theacht 2024-25 na gCúntóirí Teanga Iasachta, le forbairt nuachtlitreach agus leathanach Facebook a dearadh agus a cruthaíodh le déanaí do CTIanna. I Meán Fómhair, thug TIBÉ isteach sraithe seisiún ar líne, a raibh mar aidhm acu (i) iad a spreagadh d'eispéireas an CTI a bhí le teacht, (ii) tacaí teagaisc agus foghlama don am roimh theacht a chur ar fáil agus (iii) ceisteanna a tháinig chun cinn sular tháinig siad a fhreagairt. Chláraigh 104 CTI san iomlán do  na seisiúin seo, agus bhí an t-aiseolas dearfach. Eagraíodh seisiúin mar seo i Meán Fómhair freisin chun tacú le múinteoirí comhoibrithe agus iad ag ullmhú do theacht na CTI.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'eagraigh TIBÉ arís eile ionduchtú ar son na Roinne Oideachais agus bhainistigh é. Go gairid i ndiaidh theacht na CTIanna ag na scoileanna óstacha, bhí ionadaithe ó TIBÉ agus ón Roinn Oideachais ar fáil chun eolas a thabhairt faoi thacaí atá ar fáil do CTIanna, agus bhí deiseanna ann le haghaidh ceisteanna agus freagraí. Bhuail CTIanna lena gcomhlaigh nasctha TIBÉ agus le CTIanna eile, rud a thug deiseanna líonraithe le CTIanna ina réigiún óstach. Tá an Comhlach nasctha TIBÉ ar fáil chun tacú leo le ceist ar bith teagaisc nó foghlama a d'fhéadfadh a bheith acu i rith na bliana. Anuas air sin, thacaigh TIBÉ le CTIanna Francach in imeacht eile, a d'eagraigh ambasáid na Fraince, an lá tar éis an ionduchtaithe bliantúil.

Chláraigh 330 CTI agus CB don chéad bhabhta seisiúin tacaíochta den bhliain acadúil 2024-25, i mí Dheireadh Fómhair 2024. Thug Comhlaigh agus Oifigigh Oideachais de chuid TIBÉ na seisiúin aghaidh ar aghaidh seo in ionaid ar fud na tíre thar thréimhse choicíse, agus bhí rogha dátaí agus ionad ag na rannpháirtithe. Sna seisiúin seo féachadh ar smaointe chun comhoibriú a fhorbairt agus chun pleanáil don bhliain acadúil romhainn. Tugadh deis sna seisiúin seo fosta do CTIanna líonrú le CTIanna eile lonnaithe sa réigiún óstach céanna.

D'eagraigh lucht TIBÉ Pobail Chleachtais faoi leith ar líne do CTIanna i Samhain 2024. Ar deireadh, i mí na Nollag 2024, thacaigh TIBÉ leis an imeacht Journée internationale des assistants de langue, a d'eagraigh Ambasáid na Fraince, a dhéanann ceiliúradh ar CTIanna na Fraince agus ar a gcuid oibre.

**Bhí an t-aiseolas ar ionduchtú ó na CTIanna an-dearfach, seo roinnt ráiteas uathu:**

*Bhí an t-eolas an-tábhachtach agus úsáideach'*

*'Go raibh maith agaibh as an eolas agus an obair ar fad a chuir sib isteach sa chlár seo. Mothaím go bhfuil mé faoi chúram maith, go raibh maith agaibh!'*

*'Láithreoirí an-eolasach, cumasacah agus deas, agus thaitin sé go mór liom go raibh deis ann nascadh le CTIanna eile'*

*'Bhí gach rud foirfe!'*

**Roinnt aiseolais ó rannpháirtithe sheisiún tacaíocht 1 do CB-CTIanna – Deireadh Fómhair 2024:**

*'Ba sheisiún álainn, táirgiúil é seo. Bhí sé go deas bualadh le gach duine agus malartú leo'*
Ionad Oideachais Mhuineacháin – Deireadh Fómhair 2024

*'Seisiún an-mhaith le go leor smaointe iontacha agus am le haghaidh comhoibrithe'*
Ionad Oideachais Dhroim Conrach – Deireadh Fómhair 2024

*'Bhí an plean 8 bpointe agus an féilire cabhrach ach go háirithe. Thug sé deis dúinn pleanáil chun tosaigh agus plé a dhéanamh le CTIanna eile agus múinteoirí comhoibrithe ó mo scoilse'.*
Ionad Oideachais na Gaillimhe – Deireadh Fómhair 2024

## Tionchar:

- In 2024, mar thoradh ar an aiseolas a fuarthas i rith chlár 2023-24, leathnaigh TIBÉ an tacaíocht do scéim CTI. Chuidigh an tacaíocht seo leis na CTIanna, CBanna agus na scoileanna ina gcuid ullmhúchán le haghaidh theacht na CTIanna. Anuas air sin, chuir sé le forbairt cleachtais éifeachtacha comhoibrithe teagaisc agus foghlama a tharraing ar rannpháirtíocht CTIanna i saol na scoile.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Tosaigh ar sheisiún 2 tacaíochta CTI-CB (Eanáir 2025)
- Déan athbhreithniú ar amú na dtacaí do CB sula dtagann siad
- Cuir seisiún eolais ar fáil, agus leathnaigh é, do scoileanna a éiríonn leo (Bealtaine 2025)
- Déan ullmhú chun múnla leasaithe a thabhairt do sheisiúin tacaíochta CTI-CB in 2024-25

# Pobail Chleachtais Nuatheangacha Iasachta (NTI)

Gníomh. 1.C.5

692 Múinteoir Cláraithe | 30+ seisiún

## Léargas ginearálta:

Is cruinnithe iad Pobail Chleachtais TIBÉ ina dtagann múinteoirí, a bhfuil paisean acu do theangacha agus do theagasc teangacha, le chéile chun smaointe a mhalartú, chun eolas nua a chruthú agus chun dea-chleachtas a roinnt. Éascaítear na Pobail Chleachtais seo go réigiúnach agus go téamach, agus bíonn siad ar siúl aghaidh ar aghaidh agus ar líne, ag brath ar riachtanais na rannpháirtithe. Tá na Pobail Chleachtais bunaithe ar mheas agus muinín as a chéile, ag cothú timpeallacht ina mothaíonn múinteoirí spreagtha chun smaointe a roinnt, dúshláin a phlé, ceisteanna a chur, agus fadhbanna a réiteach go comhoibritheach.



## Príomhaidhmeanna:

- Pobail bheomhar réigiúnach agus téamach múinteoirí NTI a thógáil agus a choinneáil ar fud na hÉireann
- Deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí NTI nascadh, comhoibriú agus dea-chleachtais, saincheaptha dá gcuid riachtanas, a roinnt.

## Gníomhaíocht:

In 2024, d'éascaigh TIBÉ breis agus 30 Pobal Cleachtas, chláraigh 692 do na seisiúin seo. Bhí leagan amach measctha ann do na PC seo – cruinnithe réigiúnach, seisiún dírithe ar thionscadail, agus plé téamach – rud a thug cur chuige solúbtha freagrúil ar riachtanais na múinteoirí. Bhí ról sárthábhachtach ag Comhlaigh TIBÉ in éascú na seisiún seo, ag tabhairt eispéireas luachmhar sa seomra ranga chun cur le plé agus le hoiriúnacht phraiticiúil a chinntiú.

**PC Téamacha:**
I measc na n-ábhar bhí Sraith Acmhainní don Oíche Oscailte, ILAOS (Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna), #ThinkLanguages, DigiTeach, agus tacaíocht don ATF.

**An PC is mó a raibh tóir air:**
Ba é an seisiún chun smaointe a roinnt don Idirbhliain an ceann is mó freastal, le breis agus 150 múinteoir cláraithe thar na trí oíche.

**PC Réigiúnacha**
Thug na PC seo tacaíocht áitiúil, ba iad na hIonaid Oideachais agus scoileanna a bhí mar óstaigh orthu.

**Suirbhé Múinteoirí ar Théamaí agus Leagan Amach CP:**

In 2024, d'eagraigh TIBÉ suirbhé cuimsitheach i measc múinteoirí ar an liosta seoltaí, chun tuiscint níos fearr a fháil ar a roghanna do théamaí agus leagan amach. Nocht an suirbhé léargais thábhachtacha ar na cineálacha ábhar is mó a gcuireann múinteoirí suim iontu, mar aon lena rogha bealaí chun páirt a ghlacadh ann (aghaidh ar aghaidh, ar líne, leagan amach cumaisc).


**Bunaithe ar an aiseolas:**

- Téamaí is fearr: Léirigh na múinteoirí suim mhór in ábhair praiticiúla, dírithe ar an seomra ranga, leithéidí cuir chuige cruthaitheacha don Idirbhliain, DigiTech a chomhtháthú i dteagasc NTI, agus oideachas idirchultúrtha.
- Leagan Amach: Cé gur thaitin solúbthacht na bPC ar líne le go leor múinteoirí, bhí éileamh soiléir ann ar sheisiúin aghaidh ar aghaidh uaireanta, go háirithe sna moil réigiúnach, chun líonrú agus naisc níos doimhne a chothú.
- Cur Chuige Saincheaptha: Rinne na torthaí eolas do phleanáil agus seachadadh an bPC in 2024, rud a thug cur chuige níos spriocdhírithe freagrúil ar mhúinteoirí.

Tá an suirbhé tar éis a bheith sárluachmhar le cinntiú go bhfreastalaíonn na PC ar riachtanais mhúinteoirí NTI, a bhíonn ag forbairt, agus chun deiseanna fiúntacha a thabhairt le haghaidh comhoibrithe agus fás gairmiúil. D'aibhsigh sé freisin an tábhacht a bhaineann le solúbthacht a mheascadh le hábhar spriocdhírithe chun éifeacht agus tionchar a uasmhéadú.

## Tionchar:

- Líonrú neartaithe i measc múinteoirí NTI, deiseanna comhoibrithe agus áiseanna roinnte a chothú
- Caidreamh níos fearr le hábhair faoi leith, mar shampla smaointe don Idirbhliain, muinín múinteoirí agus spreagadh a mhéadú.




*'Bhí sé an-mhaith agus úsáideach'*

*'Bhí an PB deireanach ar fheabhas. Go raibh maith agaibh'*

*'Bhain mé an-sult as an seisiún. Anois, am a aimsiú chun na smaointe nua a úsáid i mo sheomra ranga!'*

*'Éascaitheoirí iontacha'*

**I suirbhé ar líne, aontaíonn múinteoirí NTI go láidir:**

Ar an iomlán, bhain na hábhair a pléadh lena gcuid riachtanas mar mhúinteoirí NTI

Bhí deis acu smaointe a roinnt agus a phlé i rith an tseisiúin

Mholfaidís PC NTI do mhúinteoirí eile teanga

## Na chéad chéimeanna eile:

- Úsáid aiseolas ó PC 2024 chun riachtanais atá ag teacht chun cinn, agus réimsí spéise na múinteoirí a aithint.
- Lean le heagrú PC téamacha agus réigiúnach chun tacaíocht spriocdhírithe a thabhairt agus chun comhoibriú a chothú.

17 Comhlach TIBÉ

## Léargas ginearálta:

Is múinteoirí iar-bhunscoile teanga iad na Comhlaigh TIBÉ, a bhfuil ról riachtanach acu eochairghníomhaíochtaí, dtugtar achoimre orthu i Straitéis Languages Connect, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn. Tá siad lonnaithe ar fud na tíre agus tógann a bpáirtíocht acmhainn réigiúnach, neartaíonn sé naisc le scoileanna, agus tacaíonn le hobair TIBÉ trí chaidreamh díreach a dhéanamh le múinteoirí, cúntóirí teanga agus pobail scoile.





## Príomhaidhmeanna:

- Is ceannairí iad Comhlaigh TIBÉ i gcur chun cinn dea-chleachtas in oideachas teanga trína saineolas a roinnt in imeachtaí amhail Pobail Chleachtais, comhdhálacha Líonraí Proifisiúnta Múinteoirí (TPN) agus ag comhdhálacha cuí oideachais eile.
- Oibríonn Comhlaigh mar a bheadh droichead idir an seomra ranga agus foireann TIBÉ trí aiseolas sárluachmhar i gcomhthéacs a thabhairt, mar aon le léargais phraiticiúla, chun eolas a dhéanamh do phleanáil straitéise agus d'fhorbairt áiseanna.

## Gníomhaíocht:

Tharla athruithe sonracha ar fhoireann Chomhlaigh TIBÉ i mbliana. Chríochnaigh baill den bhunfhoireann, a d'oibrigh ar feadh cúig bliana, a dtéarma. Chun daoine a fháil in áit na gComhlach a bhí ag éirí as, agus chun freastal ar éilimh obair TIBÉ atá ag fás, seoladh feachtas earcaíochta, rud a raibh líon méadaithe Comhlach ar an bhfoireann mar thoradh air.

Tugann an cóhort nua Comhlach saineolas breise chuig an bhfoireann, taithí ar bhainistíocht scoile agus treoir san áireamh. Neartaíonn an tacar sainscileanna acmhainn TIBÉ na cuspóirí straitéise a chur i gcrích agus tacú le múinteoirí agus scoileanna ar fud na hÉireann.

In 2024, lean Comhlaigh TIBÉ leis an tacaíocht do raon leathan tionscadal. Seo roinnt príomhphointí:

- **Imeachtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha a Éascú:** Bhí príomhról ag Comhlaigh i dtacú le tionscadail amhail #ThinkLangauges ; comhdhálacha TPN Fraincise, Gearmáinise, Spáinnise agus Iodáilise; agus comhdhálacha réigiúnacha oideachais, ag léiriú obair TIBÉ agus na tacaí atá ar fáil don fhoghlaim teanga.

- **Tacú le Scéim na gCúntóirí Teanga Iasachta:** D'oibrigh na Comhlaigh mar mheantóirí agus mar phríomhphointí teagmhála do na Cúntóirí Teanga Iasachta (CTI). Bhí siad lárnach in ionduchtú na CTIanna, thug siad traenáil aonair agus grúpa, d'fhreagair siad ceisteanna teagaisc agus foghlama, augs thacaigh siad la múinteoirí comhoibrithe in CTIanna a óstáil.
- **Seisiúin Tacaíochta Ar Líne:** D'éascaigh Comhlaigh seisiúin ar líne chun áiseanna a chur chun cinn agus chun tacú le tionscadail leithéidí Sraith Acmhainní don Oíche Oscailte; scéim na gCúntóirí Béarla (CB); #ThinkLanguages, agus Pobail Chleachtais.
- **Áiseanna a Chruthú agus a Athbhreithniú:** Chuir Comhlaigh le forbairt agus le hathbhreithniú ábhair atá ag teacht le príomhghníomhaíochtaí i Straitéis Languages Connect, ábhar do na Modúil Idirbhliana do Thosaitheoirí, WebQuests agus áiseanna gairmthreorach.
- **Meantóireacht agus Acmhainn a Thógáil:** In 2024, leathnaíodh ar an leagan píolótach den mheantóireacht a tosaíodh in 2023, ag ofráil treoracha agus tacaíocht shaincheaptha do mhúinteoirí a mhúineann teangacha tearctheagasctha, rud a neartaíonn acmhainn i scoileanna.





## Tionchar:

- Tá obair na gComhlach tar éis tionchar TIBÉ a leathnú ar fud na tíre, ag cothú nasc níos láidre le múinteoirí NTI, CTI agus pobail scoile
- Trí mheantóireacht shaincheaptha a thabhairt agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin go luath, tá Comhlaigh i ndiaidh cur le rath na scéime CTI, agus tá siad tar éis tacú go héifeachtach le CTIanna agus múinteoirí comhoibritheacha
- Cintíonn rannpháirtíocht na gComhlach i gcruthú agus athbhreithniú ar ábhair teagaisc go bhfuil siad oiriúnach, praiticiúil, agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais múinteoirí agus scoláirí teanga

## Na chéad chéimeanna eile:

- Bain úsáid as cás uathúil na gComhlach mar mhúinteoirí bunaithe i scoileanna chun aiseolas cuí a bhailiú, ag cinntiú go bhfreagraíonn TIBÉ do riachtanais agus do na dúshláin atá roimh mhúinteoirí agus scoláirí sna scoileanna.
- Cothaigh nuálaíocht leanúnach i bhforbairt áiseanna agus i dtacaíocht do mhúinteoirí, ag teacht le héilimh a bhíonn ag forbairt sna seomraí ranga agus sa domhan níos leithne oideachasúil
- Cinntigh deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach le haghaidh Comhlach, ag tabhairt na n-uirlisí agus scileanna dóibh a chuirfidh ar a gcumas a bheith ag súil le riachtanais an phobail teagaisc NTI agus aghaidh a thabhairt orthu.

3 Thuairisc

## Léargas ginearálta:

Is sraith áiseanna é Spotsolas ar Scoileanna, a chruthaigh múinteoirí le haghaidh múinteoirí, agus a léiríonn dea-chleachtas na ranna agus múinteoirí nuatheangacha iasachta (NTI) ó gach cearn d'Éirinn. Cothaíonn an tsraith pobal gairmiúil foghlama áit ar féidir le múinteoirí dul i ngleic le straitéisí praiticiúla teagaisc agus foghlama, bunaithe ar fhianaise, agus iad seo a leasú dá gcomhthéacs féin.




## Príomhaidhmeanna:

- Léirigh samplaí de dhea-chleachtas in oideachas NTI ó scoileanna ar fud na hÉireann i measc pobal na múinteoirí NTI, agus roinn iad
- Spreag múinteoirí NTI foghlaim ó chéile
- Spreag tacaíocht do mhodheolaíochtaí nuálaíocha teagaisc, agus spreag iad seo a scaipeadh

## Gníomhaíocht:

Léiríodh trí smaoineamh i rith Spotsolas ar Scoileanna 2024:

1. Teangacha Baile a aithint agus Meas a léiriú orthu inár Scoil: Léirigh Emer Marchner i gColáiste Woodbrook, Bré, conas a aithníonn an scoil teangacha baile, agus conas a léiríonn siad meas orthu, chun timpeallacht fháiltiúil a chothú agus chun rochtain mhaith ar ábhar curaclaim a thabhairt agus sraith acmhainní ILAOS (Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna) in úsáid.
2. Scoláirí a chumasú agus a mhealladh le Foghlaim Phiara Chomhoibrithe: Sa leagan seo, léiríonn Gloria Enrique i Scoil an Chroí Naofa, An Tulach Mhór, conas a d'éascaigh tionscadal comhoibrithe faoi stiúir scoláirí, scoláirí Idirbhliana chun ceacht 30 nóiméad a phleanáil agus a thabhairt faoi ábhar dá rogha féin don chuid eile dá gcomhscoláirí.
3. Teangacha agus Cultúr a Iniúchadh trí Thaisteal le scoláirí ATF: Sa leagan seo, d'oibrigh Elena O'Halloran i gColáiste Merlin, Gaillimh, le scoláirí ATF chun turas fíorúil chuig tíortha ina labhraítear an sprioctheanga a phleanáil, ag cur san áireamh foghlaim teanga, taiscéalaíocht chultúrtha agus litearthacht dhigiteach. Cothaíonn an tionscadal idirdhisciplíneach obair foirne, agus saoránacht domhanda trí thascanna teagmhálacha, bunaithe ar an saol mar atá a dhéanamh.

## Tionchar:

- Teoiric agus Cleachtadh a thabhairt le chéile: Cuidíonn an tsraith le hoideachasóirí bogadh ó phlé teoiriciúil go straitéisí praiticiúla, trí léiriú conas a aistríonn oideolaíocht agus polasaí go cleachtas ranga.
- Cur le Foghlaim Ghairmiúil: Faigheann múinteoirí rocháin dhíreach ar mhodheolaíochtaí seanbhunaithe, ag tacú le FGL féinstiúrtha agus machnamh pearsanta.
- Nuálaíocht a Spreagadh: Cumasaíonn na heiseamláirí múinteoirí le triail a bhaint as cuir chuige nua, rud a chuireann le torthaí foghlama agus le suim na scoláirí.




## Na chéad chéimeanna eile:

- Déan pleanáil agus foilsigh leaganacha breise de Spotsolas ar Scoileanna in 2025
- Déan iniúchadh ar fhéidearthachtaí na sraithe, agus leathnaigh é chun dea-chleachtas i réimsí eile a léiriú, gairmthreoir mar shampla

# Scéim na Múinteoirí Spáinnise ar Cuairt

Tugadh áit do 2 Mhúinteoirí

## Léargas ginearálta:

Is comhaontú idir an Roinn Oideachais in Éirinn agus an Aireacht Oideachais agus Cultúir sa Spáinn í Scéim do Mhúinteoirí Spáinnise ar Cuairt. Ba í an scoilbhliain 2024-2025 an ceathrú bliain den chlár in Éirinn.

## Príomhaidhmeanna:

- Aghaidh a thabhairt ar easpa múinteoirí cáilithe Spáinnise in Éirinn
- Tacú leis an gcuraclam i scoileanna na hÉireann trí fholúntais do mhúinteoirí Spáinnise a líonadh le hoidí Spáinneacha atá ardoilte
- An deis a thabhairt do scoláirí in iar-bhunscoileanna na hÉireann cumarsáid a dhéanamh agus idirghníomhú le caintoirí dúchasacha Spáinnise
- Tacú le scoileanna agus caidrimh agus malartuithe á bhforbairt acu le scoileanna na múinteoirí Spáinnise ar cuairt

## Gníomhaíocht:

D'oibrigh TIBÉ i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Consejería de Educación, a dhéanann ionadaíocht don Aireacht Oideachais Spáinneach thar lear, agus iad ag roghnú múinteoirí agus scoileanna. Chuir scoileanna agallaimh ar iarrthóirí ón ngearrliosta, agus cheap siad an t-iarrthóir is fearr a mheaitseáil a gcritéir roghnaithe. Thug TIBÉ clár ionduchtaithe do na múinteoirí agus thacaigh siad leo leis an bpáipéarachas riachtanach. Anuas air sin, thacaigh TIBÉ leis na múinteoirí ar cuairt i rith na scoilbhliana ina gcuid scoileanna óstacha.

Fágann an ghéarchéim lóistín reatha go raibh sé an-deacair ar na múinteoirí teacht ar áit chónaithe, rud a chiallaigh nach raibh na hiarrthóirí ar fad a roghnaíodh in ann páirt a ghlacadh sa chlár. Ag an am céanna, tá fianaise ann go bhfuil an ganntanas múinteoirí Spáinnise ag laghdú mar go raibh roinnt scoileanna rannpháirteacha ábalta múinteoirí a fhostú atá lonnaithe in Éirinn, rud a d'fhág gur tharraing siad amach as an scéim.

## Tionchar:

Cé go bhfuil an t-aiseolas ó scoileanna an-dearfach, tá sé ag éirí níos soiléire go bhfuil comhthéacs na scéime ag athrú. Agus é seo á chur san áireamh, tá sé socraithe ag an Roinn Oideachais agus Consejería de Educación, sos a ghlacadh don scéim don scoilbhliain 2025-26.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh ag tacú le seachadadh an chláir don scoilbhliain 2024-25
- Déan iniúchadh ar dheiseanna eile comhoibrithe

# FCÁT – Foghlaim Chomhtháite Teanga agus Ábhair

Gníomh. 1.E.3

| 40 múinteoir | 24 scoil | 4 Aoichainteoir ITE | 150 aighneacht chomhdhála |
|---|---|---|---|

## Léargas ginearálta:

Is cur chuige oideachasúil é FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teangacha) ina ndírítear ar dhá phointe agus a chomhtháthaíonn foghlaim teanga agus foghlaim ábhair, rud a thugann eispéireas saibhreas oideachais do scoláirí.

Tá TIBÉ chun tosaigh go leanúnach i gcur chun cinn agus cur i bhfeidhm FCÁT do theangacha iasachta in Éirinn, ag obair go comhoibríoch le páirtithe leasmhara, ag tacú le scoileanna agus ag leathnú deiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí.

## Príomhaidhmeanna:

- Cuir chun cinn cleachtais FCÁT in Éirinn trí fhoghlaim ghairmiúil agus comhoibriú.
- Comhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara a láidriú chun cur chuige aontaithe a bhunadh i leith FCÁT i gcás NTI, Gaeilge agus ábhair eile.
- FGL spriocdhírithe agus áiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí agus scoileanna ina bhfuil FCÁT in úsáid.
- Ceannaireacht na hÉireann in FCÁT a léiriú ag leibhéil idirnáisiúnta, san áireamh ansin FCÁT Domhanda 2025 a óstáil.

## Gníomhaíocht in 2024

**Comhoibriú Scaipthe agus Taighde**

In 2024, thug TIBÉ faoi iarrachtaí sonracha chun torthaí thuairisc mheasúnaithe 2023 ó scéim phíolótach náisiúnta FCÁT a scaipeadh. Roinneadh na torthaí seo leis na príomhpháirtithe leasmhara, Grúpa Comhairleach Teangacha Iasachta (FLAG) san áireamh, ag cinntiú comhpháirtíocht agus comhoibriú i nuálaíochtaí foghlama teanga a thiomáint chun tosaigh in Éirinn.

Anuas air sin, comhoibrigh TIBÉ le lucht acadúil, an tOllamh Kim Bower agus an Dr Dee Rutgers, le páipéar dár teideal 'Dearcthaí Foghlaimeoirí ar Nuálaíocht Náisiúnta FCÁT i dTeangacha Iasachta in Éirinn, in Fronteirs in Education mar chuid den ábhar taighde FCÁT Beyond the Frontiers.

Cuireann an foilseachán seo béim ar leagan píolótach den nuálaíocht churaclaim FCÁT, dírithe ar spreagadh i bhfoghlaim teanga a fheabhsú do scoláirí Idirbhliain idir 15 agus 16 bliana d'aois. Thóg an staidéar sonraí ó mheasúnú turgnamhach ina ndírítear ar an gceist taighde: Cad iad dearcthaí foghlaimeoirí de bheith ag foghlaim trí chuir chuige FCÁT i modúl náisiúnta píolótach?

Dearbhaíonn an taighde seo féidearthacht FCÁT chun eispéiris foghlama teanga a shaibhriú, ach cuireann sé béim fosta ar an ngá atá le comhoibriú leanúnach, forbairt churaclaim agus tacaíocht do mhúinteoirí.









**FCÁT Domhanda 2025**

In 2024, rinne TIBÉ, mar aon le comhghleacaithe ó Ollscoil Mhá Nuad agus Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, iarratas ar chomhdháil FCÁT Domhanda a óstáil. Beidh sé ar siúl ar an 13ú agus 14ú Meitheamh 2025. Tugann an comhdháil seo, a bhíonn ar siúl gach dara bliain, lucht acadúil, cleachtóirí, agus lucht déanta polasaithe le chéile ó gach cearn den domhan chun taighde agus cleachtas a roinnt.

Príomhghníomhaíochtaí:

- Glaoch ar pháipéar seolta, agus fuarthas breis agus 150 iarratas ar pháipéar, 11 póstaer agus 3 mholadh siompóisiam ó 26 tír
- Coiste éagsúil cláir a bhunú, chun clár oibre ar ardchaighdeán a chinntiú
- Comhoibriú le páirtithe idirnáisiúnta agus Éireannach le cinntiú go léiríonn an chomhdháil na forbairtí is déanaí in FCÁT, agus go n-aibhsítear forbairtí na hÉireann sa réimse

**Comhoibriú le Páirtithe Leasmhara**

Neartaigh TIBÉ comhpháirtíocht le Oide, COGG agus CNCM in 2024 chun comhthuiscint agus comhchur chuige a fhorbairt. Tá mar aidhm ag an gcomhoibriú seo:

- Sineirge a chruthú i dtionscadail a thacaíonn le scoileanna FCÁT a chur i bhfeidhm
- Comhfhís a fhorbairt do FCÁT a thugann buntáistí do NTI, don Ghaeilge agus do mhúinteoirí ábhair eile
- Tacú le scoileanna le cinntiú go dtagann cleachtais FCÁT le creata curaclaim agus straitéisí náisiúnta

**Caidreamh le Mic Léinn Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)**

Rinne TIBÉ teagmháil le mic léinn OTM in 2024 trí léachtaí spriocdhírithe ó aoichainteoirí, agus tábhacht múinteoirí an todhchaí a ullmhú:

- Thug trí aoiléacht, inar díríodh ar bhunús oideolaíochta FCÁT agus a chur i bhfeidhm i seomraí ranga na hÉireann, ag Ollscoil Luimní mar chuid den Mhodúl ar Cuir Chuige Nuálacha
- D'éascaigh aoiléacht in Ollscoil Mhá Nuad, ag tabhairt isteach tacaí TIBÉ do mhúinteoirí agus ag déanamh iniúchta ar mhodheolaíochtaí FCÁT

Bhí mar aidhm sna himeachtaí seo inspioráid a thabhairt do mhúinteoirí an todhchaí cleachtais FCÁT a chomhtháthú ina dteagasc agus aibhsíodh ról TIBÉ maidir le tacaíocht a thabhairt do mhodheolaíochtaí nuálacha teagasc teanga.






**FGL Múinteoirí Inseirbhíse**

Sa Bhlain 2024, d'fhreastail an líon ba mhó múinteoirí in seirbhíse ar FGL FCÁT de chuid TIBÉ. Ghlac 40 múinteoir páirt in imeacht FGL thar dhá lá, ina raibh:

- Seisiúin comhoibrithe chun eispéiris agus dea-chleachtas a roinnt
- Ceardlanna ar áiseanna FCÁT a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Deiseanna líonraithe a raibh comhoibriú idir scoileanna agus tionscadail chomhchruthaithe áiseanna mar thoradh orthu

D'fhág na múinteoirí an FGL le straitéisí praiticiúla chun FCÁT a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga, agus le líonrú gairmiúil níos láidre chun tacú le forbairt leanúnach.

### Tionchar:

- Tharraing glaoch ar pháipéar do FCÁT Domhanda 2025 aird domhanda agus cothaíodh comhoibriú idirnáisiúnta dá bharr.
- Comhoibriú neartaithe idir TIBÉ, Oide, COGG agus CNCM, rud a bhunaigh comhfhís do FCÁT in ábhair éagsúla, agus a bheidh tairbheach do scoileanna ar fud na tíre.
- Chinntigh an teagmháil le mic léinn OTM go mbeidh múinteoirí an todhchaí ar an eolas faoi mhodheolaíochtaí FCÁT, rud a chuirfidh le hinbhuanaitheacht chleachtais FCÁT in Éirinn.
- Léiríonn an rannpháirtíocht in FGL inseirbhíse an tsuim atá ag fás, agus an tiomantas i measc múinteoir FCÁT a thógáil ar bord, agus torthaí sonracha, amhail áiseanna nua agus comhpháirtíocht idir scoileanna.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Tá TIBÉ fós tiomanta FCÁT a chur chun cinn in Éirinn, ag cinntiú go mbíonn an cur chuige nuálach do foghlaim teanga agus ábhair tairbheach do mhúinteoirí agus scoláirí araon.
- Lean leis an bpleanáil agus cur chun cinn do FCÁT Domhanda 2025, le cinntiú go mbeidh sé ar ardchaighdeán agus go meallann sé rannpháirtíocht domhanda.
- Tabhair chun críche áiseanna a forbraíodh trí chomhoibriú le Oide, COGG agus CNCM agus scaip iad.
- Leathnaigh tacaíocht do mhúinteoirí inseirbhíse le seisiúin théamacha FGL agus ceardlanna forbartha áiseanna.
- Méadaigh an caidreamh le soláthraithe OTM chun FCÁT a neadú níos fearr fós i gclár oideachais múinteoirí.
- Neartaigh meicníochtaí aiseolais ó scoileanna agus múinteoirí le cinntiú go mbíonn tograí TIBÉ freagrúil fós ar riachtanais an domhain oideachais, atá ag fás.



## Sprioc 1 – Ag Dul Chun Cinn

Leanfaidh TIBÉ leis an obair le hambasáidí chun uasoiliúint teanga, agus deiseanna FGL do mhúinteoirí a mhéadú. Leanfaimid freisin ag cur uasoiliúint teanga ar fáil do mhúinteoirí a bhfuil cáilíocht acu i dteanga ach nach bhfuil á teagasc faoi láthair, agus ag tairiscint scéim mhaoinithe na comhairle múinteoireachta maidir le heasnamh sna critéir chlárúcháin do mhúinteoirí a bhfuil creidiúintí is easnamh acu chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Cuirfidh siad seo go mór leis an toilleadh sa chóras. Caithfear fiosrú a dhéanamh freisin ar bhealaí chun cláir Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus nasc-chúrsaí a sholáthar ar mhaithe le soláthar a dhéanamh do na teangacha curaclaim tearctheagasctha.

De réir mar a leanann an Roinn Oideachais ag cur le líon na gCúntóirí Teangacha Iasachta, leanfaidh TIBÉ ar aghaidh ag cur acmhainní agus tacaíocht ar fáil chun rath agus feabhsú leanúnach na scéime a chinntiú agus oibreoidh sé leis an Roinn chun cuir chuig nuálacha a fhiosrú chun cabhrú le scoileanna i gceantair iargúlta CTI a fháil dá scoláirí. Fiosrófar freisin deiseanna chun an clár comhlántach Cúntóirí Béarla a threisiú tuilleadh mar mhodh chun cumas teangacha iasachta a fhorbairt don earnáil oideachais agus níos faide i gcéin. Thabharfadh an taighde tosaigh maidir leis an scéim seo le fios go bhfuil scóip ann chun cumas teangacha a fhorbairt agus toilleadh breise a chur le gairm na múinteoireachta i gcomhthéacs an chláir seo le torthaí a thabharfadh le tuiscint go dtéann 42% de rannpháirtithe an chláir isteach i ngairm na múinteoireachta. D'fheabhsaigh beagnach gach duine acu a leibhéal inniúlachta i dteanga na tíre a ndeachaigh siad chuici, agus dúirt 62% go mbeadh suim acu cuidiú chun na buntáistí a bhaineann le foghlaim teangacha iasachta a chur chun cinn agus mar sin ní mór oibriú ar chórais chun an acmhainn seo a threisiú.

Bealach chun tacú le soghluaisteacht scoláirí i gcomhthéacs malartuithe scoile is ea maoiniú Erasmus+, agus is deis é beocht a chur i dteangacha trí ionchur agus úsáid teanga atá barántúil a chur ar fáil. Bealach tábhachtach FGL is ea cláir soghluaisteachta múinteoirí arna n-éascú ag Erasmus+. Tosóidh TIBÉ ag bogadh ón Maoiniú do Mhalartuithe Scoile a chur ar fáil agus déanfaidh siad scoileanna a spreagadh chun cur isteach ar mhaoiniú Erasmus+ chun tacú leis an ngníomhaíocht thábhachtach seo. Spreagfaidh TIBÉ múinteoirí chomh maith chun leas a bhaint as deontais i gcomhair uasoiliúint teanga.

Tá rannpháirtíocht mhaith ag múinteoirí i bPobail Chleachtais agus tá TIBÉ ag freagairt d'aiseolas ó mhúinteoirí trí níos mó grúpaí sainspéise agus teanga a éascú. Ag dul ar aghaidh, ní mór don chomhoibriú le páirtithe leasmhara tábhacht agus luach na líonraí d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí a threisiú agus leanfar den fhiosrú ar chórais chun a chinntiú gur féidir leis na líonraí iad féin a choinneáil ag dul.


Leanfaidh TIBÉ ar aghaidh ag taispeáint eiseamláirí dea-chleachtais i ngach teanga agus ag soláthar acmhainní agus ranganna teagaisc ábhartha ar theicneolaíochtaí digiteacha chun caighdeán an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú. Tá Intleacht Shaorga (IS) ina gné thábhachtach anois sa chomhthéacs seo, agus táimid tiománta d'fhiosrú a dhéanamh ar úsáid na hintleachta saorga mar acmhainn chun cabhrú le teagasc agus foghlaim NTI.

Ní mór FCÁT a leathnú agus a thabhairt isteach i mblianta luatha na hiar-bhunscolaíochta, agus mar chuid de thabhairt isteach teangacha iasachta i gcuraclam na bunscoile. Chuirfeadh sé seo ar chumas na scoláirí dul i ngleic leis an sprioctheanga i gcomhthéacsanna fiúntacha atá lán den ábhar, ag cur dlús le foghlaim teanga agus as a dtiocfaidh feabhas ar inniúlacht agus líofacht teanga gan tionchar diúltach a imirt ar fhoghlaim an ábhair. Tacóidh modheolaíocht FCÁT freisin le foghlaimeoirí le Béarla/Gaeilge mar theanga bhreise acu rochtain a fháil ar an gcuraclam, rud a chinntíonn oideachas ardchaighdeáin dóibh agus a laghdaíonn éagothroime.

Caithfear leanúint den chomhoibriú le páirtithe leasmhara a bhí ina ghné mhór d'obair na bliana 2024, agus é a mhéadú, chun dea-chleachtas a roinnt agus a scaipeadh agus chun iniúchadh a dhéanamh ar réimsí breise don fhorbairt.

Tá sé mar aidhm ag **Sprioc 2** éagsúlú a dhéanamh ar na teangacha a fhoghlaimítear, iad a mhéadú, agus teangacha na nua-Éireannach a chur chun cinn. Tá sé seo á thabhairt isteach ag TIBÉ trí úsáid a bhaint as múinteoirí cuartaíochta; soláthar teangacha tearctheagasctha, agus múnlaí éagsúla seachadta a phíolótú, amhail ranganna roinnte i measc scoileanna, foghlaim chumaisc, gearrchúrsaí, ranganna Idirbhliana agus Ardteistiméireachta, agus scoileanna a spreagadh na teangacha a chuireann siad ar fáil a éagsúlú trí scéim bhreise leithdháilte.

Cuirtear creat cuimsitheach FGL agus tacaíocht ar fáil chomh maith chun cabhrú le múinteoirí leis seo. Tá Sprioc 2 á chur i bhfeidhm ag leibhéal na bunscoile chomh maith tríd an modúl samplach bunscoile, 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' a éascú. Tugadh 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' isteach sa scoilbhliain 2021/2022 i gcomhthéacs forbairtí ag an leibhéal bunscoile, agus tá sé mar aidhm aige gach rud a chur i dtreo thabhairt isteach na Nuatheangacha Iasachta i gCuraclam na Bunscoile ó 2025 ar aghaidh. Cuirtear deis ar fáil do bhunscoileanna rannpháirteacha leis an modúl chun gnéithe d'fheasacht teanga agus chultúrtha a thabhairt isteach taobh le foghlaim teangacha.Is gné thábhachtach den obair seo a tugadh isteach in 2024 é uasoiliúint i dteangacha iasachta a chur ar mhúinteoirí bunscoile.



# SPRIOC 2

## ROGHNÚ NA dTEANGACHA A FHOGHLAIMÍTEAR A ÉAGSÚLÚ AGUS A MHÉADÚ AGUS TEANGACHA NA nÉIREANNACH NUA A CHOTHÚ

## Léargas ginearálta:

Tá mar aidhm ag TIBÉ éagsúlú agus méadú a dhéanamh ar roghnú teangacha trí thograí éagsúla, soláthar múinteoirí taistil san áireamh, agus soláthar teangacha tearctheagasctha san iar-bhunscoil agus teangacha a tugadh isteach le déanaí.

Éascaíonn TIBÉ raon múnlaí solúbtha seachadta, ranganna roinnte thar scoileanna san áireamh, foghlaim chumaisc, gearrchúrsaí, ranganna Idirbhliana agus Ardteistiméireachta ar líne agus aghaidh ar aghaidh ar an Satharn. Tá TIBÉ tiomanta tacaíocht, áiseanna agus deiseanna do mhúinteoirí agus scoláirí araon dul i ngleic leis na teangacha seo agus iad a fhoghlaim.

## Príomhaidhmeanna:

- Deiseanna foghlaim teangacha, nach bhfuil ar fáil do scoláirí i scoileanna, a sholáthar, agus roghnú na dteangacha a tugadh isteach le déanaí agus teangacha tearctheagasctha a mhéadú.
- Cothromaíocht rochtana ar theangacha, nach bhfuil ar fáil i mórán scoileanna de bharr easpa tairseach chriticiúil, a sholáthar, agus raon múnlaí in úsáid, foghlaim chumaisc, ranganna roinnte, ranganna ar an Satharn agus ar líne agus córas leithdháilte breise, san áireamh.
- Déan taighde ar na múnlaí éagsúla soláthair chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt bhreise soláthair teangacha.
- Tabhair deis do scoláirí, a labhraíonn teanga seachas Gaeilge nó Béarla sa bhaile, acmhainn a dteanga bhaile agus/a dteanga oidhreachta a choinneáil agus a fhorbairt trí rochtain a thabhairt ar ranganna Ardteistiméireachta, agus go n-aithneofaí an cumas seo, rud a thabharfaidh rochtain níos leithne ar chonair oideachais.
- Spreag scoileanna chun teangacha a ofráiltear do scoláirí a éagsúlú, agus chun freagracht a ghlacadh as ábhair nua teangacha, ar bhealach a thacaíonn le inbhuanaitheacht fhadtéarmach.
- Cuir feabhas ar cháilíocht sholáthar na dteangacha a tugadh isteach le déanaí agus teangacha tearctheagasctha i scoileanna trí tacú le múinteoirí agus trí chuidiú leo le cur i bhfeidhm i gcreat cuimsitheach FGL, agus meantóireacht, a thacaíonn le teagasc agus foghlaim éifeachtach, ionchuimsitheach agus mealltach.
- Tabhair deis do scoláirí Idirbhliana tabhairt faoi theanga nua.

## Oifigigh Forbartha TIBÉ

Fostaíonn TIBÉ 51 Oifigeach Forbartha chun na teangacha a tugadh isteach le déanaí, leithéidí Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis agus Portaingéilis a theagasc i scoileanna ar fud na hÉireann. Is múinteoirí cáilithe iad na hOifigigh Forbartha seo a sheoltar chuig scoileanna ar bhonn taistil lasmuigh den chuóta.

Is féidir smaoineamh air seo mar nasc-chlár a chuireann ar chumas scoileanna ábhair nua teangacha a thabhairt isteach le riosca beag agus  acmhainní a chur ar fáil. Áit a bhfuil rath ar an soláthar, is féidir le scoileanna an múinteoir a fhostú agus leithdháileadh breise in úsáid, scéim eile éascaithe ag TIBÉ, tugtar cur síos air thíos.

Tugtar sonraí sa tábla thíos ar an líon Oifigeach Forbartha fostaithe ag TIBÉ do gach teanga, agus an líon scoileanna a múinteoir gach teanga ann.

| Teanga | Oifigeach Forbartha (Múinteoirí) | Scoileanna (seachas ranganna ar an Satharn de chuid TIBÉ) |
|---|---|---|
| Sínis | 6 | 42 |
| Seapáinis | 18 | 27 |
| Cóiréis (Modúl Idirbhliana) | 1 | 8 |
| Liotuáinis | 1 | 1 |
| Polainnis | 15 | 21 |
| Portaingéilis | 4 | 8 |
| Rúisis | 4 | 3 |
| Rómáinis | 2 | N/A (Ranganna ar an Satharn amháin) |
| **Iomlán** | **51** | **110** |

## Soláthar Teangacha Ionscoile

Éascaíonn TIBÉ éagsúlacht na dteangacha a sholáthraítear i scoileanna trí dheis a thabhairt do scoileanna teangacha breise a chur leis an gcuraclam gan an leithdháileadh rialta a úsáid. Cuirtear ar chumas scoileanna mar sin teanga nua a thriail sula ngabhann siad chucu féin í. Tugtar rogha níos fearr teangacha do scoláirí, rud a fhreastalaíonn ar ábhair spéise agus cumais éagsúla, agus tugtar aghaidh ar míchothromaíocht i soláthar teangacha. Níl ach beagán múinteoirí ar fhoirne scoile a bhfuil de chumas acu na teangacha a tugadh isteach le déanaí a theagasc agus tá soláthar i scoileanna ag brath ar an soláthar seachtrach seo, ar a laghad go luath sa phróiseas agus an teanga á neadú agus á bhunú sa scoil.

## An tSraith Shóisearach

Sa bhliain acadúil 2024-25, lean soláthar teangacha sa tSraith Shóisearach ag fás, rud a thug deiseanna breise do scoláirí tabhairt faoi raon leathan teangacha. Faoi láthair, tá na teangacha a leanas á múineadh ag Oifigigh Forbartha TIBÉ ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí in 12 iar-bhunscoile, sin 590 scoláire san iomlán:

| Teanga | Scoláire na Sraithe Sóisearaí | Scoileanna |
|---|---|---|
| Sínis | 243 | 3 (2 i gCorcaigh, 1 i mBaile Átha Cliath) |
| Seapáinis | 57 | 2 scoil i mBÁC |
| Polainnis | 290 | 7 (4 i mBÁC, 1 i gCorcaigh, 1 i gCiarraí Kerry, 1 in Uíbh Fhailí) |
| **Iomlán** | **590** | **12 Scoileanna** |

Tugann tabhairt isteach teangacha breise ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí in oideachas iar-bhunscoile, go leor buntáistí do scoláirí, scoileanna agus an córas oideachais níos leithne. Ina measc tá:

- Feidhmiú acadúil níos láidre – éiríonn níos fearr le scoláirí ilteangacha in ábhair éagsúla, tairbhe á baint acu as scileanna inaistrithe amhail litearthacht agus cumarsáide bhreise.
- Feasacht chultúir agus ionchuimsitheacht – cothaíonn foghlaim teanga cumas idirchultúrtha, agus cuidíonn sé le scoláirí tuiscint a fháil ar éagsúlacht agus comhthuiscint a fhorbairt dóibh siúd ó chultúir éagsúla.
- Folláine bhreise – do chainteoirí teangacha oidhreachta, neartaíonn sé a bhféiniúlacht agus a suaimhneas anseo nuair a bhíonn an deis acu staidéar a dhéanamh ar a dteanga bhaile taobh istigh den chóras scolaíochta, rud a mbíonn tionchar dearfach aige ar fholláine.
- Ullmhú le haghaidh gairmeacha amach anseo – tá geilleagar na hÉireann ag éirí níos domhanda, agus is bua sárthábhachtach é ilteangacha i réimse leithéidí gnó, teicneolaíocht agus taidhleoireacht. Cuireann taithí arna teangacha seo go luath ina saol go mór le deiseanna sa ghairm.

## Idirbhliain

I rith na bliana acadúla 2024-25, d'éascaigh TIBÉ ranganna teanga Idirbhliana in 82 scoil, rud a chruthaigh deis do 7,744 scoláire Idirbhliana teanga nua a fhoghlaim. Tá suas le trí theanga i roinnt scoileanna, le tacaíocht ó TIBÉ. Is féidir na teangacha a soláthraíodh a fheiceáil sa tábla thíos.

| Teanga | Scoláire Idirbhliana | Scoil |
|---|---|---|
| Sínis | 1,906 | 42 |
| Seapáinis | 2,177 | 27 |
| Cóiréis | 380 | 8 |
| Liotuáinis | 157 | 1 |
| Polainnis | 1,352 | 19 |
| Portaingéilis | 444 | 8 |
| Rúisis | 176 | 3 |

- Cothaíonn na modúil teanga san Idirbhliain meas, caoinfhulaingt, agus tuiscint ar chultúir eile, rud a chuireann le cumas níos leithne idirchultúrtha agus feasacht domhanda.
- Chuir aoichainteoirí ó na hambasáidí agus áisíneachtaí cultúrtha cuí doimhneacht agus mealltacht leis an eispéireas foghlama. Rinne scoláirí iniúchadh ar ábhar leithéidí cuisine, na healaíona traidisiúnta, agus cultúr comhaimseartha, rud a chuir lena dtuiscint ar chultúr na sprioctheanga taobh amuigh den seomra ranga.
- Cuireadh fáilte ar leith roimh ghníomhaíochtaí ar nós cluichí, agus plé ar chultúir eile, rud a chuir éagsúlacht agus oiriúnacht leis an eispéireas foghlama.
- Cothaíonn ranganna i dteangacha oidhreachta do chainteoirí neamhdhúchasach in iar-bhunscoileanna tuiscint thrasteorann agus cuimsiú. Faigheann scoláirí blaiseadh de dhearcthaí éagsúla cultúrtha nuair a fhoghlaimíonn siad teangacha nua, rud a chuireann lena solúbthacht agus scileanna cumarsáide idirchultúrtha.

## Ardteistiméireacht (Soláthar Ionscoile)

Éascaíonn TIBÉ éagsúlacht na dteangacha a sholáthraítear i scoileanna trí dheis a thabhairt do scoileanna teangacha breise a chur leis an gcuraclam gan an leithdháileadh rialta a úsáid. Cuirtear ar chumas scoileanna mar sin teanga nua a thriail sula ngabhann siad chucu féin í. Tugtar rogha níos fearr teangacha do scoláirí, rud a fhreastalaíonn ar ábhair spéise agus cumais éagsúla, agus tugtar aghaidh ar míchothromaíocht i soláthar teangacha. Níl ach beagán múinteoirí ar fhoirne scoile a bhfuil de chumas acu na teangacha a tugadh isteach le déanaí a theagasc agus tá soláthar i scoileanna ag brath ar an soláthar seachtrach seo, ar a laghad go luath sa phróiseas agus an teanga á neadú agus á bunú sa scoil.

Tugtar deis do scoláirí dul i ngleic le hoidhreacht shaibhir cultúrtha agus eolas a fháil ar shochaithe san Áis nach raibh rochtain acu air roimhe seo, nuair a fhoghlaimíonn siad teangacha nach raibh ar fáil go traidisiúnta sa churaclam Ardteistiméireachta i scoileanna in Éirinn, mar shampla Seapáinise agus Mandairínis. Tugtar deis dóibh greim a fháil ar theanga a d'fhéadfadh rochtain a thabhairt dóibh ar fhorbairtí agus ar scileanna teicneolaíochta a thabharfaidh taithí ar rudaí nua dóibh agus a ullmhóidh iad don chomhthéacs domhanda taobh amuigh den Eoraip.

Spreagtar gluaiseacht i dtreo oideachais ilteangach sna ranganna i dteangacha oidhreachta agus/nó teangacha baile a labhraíonn scoláirí ar scoil, a éascaíonn TIBÉ. Comhtháthaítear snáithe ilteangach i sonraíochtaí agus curaclaim nua teanga, rud a spreagann scoláirí chun tarraingt ar áiseanna teanga iomadúla. Tacaíonn an cur chuige seo le foghlaim teanga níos cuimsithí agus tá sé ag teacht le spriocanna náisiúnta agus Eorpacha le cumas ilteangach a bhaint amach.

Cuireann tacaíocht TIBÉ do chur i bhfeidhm na teangacha seo i scoileanna, ní hamháin le héagsúlacht teanga sa chóras oideachais na hÉireann, ach tugann sé aitheantas foirmeálta dá bhféiniúlacht teanga do chainteoirí teangacha oidhreachta fosta. Cuireann sé seo le díograis scoláirí, neartaíonn sé scileanna liteartha, agus tacaíonn sé le coinneáil na scoláirí seo ar scoil. Do chainteoirí teangacha oidhreachta, osclaítear deiseanna breise oideachais nuair a bhíonn siad ábalta staidéar a dhéanamh ar a dteanga don Ardteistiméireacht, go háirithe i gcomhthéacs rochtain a fháil ar ardoideachas de bharr iad a bheith ábalta na riachtanais iontrála a bhaint amach.

Léirítear sa tábla thíos an líon scoláirí a dhéanann staidéar, ag leibhéal na hArdteistiméireachta, le hOifigigh Forbartha TIBÉ.

| Teanga | Scoláirí |
|---|---|
| Sínis | 52 |
| Seapáinis | 242 |
| Polainnis | 78 |
| **Iomlán** | **372** |

Gné shuimiúil de sholáthar ranganna Polainnise is ea gur thug sé deiseanna breise le haghaidh scoláirí ón Úcráin teanga a fhoghlaim a bhfuil na struchtúir ghramadaí agus stór focal céanna acu is atá ag Úcráinis, agus méadaíodh dá bharr sin roghanna tríú leibhéal dóibh, mar go bhfuil ábhar breise acu atá níos sothuigthe dóibh.

Cuidíonn sé leo trí thógáil ar a gcuid scileanna teanga cheana féin nuair a fhoghlaimíonn siad Polainnis, agus méadaítear ar a muinín i bhfoghlaim teanga go ginearálta. Agus naisc staire agus cultúir idir an Pholainn agus a Úcráin, cuidíonn sé le scoláirí ón Úcráin a bheith níos nasctha lena gcultúr féin agus naisc thábhachtach shóisialta a chothú sa phobal agus iad ag dul i daithi ar an saol in Éirinn, má fhoghlaimíonn siad Polainnis.

## Maoiniú Tionscadail: Soláthar ionscoile Rómáinis neamhchuraclaim don Ardteistiméireacht

Tacaíonn TIBÉ fosta le soláthar ranganna Rómáinise chun tuilleadh scoláirí a spreagadh litearthacht ina dteanga oidhreachta nó baile a choinneáil agus a fhorbairt, trí bhíthin tacaíocht airgid do scoileanna chun múinteoir Rómáinise a earcú áit a bhfuil tairseach chriticiúil scoláirí a labhraíonn Rómáinis ag freastal uirthi.

Sa bhlain 2024, tugadh maoiniú do thrí iar-bhunscoil i mBaile Átha Cliath, rud a chuir ar a gcumas ranganna a thabhairt do bhreis agus 150 scoláire, agus ábhair chuí a cheannach. Thacaigh na ranganna seo le scoláirí ullmhú le haghaidh scrúdú neamhchuraclaim Rómáinise san Ardteistiméireacht.

## Ranganna ar an Satharn

Éascaíonn TIBÉ ranganna ar an Satharn chun tacú le scoláirí ar mian leo teangacha curaclaim, nach múintear chomh minic céanna a dhéanamh don Ardteistiméireacht, teangacha nach mbíonn fáil acu orthu ina ngnáthshuíomh scoile. Lérítear sa tábla thíos na ranganna teanga agus an líon scoláirí a bhí cláraithe i mí Meán Fómhair 2024.

**Ranganna ar an Satharn**

| Language | Ranganna ar an Satharn | Scoláirí | Suíomh |
|---|---|---|---|
| Sínis | 7 | 128 | BÁC, Corcaigh, Ar líne |
| Seapáinis | 6 | 115 | BÁC, Corcaigh, Ar líne |
| Liotuáinis | 1 | 38 | BÁC |
| Polainnis | 8 | 195 | BÁC, Corcaigh, Gaillimh, Ar líne |
| Portaingéilis | 2 | 41 | Ar líne |
| Rómáinis | 4 | 132 | BÁC |
| Rúisis | 5 | 99 | BÁC, Gaillimh, Ar líne |
| **Iomlán** | **33** | **748** | |

Cuirtear ranganna ar fáil i raon teangacha ar líne agus in ionaid i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh, de ghnáth maidin Sathairn. Freastalaíonn beagán faoi 750 scoláire orthu, i 33 grúpa ranga de scoláirí 5ú agus 6ú bliana. Tugadh isteach rang nua ar líne don Rúisis i Meán Fómhair 2024 chun freastal ar éileamh réigiúnach. Tá éileamh mór ar Shínis fosta, agus cuireadh dhá ghrúpa don chúigiú bliain ar fáil ar líne. Cuirtear an curaclam iomlán Ardteistiméireachta i bhfeidhm i ngach rang.

### Tionchar:

- Méadaíodh ar an líon scoláirí cláraithe don scoilbhliain 2024-25 go 748 scoláire cláraithe do ranganna ar an Satharn, curtha ar fáil ag TIBÉ i Meán Fómhair 2024. San áireamh san uimhir seo, tá clárúcháin nua don chúigiú bliain mar aon le scoláirí atá ag filleadh ar an 6ú bliain.
- Tugtar deis do scoláirí rochtain a fháil ar ábhar Ardteistiméireachta nach bhfuil ar fáil ina scoileanna.
- Tugtar rochtain ar chothromaíocht soláthair do scoláirí a bhfuil cónaí orthu i gceantar nach bhfuil mórán daoine ina gcónaí ann, mar go gcuirtear ar a gcumas ullmhú le haghaidh teanga churaclaim nó neamhchuraclaim nuair nach bhfuil tairseach chriticiúil ná múinteoir ar fáil.

- Bíonn deis ag scoláirí teanga bhreise iasachta a dhéanamh don Ardteistiméireacht, rud a bhíonn deacair uaireanta rochtain a fháil air taobh istigh d'amchlár scoile.
- Bíonn an deis ag scoláirí, a bhfuil teanga oidhreachta acu, tabhairt faoi ábhar don Ardteistiméireacht, a thugann deis dóibh a gcumas i dteanga aitheanta, rud a fhágann rochtain níos leithne ar chonairí oideachais acu.
- Tugtar tacaíocht do scoláirí le caomhnú na teanga baile, rud a thacaíonn le folláine scoláirí, agus tionchar aige ar thorthaí acadúla.
- Is gné thábhachtach de na ranganna ar an Satharn é forbairt ar chumas ilteangach agus ilchultúir. Spreagann sé seo aontacht shóisialta agus cuimsiú foghlaimeoirí teanga oidhreachta agus neamhoidhreachta.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh ag cur ranganna ar fáil ar an Satharn i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, agus i nGaillimh
- Lean ar aghaidh ag leathnú ranganna ar líne chun freastal ar scoláirí nach bhfuil in ann rochtain a fháil ar ranganna ar an láthair mar gheall ar an áit a bhfuil cónaí orthu
- Leanúint le fiosrú a dhéanamh ar mhúnlaí nuálacha soláthair chun tacú le cothabháil na teanga baile agus le héagsúlú acmhainn teangacha iasachta

## Ullmhú le haghaidh Scrúduithe Ardteistiméireachta

Mar aon leis an raon soláthar ranga, cuireann TIBÉ tacaí spriocdhírithe Ardteistiméireachta ar fáil don scoláirí. I Samhain 2024, ghlac 82 scoláire sa chúigiú agus séú blianta páirt sa chéad sheisiún ullmhúcháin ar líne le haghaidh scrúduithe do scoláirí Ardteistiméireachta a raibh suim acu scrúdú in ábhar teanga faoi leith a dhéanamh, sa chás seo, Rúisis. Chlúdaigh an seisiún struchtúr an scrúdaithe Rúisise san Ardteistiméireacht, agus bhí sé dírithe ar iarrthóirí nach raibh teagasc de dhíth orthu sa teanga, ach a mbeadh sé tairbheach dóibh tacaíocht a fháil chun tuiscint a fháil ar struchtúr an pháipéir scrúdaithe.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh ag cur ranganna ar fáil ar an Satharn i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, agus i nGaillimh
- Lean ar aghaidh ag leathnú ranganna ar líne chun freastal ar scoláirí nach bhfuil in ann rochtain a fháil ar ranganna ar an láthair mar gheall ar an áit a bhfuil cónaí orthu
- Lean le hiniúchadh a dhéanamh ar mhúnlaí nuálacha soláthair chun tacú le cothabháil na teanga baile agus le héagsúlú acmhainn teangacha iasachta

## Polainnis na hArdteistiméireachta, Tionscadal Foghlama Cumaisc

Tionscadal comhoibríoch idir Teangacha iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ), Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (CMETB), agus H2 Learning is ea Polainnis na hArdteistiméireachta, Tionscadal Foghlama Cumaisc. Leis na comhpháirtithe seo, tá TIBÉ tar éis cúrsa iomlán Pholainnis na hArdteistiméireachta a chur ar fáil i sé scoil de chuid CMETB trí mhúnla foghlama cumaisc. teangacha féin a labhairt agus an cumas seo a chothabháil.

Dearadh an cúrsa le bheith múinte thar 180 uair an chloig, in dhá bhliain acadúil. Meascann sé ranganna ar líne, ranganna féinstiúrtha agus ranganna aghaidh ar aghaidh i scoileanna rannpháirteacha.

**Tá na scoileanna BOOCM a leanas tar éis páirt a ghlacadh ann ó Mheán Fómhair 2024:**

- Coláiste Dún an Rí, Dún an Rí, Co. an Chabháin
- Coláiste Naomh Mogue, An Bábhún Buí, Co. an Chabháin
- Coláiste Breifne, Co. an Chabháin
- Coláiste Beech Hill, Muineachán
- Coláiste Inver, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin
- Coláiste Naomh Bricín, Béal Tairbit, Co. an Chabháin

Chuir CMETB gléasanna, nascacht, Microsoft 365, agus tacaíocht Microsoft Teams ar fáil chun rannpháirtíocht na scoláirí sna ranganna ar líne a éascú. Tugann TIBÉ agus H2 Learning forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do mhúinteoirí foghlaim chumaisc na Polainnise. Tá FGL leanúnach tábhachtach chun scileanna cuí agus muinín a thabhairt do ríomhMhúinteoirí chun ceachtanna a bhainistiú agus a sheachadadh go héifeachtacht, agus an formáidí nua seo in úsáid, ina bhfuil raon straitéisí teagasc cuimsitheach a oireann do stíleanna foghlama agus riachtanais éagsúla.

Oibríonn an cur chuige foghlama cumaisc go maith ó thaobh dhearcadh na scoláirí de. Mothaíonn siad thar a bheith compordach leis an meascán de ranganna ar líne, ranganna ar an láthair agus gníomhaíochtaí féinfhoghlama. Mar chuid den chur chuige cumaisc, eagraíodh lá amuigh do na scoláirí in Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Tanagh.

Dearadh an lá chun eispéiris foghlama thumthacha a chur ar fáil a chuirfeadh lena n-aistear foghlama teanga. Mhothaigh na ríomhMhúinteoirí agus ríomhMheantóirí bunaithe i scoileanna go raibh ról tábhachtach ag an lá i neartú na nasc idir iad agus a gcuid scoláirí.

### Tionchar:

- Fuair 44 scoláire rochtain ar chúrsa foghlama cumaisc do Pholainnis na hArdteistiméireachta sa bhliain dheireanach acadúil.
- Fuair TIBÉ saineolas agus taithí ar mhodheolaíochtaí foghlama cumaisc a bheidh mar bhonn eolais d'fhorbairt cúrsaí foghlama cumaisc do theangacha eile amach anseo.
- Thug an tionscadal seo braistint do scoláirí go dtugtar dearbhú dá gcultúir agus go gcuimsítear iad laistigh de phobal na scoile, ag aithint luach a dteanga agus a gcultúir.
- Léirigh na scoláirí ardleibhéal suime agus spreagthacht, bhain siad sult as an eispéireas foghlama, agus léirigh siad tiomantas don staidéar ar a dteanga bhaile.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Spreag soláthar agus cur i bhfeidhm an mhúnla foghlama cumaisc i dtuilleadh scoileanna amach anseo, ag cur ar chumas líon sonrach cainteoirí imirce a dteanga oidhreachta a choinneál agus litearthacht a fhorbairt ann.
- Lean de bheith ag feabhsú an tionscadail bunaithe ar aiseolas ó na scoláirí, ríomh-mhúinteoirí, ríomh-mheantóirí agus scoileanna.
- Scéalta ratha an tionscadail a scaipeadh agus ról a thabhairt do na rannpháirtithe chun an tionscadal seo a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara ábhartha amhail Ionaid Oiliúna agus Bhreisoideachais eile, Ag Foghlaim le Chéile, srl.









STUDY
POLISH
IN OUR
SCHOOL



WĄSY
KAPELUSZ
BYK
MASKA
PIZZA




bali - boli - bili - były
DYSKUTUJEMY
JAK SIĘ
UCZYMY?
PISZEMY
MÓWIMY


Polish
Day


11.11.
NARODOWE
ŚWIĘTO
11.11
POLISH
INDEPENDENCE


ZIMA
W
Polsce
Pogoda zimie




Hanbok
Fashion Show













사랑해요













## Leithdháileadh Breise do Scoileanna chun tacú le héagsúlú i Soláthar Teangacha Iasachta

Ligeann leithdháileadh breise d'iar-bhunscoileanna uaireanta tiomnaithe a chur ar fáil chun teangacha agus teangacha tearctheagasctha a sholáthar, cinn a cuireadh le curaclam na hArdteistiméireachta le déanaí, chun críche éagsúlacht i soláthar teangacha iasachta. Don bhliain acadúil 2024/25, tá an leithdháileadh breise ar fáil do na teangacha Iodáilis, Seapáinis, Rúisisnis, Polainnis agus Portaingéilis. Chun gur féidir scoil clárú, caithfidh múinteoirí cláraithe iar-bhunscoile a bheith ar fáil chun na teangacha a theagasc.

Sa bhliain acadúil 2024/25, fuair 17 scoil leithdháileadh breise ar uaireanta, méadú ón 14 scoil sa bhliain acadúil 2023/24. Féach sonraí sa tábla thíos:

| Teanga | Scoláirí |
|---|---|
| Sínis | 6 |
| Seapáinis | 4 |
| Liotuáinis | 1 |
| Mandairínis | 1 |
| Polainnis | 4 |
| Rúisis | 1 |
| **Iomlán** | **17** |

Tá sé theanga éagsúla san áireamh sa scéim. Bhain 71 rang scoláirí ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain tairbhe as an soláthar ar fud na tíre. Tugtar tacaíocht do scoileanna leis an tacaíocht ar ábhar nua trí chuairteanna ó bhaill fhoireann Teagaisc agus Foghlama TIBÉ.

### **Tionchar:** Leithdháileadh breise

- Tá an líon iomlán scoileanna sa scéim tar éis méadú go 17.
- D'fhostaigh ceithre scoil beirt mhúinteoirí: beirt don Pholainnis, duine don Iodáilis, agus duine don Liotuáinis.
- Sna scoileanna a bhfuil leithdháileadh breise acu cheana, táthar tar éis ranganna agus bliainghrúpaí breise a thabhairt isteach – is é 71 an líon iomlán rang scoláirí atá ag baint tairbhe as an leithdháileadh breise.

### **Na Chéad Chéimeanna Eile:** Leithdháileadh breise


- Déan athbhreithniú iomlán in 2025 ar an Scéim Leithdháilte Breise mar bhealach chun teangacha a tugadh isteach le déanaí agus teangacha tearctheagasctha a neadú go hinbhuanaitheacht sa scoil agus chun tacú le héagsúla soláthair.
- Cuir na deiseanna i gCiorclán 0006/2020 chun cinn, agus éascaigh leithdháileadh breise do bhreis scoileanna sa chéad bhliain acadúil eile.
- Lean leis an tacaíocht spriocdhírithe do scoileanna.

**Tionchar Iomlán Soláthar Teanga:** Méadú sa rannpháirtíocht i dteangacha a chuireann TIBÉ ar fáil

Tá méadú leanúnach, bliain i ndiaidh bliana, tar éis teacht ar an líon scoláirí a thugann faoi scrúduithe Ardteistiméireachta sa Liotuáinis, Mandairínis, Portaingéilis agus Polainnis, ó tugadh isteach iad mar theangacha curaclaim, mar a léirítear sa ghraf thíos.

Tháinig méadú suntasach ar an líon scoláirí a rinne an scrúdú Ardteistiméireachta sa Rúisis in 2024, agus iomlán de 855 i gcomparáid le 521 in 2023.

Fás sa líon iarrthóirí Ardteistiméireachta 2021-2024



**Aiseolas ó Scoláirí**

*'Bhí foghlaim Cóiréise trí chluichí agus gníomhaíochtaí cultúrtha thar a bheith spraíúil! Ba é dúshlán liricí K-pop an ceann ab fhearr liom – rinne sé foghlaim stór focal an-spreagúil, agus d'éirigh gach duine an-iomaíoch!'*

*'Ba dhuine an-chabhrach agus tacúil é mo mhúinteoir Polainnise i rith an chúrsaa.'*

*'Ba iad na gníomhaíochtaí ab fhearr liom i rith an chúrsa seo ná na ceachtanna faoi chultúr agus traidisiúin na Polainne. D'fhoghlaim mé go leor rudaí i rith na ranganna sin mar níl an oiread sin eolais agam ar mo chuid fréamhacha. Bhí na ranganna ar struchtúr na teanga ar fheabhas freisin.'*

*'Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as an deis seo a thabhairt dúinn mar tugann sé ábhar breise dom don Ardteist agus ligeann sé dom foghlaim faoi mo theanga dhúchais.'*

*'Shíl mé go mbeadh foghlaim Sínise cosúil le puzal a réiteach gan na píosaí ar fad. D'fhág cleachtaí cainte agus ról-imirt, mar shampla conas bia a ordú nó treoracha a lorg, d'fhág siad sin go raibh sé i bhfad níos fusa agus an-spraíúil.'*

*'Tá Sínis tar éis mo mhuinín a mhéadú go mór. I rith ár dturas, d'éirigh liom bia a ordú liom féin, agus thuig mé ag an nóiméad sin cé chomh fad is atá mé i ndiaidh teacht. Spreag sé mé tuilleadh a hoghlaim fiú!'*

*'Tá foghlaim Sínise tar éis cumhacht teanga daoine a nascadh a thaispeáint dom. Bhí sé an-spreagúil a fheiceáil cé mhéad a bhí mé ábalta a chur in iúl agus cé chomh réalaíoch is a mhothaigh an fhoghlaim.'*

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh ag tacú le soláthar ag gach leibhéal, ag díriú ar chlár Ardteistiméireachta a leathnú ach freisin ar sholáthar breise teangacha nua Idirbhliana do scoileanna nua in 2025
- Cuir le deiseanna FGL chun foghlaim neamhspleách agus machnamh proifisiúnta a spreagadh i measc múinteoirí
- Earcaigh  múinteoirí nua agus cuir oiliúint orthu
- Lean ar aghaidh leis an gcomhoibriú le soláthraithe OTM le soláthar múinteoirí i ngach teanga curaclaim a chinntiú
- Lean leis an athbhreithniú ar sholáthar agus ar na háiseanna a cruthaíodh do na modúil Idirbhliana
- Déan taighde chun iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar do scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais orthu

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus Tacaí d'Oifigigh Forbartha TIBÉ

Gníomh. 2.E.1
2.E.5

50 múinteoir TIBÉ | 11 seisiún FGL

### Léargas Ginearálta:

Tá creataí bunaithe ag TIBÉ chun tuiscint múinteoirí ar an gcuraclam agus ar mhodheolaíochtaí a oireann do chomhthéacsanna cur i bhfeidhm ábhar teanga nua a fhorbairt. San áireamh ann, tá soláthar forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus seisiúin traenála, tionscadail aonair agus grúpa, cuairteanna scoile agus breathnú ranga, pobail chleachtais, agus meantóireacht agus foghlaim féinstiúrtha chun tacú le múinteoirí teangacha nua agus teangacha tearctheagasctha.

I rith 2024, choinnigh TIBÉ a thiomantas chun tacaíocht leanúnach a ofráil do mhúinteoirí teangacha nua agus teangacha tearctheagasctha. Tugadh FGL in idirghníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh agus i seisiúin ar líne, ag tabhairt aghaidh ar raon ábhair, leithéidí dul i dtaithí ar shonraíochtaí nua teanga, AI a úsáid sa teagasc, agus comhoibriú piara agus folláine a chur chun cinn.

Tá gá le bogadh ó FGL atá treoraithe ón lár go cur chuige comhoibrithe a fhreastalaíonn ar riachtanais iomadúla múinteoirí, mar gheall ar chastacht a tugadh isteach in TIBÉ. Ba ghrúpa éagsúil múinteoirí a thug isteach é i gcomhthéacs taithí sa ghnáth-theagasc agus foghlaim, taithí ar theicneolaíocht agus IS, eolas ar chomhthéacsanna éagsúla teagaisc agus foghlaim (aghaidh ar aghaidh, ar líne, foghlaim chumaisc) mar aon le riachtanais faoi leith i dteangacha éagsúla.

### Príomhaidhmeanna:

- Cur le soláthar teangacha agus é a choinneáil
- Tacú le tabhairt isteach na sonraíochtaí nua teanga don Ardteistiméireacht
- Tacú le riachtanais múinteoirí maidir le FGL, comhoibriú le piaraí agus folláine
- Tacú le múinteoirí chun ranganna teanga a chur ar fáil i láthair go pearsanta, ar líne mar aon le ranganna cumaisc
- Tabhair aghaidh ar na riachtanais atá á bhforbairt maidir le AI a úsáid sa teagasc agus san fhoghlaim

### Gníomhaíocht:

I rith 2024, d'eirigh le Oifigigh Forbartha TIBÉ fás sonrach gairmiúil a bhaint amach trí FGL agus togtra comhoibrithe. Ina measc bhí:

- Ionduchtú agus traenáil do mhúinteoirí nua
- Dearadh agus cur i bhfeidhm triailscrúduithe
- Rannpháirtíocht i gcruinnithe SLAR
- Imeachtaí agus ceardlanna scoilbhunaithe
- Áiseanna a chruthú chun cur le taithí scoláirí ar na teangacha a tugadh isteach le déanaí
- Seisiúin Phobail Chleachtais teanga-dhírithe
- Seisiúin FGL teanga-dhírithe
- Meantóireacht leanúnach

Chun tacú le riachtanais éagsúla múinteoirí i gcomhthéacsanna ar líne agus foghlaim chumaisc, rinneadh gníomhaíochtaí FGL a struchtúrú timpeall ar dhá chroí-shnáithe:

(i) Chun múinteoirí nua a thabhairt ar bord ar líne, bhí bunscoileanna agus straitéisí ón teagasc éifeacht ar líne sna seisiúin. I measc na n-ábhar, bhí láithreacht a chruthú, múnlaí teagaisc ar líne, blocanna tógála agus pleanáil, boird rogha agus seinnliostaí, ról an mhúinteora ar líne, agus measúnú agus machnamh. Bhí mar aidhm sna ceardlanna seo uirlisí riachtanacha a thabhairt do na múinteoirí nua, mar aon le muinín chun tabhairt faoi thimpeallachtaí foghlama ar líne go héifeachtach.

(ii) Chun uasoiliúint a chur ar mhúinteoirí reatha, dhírigh sna hábhair ar chur le tacar sainscileanna múinteoirí a bhfuil taithí acu agus iad a thabhairt suas chun dáta. Tugadh aghaidh sna seisiúin seo ar chomhtháthú ard-teicneolaíochtaí , IS san áireamh, sa teagasc agus foghlaim teanga. I measc na dtopaicí bhí teicneolaíocht nua a leasú chun tacú le teagasc teanga, measúnú leanúnach do chomhthéacsanna ar líne, agus difreáil agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim i suíomhanna ar líne. Spreag na seisiúin seo múinteoirí chun a gcleachtas a bheachtú, agus chun cuir chuige nuálacha a iniúchadh chun foghlaimeoirí a mhealladh.

Anuas ar an méid thuas, bhain an dá ghrúpa múinteoirí tairbhe as tacaíocht le scileanna idirchultúrtha agus teanga a chomhtháthú, agus le cumais ilteangach a chothú. Chuir an cur chuige uilíoch seo, a ghlac múinteoirí ar bord, le cumas na scoláirí iad fin a thumadh sa teanga agus cultúr cuí.

Tá cuairteanna scoile agus breathnú ranga riachtanach go fóill chun tacú le múinteoirí nua socrú isteach. Tá cur chuige scoile uile tar éis a bheith lárnach sa tacaíocht seo, le treoir ar oideolaíocht san áireamh agus forbairt ábhair a éascú trí chruinnithe le bainistíocht scoile agus na comhghleacaithe, mar shampla Comhordaitheoirí NTI, Múinteoirí Gairmthreorach, agus Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais. Tá forbairt ábhair agus inbhuanaitheacht tar éis a bheith aitheanta mar réimsí tábhachtacha le aghaidh a thabhairt orthu in imeachtaí FGL.

Is cuid lárnach de FGL iad seisiúin ar líne ar ábhair a gcuireann an pobal suim iontu, ansin Pobail Chleachtais ginearálta agus teanga-dhírithe, ionchorprú comhoibrithe piaraí agus breathnú. Tugadh cuireadh do mhúinteoirí a bhfuil taithí acu a saineolas a roinnt agus cuir chuige a bhfuil rath orthu a léiriú, agus tugann múinteoirí nua léargais agus dearcthaí úra ar theagasc agus foghlaim. Tháinig gá le díriú ar chur le rannpháirtíocht scoláirí i seomraí ranga fisiciúla agus fíorúla chun tosaigh mar thosaíocht thábhachtach sna seisiúin seo.

I gcomhthéacs teicneolaíocht oideachasúil, eagraíodh ceardlanna agus clinicí a leanann astu chun tacú le múinteoirí dul i ngleic le modheolaíochtaí teagaisc cumaisc agus ar líne, inar díríodh ar chur i bhfeidhm praiticiúil agus inscálaitheacht. Tugadh isteach ceithre cheardlann IS breise chun freastal ar an riachtanas atá ag fás, agus ag clúdach leibhéil éagsúla chomhtháithe in IS mar aon le cur i bhfeidhm praiticiúil sa teagasc agus san fhoghlaim.

### Tionchar:

- Mothaíonn múinteoirí go bhfuil tacaíocht acu le cuairteanna scoile agus breathnú ranga.
- Cuirtear luach ar FGL agus ceardlanna speisialta mar go bhfuil siad oiriúnach i ndomhan an oideachais atá ag forbairt.
- Tá béim san aiseolas ar an éifeacht a bhaineann le tacaíocht spriocdhírithe, comhoibrithe, agus oiriúnaitheach a sheachadadh, d'fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí.

## Aiseolas FGL

*'Thug an seisiú forbairt ábhair eolas tábhachtach nach raibh ar eolas agam go dtí anois, agus go leor smaointe praiticiúla chun comhoibriú níos éifeachtaí a dhéanamh le comhghleacaithe scoile. Tá sé go hiontach a mothú go bhfuil an oiread sin tacaíochta againn.'*

*'Osclaíodh mo shúile sa seisiún IS! Tá mé chun iarracht a dhéanamh é a úsáid chun mo phleanáil ceachta a chuíchóiriú. Bhí sé thar a bheith praiticiúil agus úsáideach láithreach. Go raibh maith agat!'*

*'Chuir an cheardlann ar Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim ag féachaint ar mo phleananna ceachta ar bhealach difriúil. Chuidigh sé liom a aithint conas is féidir liom iad a dhéanamh níos inrochtana do mo scoláirí, agus b'fhéidir go dtiocfaidh laghdú ar an méid oibre a bhíonn ar siúl agam.'*

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh ag tacú le múinteoirí i rith chur i bhfeidhm na dteangacha curaclaim a tugadh isteach le déanaí
- Spreag rannpháirtíocht sa traenáil atá ar fáil i scoileanna agus eile
- Lean leis an gcomhoibriú le múinteoirí agus iad ag aistriú ó bheith ina rannpháirtithe in FGL go dtí bheith ina gcruthaitheoirí ábhair
- Forbair saineolas múinteoirí i raon leathan réimsí tuilleadh







Chríochnaigh 16 múinteoirí an clárúchán in 2024

## Léargas ginearálta:

Ba chloch mhíle shonrach d'oideachas teanga in Éirinn é oscailt chlárú don Chomhairle Mhúinteoireachta in Eanáir 2023 do theangacha a tugadh isteach le déanaí. Tacaíonn an chéim seo le gairmiúlacht agus le haitheantas múinteoirí teangacha a tugadh isteach le déanaí agus teangacha tearctheagasctha a cáilíodh go hidirnáisiúnta, ag cinntiú go múintear na hábhair seo ag múinteoirí cáilithe. Tugann sé critéir fosta chun soláthar Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) a phleanáil sna teangacha seo.

## Príomhaidhmeanna:

- Tacaigh le clárú agus le hionduchtú múinteoirí atá cáilithe go hidirnáisiúnta do theangacha a tugadh isteach le déanáí (Mandairínis, Polainnis, Liotuáinis, Portaingéilis) agus teangacha curaclaim tearctheagasctha (Seapáinis, Rúisis)
- Tabhair aghaidh ar an nganntanas náisiúnta múinteoirí cáilithe sna teangacha seo
- Cinntigh forbairt ábhair inbhuanaithe agus cuir chun cinn folláine múinteoirí trí thacú leo leis an bpróiseas clárúcháin
- Tar le polasaithe náisiúnta agus AAE ar aitheantas gairmiúil agus caighdeán oideachais

## Gníomhaíocht:

- Comhoibrigh leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun tacú le próisis chláraithe múinteoirí. D'eagraigh an Chomhairle Mhúinteoireachta seisiún eolais dírithe ar mhúinteoirí TIBÉ agus oifigigh forbartha chun na critéir chláraithe a mhíniú, chun riachtanais cáipéisí a shoiléiriú, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhuairimh múinteoirí.
- Tugadh treoir agus meantóireacht do mhúinteoirí a bhí ag déanamh a mbealach trí chastachtaí an chláraithe i gcruinnithe agus seiceáil isteach rialta. Tugadh tacaíocht do mhúinteoirí sna seisiúin seo na cáipéis cuí a fháil agus a dhearbhú, agus thairg míniú saincheaptha ar an bpróiseas cláraithe, ag tabhairt aghaidh ar dhifríochtaí teanga, cultúrtha agus córais.
- Chomhoibrigh le líonraí gairmiúla múinteoirí cuí (m.sh. Múinteoirí Polainnise na hÉireann) agus institiúidí cultúrtha (m.sh. Institiúid Confucius don Mhandairínis) chun eolas a scaipeadh go héifeachtach agus chun tacaíocht dírithe ar mhúinteoirí imirce teanga a thabhairt.
- D'fhoilsigh páipéar taighde ar oideachas tosaigh múinteoirí in Éirinn a bhunú do theangacha ón Áis (https://doi.org/10.35903/teanga.v31i.7643).
- Chomhoibrigh TIBÉ le páirtithe leasmhara chun acmhainn teagaisc agus foghlama breise a fhorbairt trí Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM), cláir i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL), cuir i láthair acadúla, agus feachtais feasachta.

- Éascú ar an bpróiseas ionduchtaithe d'fhoireann teagaisc ón Institiúid Confucios ar cuairt in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, agus cuairt agus seimineár a éascú le mic léinn ar an gcúrsa MA i dTeagasc na Sínise i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Soláthar FGL agus tacaíocht ghairmiúil do mhúinteoirí inseirbhíse agus d'ábhair oidí in OTM.

### Tionchar:

- Chríochnaigh 16 múinteoirí an clárú in 2024 (2 tSeapánaigh, 6 Sínigh, 7 ón bPolainn, 1 ón bPortaingéil).
- Tá cúigear múinteoirí faoi láthair ag dul trí phróiseas ionduchtaithe Droichead.
- Aitheantas feabhsaithe do mhúinteoirí atá cáilithe go hidirnáisiúnta, rud a chothaíonn deiseanna le haghaidh comhtháthú agus seasmhacht poist amach anseo.
- Inbhuanaitheacht feabhsaithe ar sholáthar teanga trí mhúinteoirí cáilithe a aimsiú, rud a chinntíonn go mbeidh na hábhair seo ar fáil i scrúduithe stáit, mar aon le rannpháirtíocht láidir i measc scoláirí a choinneáil.
- Folláine feabhsaithe i measc múinteoirí mar gheall ar rochtain a fháil ar chlárú.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh ag tacú le múinteoirí clárú a chríochnú agus le hionduchtú.
- Mol athruithe i gcritéir Droichead chun comhthéacsanna éagsúla teagaisc a léiriú, mar shampla cuairteanna agus foghlaim chumaisc, agus chun cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint.
- Leathnaigh deiseanna chun forbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanamh chun tacú le múinteoirí teangacha a tugadh isteach le déanaí.
- Comhoibrigh le páirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar bhaic chórasach ar sholáthar múinteoirí, ar chlárú agus ar fhostaíocht.

# Campaí Teanga Samhraidh

Gníomh 2.D.5
2.E.3
2.F.1

6 Champa    121 Scoláire

## Léargas ginearálta:

Tugann TIBÉ maoiniú le haghaidh campaí samhraidh do scoláirí iar-bhunscoile i dteangacha tearctheagasctha agus i dteangacha oidhreachta. Bíonn na campaí seo, a mhaireann coicís, ar siúl i rith an tsamhraidh agus eagraíonn daoine gairmiúla iad, agus múineann siad iontu, i raon teangacha, in ionaid ar fud na tíre. Tugann siad deis do scoláirí feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga trí ranganna teanga, mar aon le meascán spórt agus ranganna cultúir a múintear sa sprioctheanga.

## Príomhaidhmeanna:

- Scoláirí a spreagadh chun a dteanga oidhreachta a choinneáil agus a fhorbairt, agus na teangacha seo a dhéanamh san Ardteistiméireacht.
- Spreag scoláirí chun teanga thearctheagasctha a thógáil don Ardteistiméireacht.
- Scoláirí a chur ar an eolas faoi sholáthar na dteangacha seo sna hInstitiúidí Ardoideachais.

## Gníomhaíocht:

In 2024, bhí sé champa ar siúl, ag tabhairt deis do scoláirí páirt a ghlacadh i ranganna teanga agus i ngníomhaíochtaí cultúrtha i Sínis, Iodáilis, Seapáinis, Liotuáinis agus Polainnis. Bhainistigh ceithre ollscoil campa samhraidh, ag tabhairt scoláirí iar-bhunscoile go dtí an campas chun coicís a chaitheamh ag foghlaim teanga a tugadh isteach le déanaí nó teanga thearctheagasctha. Ba é 2024 an séú bliain do na campaí samhraidh seo. Is é cúram TIBÉ maoiniú a bhainistiú do na campaí samhraidh, comhairle a thabhairt, agus cuidiú le bailiú an aiseolais orthu, bhí na comhordaitheoirí freagrach as fógraíocht a dhéanamh ar na campaí, scoláirí a chlárú, agus an clár a leagan amach. Mar aon le ranganna teanga, déanann na scoláirí raon gníomhaíochtaí cultúir agus spóirt mar a léirítear thíos:

**Sínis in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan**
I nDún Dealgan, rinne na scoláirí Sínis, scríbhneoireacht, péinteáil, ceol traidisiúnta, déanamh domplagán, cluichí tábla traidisiúnta, gearradh páipéir, buncheacht ar Qigong, agus turas chuig comhlacht déantúsaíocht Síneach WuXi. Ar an lá deireanach, taispeánadh an obair a rinneadh i dtaispeántas, mar aon le taibhiú do thuismitheoirí, aíonna ó Ambasáid na Síne agus bainistíocht shinsearach ó DKIT.

**Sínis in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), Port Láirge**
I bPort Láirge, d'fhoghlaim scoláirí faoin tSínis agus scríbhneoireacht, faoi challagrafaíocht na Sínise, ceoldrámaí tradisiúnta na Síne, agus taispeántas cócaireachta Síneach. Rinne siad tráthanna na gceist agus cluichí cultúrtha, d'fhéach siad ar scannán Sínise, agus d'imir siad leadóg tábla agus ficheall. Thug siad cuairt ar Ghairdíní Mount Congreve, áit a bhfuil Pagóda Síneach. Tá suim ag roinnt scoláirí anois staidéar a dhéanamh ar an tSínis in SETU agus téarma a chaitheamh sa tSín.

**Iodáilis in Ollscoil na Gaillimhe**
I nGaillimh, d'fhoghlaim scoláirí Iodáilis, chruthaigh siad maisc don charnabhal Veinéiseach, d'fhoghlaim siad geáitsí láimhe Iodálacha, fuair siad amach faoi ealaíon i bhflórans, agus chruthaigh siad píosa ealaíne grúpa Botticello, rinne siad pizza Iodálach, d'fhéach siad ar scannán Iodálach, chuir siad fotheidil le cartúin agus rinne siad athghuthú orthu, agus rinne siad cleachtadh don seó deireanach.

**Seapáinis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**

I mBaile Átha Cliath, d'fhoghlaim scoláirí Seapáinis agus faoin gcultúr. Bhain siad triail as manga Seapánach, drumadóireacht Taiko, bhí lá spóirt Seapánach acu, thriail siad origami agus bhain siad sult as turas chuig na Gairdíní Seapánacha ag Graí Náisiúnta na hÉireann. Bhí taibhiú Taiko acu ar an lá deireanach.

**Polainnis sa Chabhán**

Sa Chabhán, bhí ábhar éagsúil acu gach lá, ina measc Nicoluas Copernicus, mná cáiliúla na Polainne, ealaíontóir Jan Matejko; lá spóirt agus cuir i láthair ar lúthchleasaithe na Polainne, filí náisiúnta, scannáin Polannacha, agus mar sin de. Bhí picnic acu ar an lá deireanach, cluichí, both grianghraf, teastais agus duaiseanna.

**Liotuáinis i Muineachán**

Rinne scoláirí iniúchadh ar mhiotaseolaíocht, stair, traidisiúin, ceol agus damhsa, rinne siad t-léinte, agus chuir siad éadaí traidisiúnta orthu féin, bhain siad triail as potadóireacht, bhí seisiúin chócaireachta acu, lá spóirt, d'fhéach siad ar scannán Liotuáinise, chuaigh siad chuig músaem na ndaoine agus chuir siad fáilte roimh ambasadóir na Liotuáine.



Campa Samhraidh Sínise
















Campa
Samhraidh
Iodáilise









Campa
Samhraidh
Seapáinise











Campa Samhraidh Polainnise









Campa Samhraidh Liotuáinise









### Ráitis ó na scoláirí...

*'Sílim gurb é an campa is fearr a d'fhreastail mé air riamh, agus beidh sé deacair ceann níos fearr a fháil!*

*(Campa Seapáinise i mBaile Átha Cliath)*

*Bhí an campa go hiontach, an ceann is fearr a raibh mé ann riamh*

*(Campa Polainnise sa Chabhán)*

*Thaitin an chócaireacht Shíneach líoma gus an turas go Mount Congreve. Is maith liom cócaireacht mar ssin bhí sé suimiúil dom foghlaim conas mias Síneadh a dhéanamh agus bhí sé an-mhaith. Bhí an turas go maith mar go raibh an ceantar go hálainn, agus bhí an foirgneam go hálainn.*

*(Sínis i bPort Láirge)*

*An ghníomhaíocht is fearr ná dul go Wuxi, oibríochtaí comhlacht mór a fheiceáil – bhí sé sin suimiúil agus oideachasúil. Agus foghlaim conas Sínis a scríobh.*

*(Sínis i nDún Dealgan)*

*Bhain mé an-sult as an gcampa seo agus mholfainn é do gach duine a bhfuil grá acu don tSeapáin. Sílim gurb é an campa i fearr a d'fhreastail mé air riamh, agus bheadh sé deacair ceann níos fearr a fháil.*

*(Campa Seapáinise i mBaile Átha Cliath)*

*Póstaer a dhéanamh faoi mhaoracht sa tSeapáin, mar go raibh go leor spraoi agam taighde a dhéanamh dó agus é a chruthú le mo ghrúpa.*

*(Campa Seapáinise i mBaile Átha Cliath)*

*Ba é an rud ab fhearr faoin gcampa ná bualadh le cairde agus cairde nua a dhéanamh agus mé ag caint i mo theanga dhúchais.*

*(Campa Polainnise sa Chabhán)*

*An rud ab fhearr faoin gcampa ná an teanga a úsáid lasmuigh den teach.*

*(Campa Polainnise sa Chabhán)*

*An ghníomhaíocht ab fhearr liom ná an tráth na gceist faoi na hamhránaithe agus an turas chuig an daoniarsmalann*

*(Campa Liotuáinise i Muineachán)*

*An rud is fearr faoin gcampa ná na cairde a rinne mé ar n mbealach*

*(Campa Liotuáinise i Muineachán)*

*An rud ab fhear faoin gcampa ná bualadh le daoine nua agus Taiko – drumadóireacht Seapánach*

*(Campa Seapáinise i mBaile Átha Cliath)*

### Tionchar:

- Tá scoláirí a bhfuil teanga oidhreachta acu níos muiníní ag úsáid a dteanga tar éis an champa.
- Thug na campaí a bhí ar siúl ar champas deis na cúrsaí teanga san Institiúid Ardoideachais áirithe sin a chur chun cinn.
- Spreagadh scoláirí, a raibh teanga thearctheagasctha á chloisteáil acu den chéad uair, leanúint léi don Ardteistiméireacht nó ag an tríú leibhéal.
- Ba é 4.7 as 5 réalta an meánrátáil a tugadh.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Lean leis na campaí samhraidh a chur chun cinn agus tacú leo i dteangacha oidhreachta agus i dteangacha tearctheagasctha in 2025.
- Spreag níos mó ollscoileanna campaí a chur ar fáil do theangacha oidhreachta agus tearctheagasctha.

# An Modúl 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' do Bhunscoileanna

Gníomh 2.E.1
2.E.3

88,400 Páiste Bunscoile | 1,350 Soil | 15 Theanga

Say Yes to Languages

## Léargas ginearálta:

Modúl samplach is ea 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha', atá ina cheathrú bliain anois. Cuireann sé deis ar fáil do bhunscoileanna rannpháirteacha gnéithe d'fheasacht teanga agus chultúrtha a thabhairt isteach taobh le foghlaim teangacha.

Cuirtear na ranganna seo ar fáil thar deich seachtaine ag múinteoirí ranga nó teagascóirí ar cuairt ag obair i gcomhar lena múinteoirí óstacha. Roghnaíonn scoileanna teanga bunaithe ar acmhainn teagaisc, déimeagrafaic, nó tosca ábhartha eile.

Tugtar faoin modúl seo ar feadh uair an chloig in aghaidh na seachtaine, laistigh de ghnáth-am ranga. Chun dul i ngleic leis an éileamh ar oiliúint, acmhainní agus teagascóirí, cuirtear an modúl i bhfeidhm i scoileanna thar dhá théarma acadúla. Tá sé ar fáil faoi láthair do pháistí ó rang 3 go rang 6. Is é €500 in aghaidh an tseomra ranga an deontas a íoctar le scoileanna, le huasmhéid €2,000 ann in aghaidh na scoile.

## Príomhaidhmeanna:

- Tarraing aird ar an raon teangacha a úsáideann a bpiaraí, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ina measc, ina scoileanna agus ina bpobail, rud a d'fhéadfadh tacú le tuilleadh cuimsithe agus tuiscint ar éagsúlacht sa phobal.
- Spreag roghnú teangacha san iar-bhunscoil.
- Cuir deiseanna ar fáil do bhreis comhoibrithe i bpobal na scoile maidir le ceiliúradh a dhéanamh ar theangacha agus ar chultúir.
- Tacú le tabhairt isteach Languages Connect, Straitéis do Nuatheangacha Iasachta san oideachas in Éirinn 2017-2026.

## Gníomhaíocht:

Le linn 2024, lean TIBÉ ag leathnú 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha'. Tá breis is 1,300 bunscoil cláraithe anois. D'fhág sé sin go raibh breis agus 88,000 páiste ar fud na tíre páirteach sa mhodúl le linn na scoilbhliana 2024/25. Bhí méadú de thart ar 150 scoil ann ón mbliain roimhe, agus rinneadh cuid mhaith scoileanna athiarratas don dara nó don tríú bliain. Ghlac thart ar 400 scoil páirt ann den chéad uair i 2024.

Bainistíonn TIBÉ na híocaíochtaí deontais do na scoileanna; cló agus seachadadh na n-áiseanna go dtí na scoileanna rannpháirteacha; éascú na seisiún oiliúna do theagascóirí, príomhoidí, agus múinteoirí ranga; cabhraíonn siad le scoileanna teacht ar theagascóirí; cuireann siad suirbhé ar phríomhoidí, múinteoirí agus teagascóirí chun aiseolas a fháil; cuireann siad feasacht ar an modúl chun cinn trí phromóisean; agus bainistíonn siad ceisteanna laethúla a bhaineann leis an modúl.

## Oiliúint Múinteoirí/Teagascóirí

D'eagraigh TIBÉ 13 cheardlann eolais agus oiliúna ar líne thar an dá théarma. Tugadh cuireadh do roinnt de na múinteoirí/teagascóirí NTI agus TCÉ a raibh taithí ar an modúl acu cur leis na seisiúin do na múinteoirí/teagascóirí nua. Tugadh cuireadh dóibh fosta freastal ar roinnt de na seisiúin tiomanta do dhea-chleachtas a roinnt, agus cur le cruthú áiseanna nua, atá ar fáil ar líne anois. Ullmhaíodh agus tugadh na seisiúin do na teagascóirí TCÉ i gcomhpháirt leis an Ionad um Staidéar Bodhar (CDS) i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ghlac breis agus 1,200 duine páirt sna seisiúin oiliúna agus eolais.

*Léirítear rogha na teangacha ó na scoileanna rannpháirteacha anseo*:*


| An Líon Scoileanna de réir Teanga | |
|---|---|
| Teangacha a roghnaíodh | Líon Scoileanna |
| Araibis | 1 |
| Ollainnis | 1 |
| Fraincis | 595 |
| Gearmáinis | 114 |
| Teanga Chomharthaíochta na hÉireann | 111 |
| Iodáilis | 28 |
| Seapáinis | 9 |
| Liotuáinis | 1 |
| Mandairínis | 5 |
| Polainnis | 10 |
| Portaingéilis | 3 |
| Rómáinis | 4 |
| Rúisis | 2 |
| Spáinnis | 498 |
| Úcráinis | 4 |

**Roghnaigh roinnt scoileanna níos mó ná teanga amháin*

## Uasdátú ar Áiseanna

**Teanga agus Teangacha sa Bhunscoil – Treoirlínte do Mhúinteoirí**

In 2024, rinneadh uasdátú ar an bhfoilseachán 'Teanga agus Teangacha sa Bhunscoil', leis an Dr. Deirdre Kirwan agus an tOllamh David Little. Tugann an treoir uasdátaithe na forbairtí curaclaim is déanaí in Éirinn agus cuidíonn sé le príomhoidí agus múinteoirí a mbealach a dhéanamh trí Churaclam Teanga na Bunscoile. Tugann na treoirlínte straitéisí chun teangacha baile na bpáistí a bhfuil Béarla mar Theanga Breise (EAL) acu, a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí ranga agus oideachas Nuatheangacha Iasachta (NTI) a chomhtháthú isteach i gcéimeanna a trí agus a ceathair den churaclam. Cuireann siad cur chuige ilteangach i dteagasc teangacha chun cinn, Gaeilge i scoileanna T2 san áireamh, agus tugann siad moltaí praiticiúla do gach céim den churaclam. Cuireadh cóip den eagrán uasdátaithe chuig gach scoil rannpháirteach i 2024.




## Eachtraí Teanga

D'fhorbair TIBÉ áis ar líne ar a thugtar 'Eachtraí Teanga'. San áireamh ann tá gníomhaíochtaí molta dírithe ar chuidiú le scoileanna agus múinteoirí timpeallacht dhearfach a chruthú chun iniúchadh a dhéanamh ar theangacha agus cultúir éagsúla. Tá dhá phríomhchuid san áis: tugann roinn amháin moltaí chun cur le timpeallacht iomlán na scoile, agus díríonn an roinn eile ar smaointe praiticiúla, úsáideacha le cur i bhfeidhm sa seomra ranga.

## Físeáin Cuir Fáilte Roimh Theangacha


Le linn 2024, d'oibrigh TIBÉ le scoileanna rannpháirteacha in 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' chun físeáin a chruthú a chuireann beocht sna gníomhaíochtaí agus a thaispeánann san fhíseán iad. Cuirtear béim sna físeáin seo ar na heispéiris shaibhre a thugann rannpháirtíocht in 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' do scoileanna, múinteoirí agus scoláirí, agus léiriú conas is féidir an modúl – agus oideachas NTI san iomlán – a chomhtháthú gan stró i gcleachtas laethúil.














Tugann siad léargais luachmhara ar na bealaí éagsúla is féidir fáilte a chur roimh theangacha. Tá na físeáin ar fáil ar leathanach speisialta teistiméireachtaí ar shuíomh gréasáin Languages Connect. Ar an leathanach sin fosta tá samplaí den bhealach inar úsáid scoileanna eile NTI go rathúil tríd an modúl 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha'.

## Aiseolas



Dála blianta eile, bailíodh aiseolas ó bhainistíocht scoileanna agus múinteoirí via suirbhéanna agus i rith cuairteanna ar scoileanna. San áireamh i gcuairteanna scoile de ghnáth, bhí breathnú ranga, comhrá le scoláirí, le múinteoirí óstacha agus le teagascóirí seachtracha, agus le hionadaithe na foirne bainistíochta.

Síleann múinteoirí go bhfuil áiseanna a chuireann TIBÉ ar fáil úsáideach, éasca le húsáid, rud a chuireann foghlaim ghníomhach chun cinn. Tuairiscíonn siad freisin go bhfuil tionchar dearfach aige sin ar theagasc agus ar fhoghlaim Gaeilge. Cuireadh feabhas ar chumarsáid le teaghlaigh mar gheall ar na bileoga a chuir TIBÉ san áireamh sa phacáiste áiseanna. Ar na bileoga sin, bhí na haidhmeanna agus na deiseanna a thugann Cuireann Fáilte Roimh Theangacha do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí.

Is féidir roinnt de na ráitis a scríobhadh go minic agus moltaí a rangú mar seo a leanas:

- Leathnaigh an modúl don scoil ar fad
- Tuilleadh áiseanna de dhíth ar mhúinteoirí i gcomhthéacs cur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile
- Tuilleadh oiliúna de dhíth ar mhúinteoirí, uasoiliúint i dteangacha iasachta san áireamh

Tá eolas déanta do phleanáil don todhchaí agus gníomhartha ag an mbailiúchán moltaí luachmhara.

### Riachtanais Uasoiliúna a Aithníodh

Sa scoilbhliain 2023/2024, bhí méadú suntasach ar líon na múinteoirí ranga a chláraigh chun an modúl a sholáthar ina scoileanna. D'ardaigh sé go breis is 200, níos mó ná méadú faoi dhó ar uimhreacha na bliana roimhe. San aiseolas a bailíodh ó scoileanna agus múinteoirí a ghlac páirt sa chéad trí bliana dá chur i bhfeidhm, aithníodh sainriachtanais don uasoiliúint in inniúlacht teangacha iasachta. Chuir foilsiú Chreatchuraclam na Bunscoile i mí an Mhárta 2023 leis na hiarratais do dheiseanna uasoiliúna dá leithéid. Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas aitheanta seo, i rith an cheathrú bliain de Cuir Fáilte Roimh Theangacha, gheall TIBÉ deiseanna oiliúna i dteangacha a thriail do mhúinteoirí bunscoile. Tugtar sonraí iomlána den scéim phiolótach sa chéad roinn eile.



### Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Lean an caidreamh le páirtithe leasmhara cuí, mar shampla:

- Comhoibriú leis An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) maidir leis an tacaíocht chéanna a thabhairt do Ghaelscoileanna is a thugtar do scoileanna T2.
- Comhoibriú leis an gComhairle Náisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) le haghaidh cruthú áiseanna le dul le foilseachán le haghaidh comhairliúcháin den dréacht-shonraíocht do Nuatheangacha Iasachta (NTI), san áireamh i gCuraclam Teanga na Bunscoile athfhorbartha.
- Comhoibriú le foireann bhunscoile Oide, i gcomhthéacs áiseanna agus tacaí a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus bunscoileanna do chur i bhfeidhm na sonraíochta NTI amach anseo.
- Tá taithí phearsanta scoileanna agus múinteoirí a ghlac páirt in Cuir Fáilte Roimh Theangacha á roinnt go fóill i sraith alt foilsithe ag INTO san iris InTouch.

## Tionchar:

- Méadú 12.5% ar an líon scoileanna rannpháirteach, ó 1,200 go 1,350 scoil
- Méadú 5% ar an líon páistí go 88,400
- Méadú 17% ar an líon múinteoirí bunscoile a thugann an modúl, go breis agus 200
- 1,200 múinteoir agus príomhoide a d'fhreastail ar sheisiúin oiliúna agus eolais

## Ráitis ó Theagascóirí ar Cuairt

*'Tá go leor náisiúntachtaí éagsúla i mo scoil, agus go minic, chuirfeadh páistí isteach ar an rang le rá cad é an focal a d'fhoghlaim siad sa Fhraincis ina dteanga féin. Bhí sé go hiontach na cosúlachtaí idir na eangacha a fheiceáil.'*

*'Tá an tSeapáinnis chomh difriúil leis an méid atá foghlamtha riamh ag tromlach na bpáistí; sin an chúis a spreag sé suim s'acu agus a chuir ar an eolas iad faoin taobh sin den domhan.'*

*Chuir mé ceist cheana ar na páistí ar mhaith leo dul go dtí an tSín. Dúirt roinnt acu nár mhaith. Anois, tá siad uilig ag iarraidh taisteal go dtí an tSín.'*

*'Mhothaigh gach páiste agus gach teanga tábhachtach, de bharr an ranga, cuireadh iad ag mothú go bhfuil siad tábhacht agus go bhfuil rud tábhachtach acu le rá. Cé gur fhoghlaim muid Spáinnis, chuir muid fáilte roimh fhocal i ngach teanga eile. Chaith mé isteach roinnt Bascaise chun spraoi a chur sa rang!!!'*

## Ráitis ó Phríomhoidí

*'Tá na páistí feasach ar na teangacha éagsúla sa phobal scoile anois, mar go bhfuil páistí cloiste agam ag cur ceist ar a chéile conas 'Dia Dhuit' a rá i dteangacha éagsúla.'*

*'Ar ár glár fógraí, tá tagairt do na teangacha a úsáid páistí ár scoile sa bhaile. Ar an gclár fógraí in aice an phríomhdhorais, tá frásaí leithéidí Dia duit, Fáilte, Nollaig Shona agus mar sin de i ngach teanga.'*

*'Tháinig tuiscint chuig na páistí nach í an Ghaeilge, ná an Béarla, an t-aon teanga a labhraítear sa bhaile in Éirinn. D'fhoghlaim siad ó chéile.'*

*'Chan an scoil ar fad véarsa as 'Oíche Chiúin' i nGearmáinis ag ceolchoirm na Nollag.'*

*' Rinne mé pointe de a thaispeáint dóibh cé chomh saibhir is atá ár saol ó bheith ag foghlaim faoinár gcultúr féin agus faoi chultúir eile.'*

## Ráistis ó Mhúinteoirí Ranga Óstacha

*'Is dóigh leo anois go bhfuil teangacha cúláilte!'*

*'Go raibh maith agat as teacht chun do chuid eolais a roinnt linn. D'fhoghlaim muid an t-uafás. Bhain muid an-sult go deo as.'*

*Bhain an rang an-sult as. Beidh sé an-tairbheach dóibh ag dul isteach sa mheánscoil an bhliain seo chugainn.'*

*'Mothaím gur athmhúcail muid meas ar an nGaeilge tar éis teanga nua a thabhairt isteach.'*

### Na chéad chéimeanna eile:

- Déan moltaí maidir le cur i bhfeidhm Cuir Fáilte Roimh Theangacha le haghaidh an cúigiú bliain in 2025/26, agus éascaigh é.
- Lean leis an éascú ar dheiseanna uasoiliúna teanga do bhunmhúinteoirí i raon teangacha.
- fhorbairt áiseanna agus straitéisí le haghaidh cur i bhfeidhm an churaclam athbhreithnithe bunscoile i NTI.



Barefield National School
@BarefieldNS
Follow
Say yes to languages started this morning in school @langsconnect_ie many thanks to Martina and Rachel for their brilliant lessons
4:08 pm · 3 Oct 2024 · 143 Views


Dualla NS
@DuallaNS
Follow
We were delighted to kick off the @langsconnect_ie 'Say Yes to Languages' Programme today with French Tutor Patricia McLoughney.
Rang 3 - 6 will learn French for 10 weeks.
Looking forward to the next 10 weeks!
11:06 am · 2 Oct 2024 · 443 Views


SPREAD YOUR WINGS AND FLY
Say Yes to Languages
Say Yes to Languages


lurgans.ias • Follow
Beagh, Galway, Ireland
lurgans.ias Rang a 3,4,5 agus a 6 are excited to Say Yes to Languages and will be starting to learn Spanish in the coming weeks. #sayyestolanguages #excited #trysomethingnew
29 w
Say Yes to Languages



redwood__ns • Follow
redwood__ns 'Say Yes to Languages' is back for the fourth year in a row 😊 This year we are learning French 🇫🇷 for ten weeks with Ute. @bramble_art #languagesinschools #sayyestolanguages
27 w
9 likes
1 October 2024
Log in to like or comment.


St.Brigids Glasnevin
Fifth and Sixth class are delighted that Francisco is back to teach Spanish as part of the Say Yes to Languages Programme.
Say Yes to Languages
Primary Sampler Module
9:47 am · 18 Sep 2024 · 471 Views


Scoil Naomh Pádraig Kanturk
@SNPKanturk
We are delighted to be taking part in the #SayYesToLanguages initiative A big Merci Beaucoup to Mrs Hartnett who is teaching us #French.
@KanturkSM
Français
Deutsch
Say Yes to Languages
9:11 pm · 19 Sep 2024 · 374 Views


Menu




#Sayyestolanguages!!!






Say Yes to Languages








Say Yes to Languages
Say Yes to Languages

# Pupils say 'Yes to Languages'

By ISABEL COLLERAN

OVER 80 pupils from Riverchapel National School in north Wexford took part in 'Say Yes to Languages' during an eight week period from January until March.

This is the third year schools have offered students this programme during the normal school timetable following its extension by the Department of Education after it was met with enthusiasm over the past two years.

"We are delighted to be bringing 'Say Yes to Languages' to Riverchapel N.S. this year. We have a variety of languages currently being used by pupils and staff and certainly recognise the benefit and importance of a module such as this. Whilst learning languages undoubtedly allows for the development of a life skill, it also helps build greater awareness of the rich and diverse cultures within our own school and local community," said Principal Martina Prendergast.

Tutors of the module are typically teachers however they may also be part of the wider school community including parents, native speakers, or other staff members. Ms Sonja McNulty delivered the module on French this year at Riverchapel N.S. and is excited to have the opportunity to share her interest in French with the pupils.

"It is a fun, interactive and engaging module which really begins to set the foundations for an ongoing positive relationship with languages. This will be of great benefit to the pupils as they continue through their education, hopefully bringing a love of language with them," said Ms McNulty.

1,200 schools across Ireland registered to take part in 2023 and 2024. In line with previous years, the module is being rolled out over three terms, with the support of Languages Connect and PPLI (Post-Primary Languages Ireland), a unit of the Department of Education.

A suite of resources has been produced including lesson plans for teachers and tutors and 'Language Passports' for all participating pupils to show their family and friend. Packs have been sent to participating schools to help support both the teaching and learning, but also awareness raising objectives of the program.

"Learning a Modern Foreign Language will form part of the primary school experience for pupils over the coming years, in line with the newly-published Primary Curriculum Framework. The future inclusion of foreign languages in the primary curriculum will be informed by the delivery of Say Yes to Languages and we look forward to another successful running of the module in 2023/24," said Minister for Education Norma Foley while speaking at the announcement of the third year of the module.

The Say Yes to Languages programme offers students between third and sixth class an introduction into a variety of modern foreign languages as well as Irish Sign Language (ISL). Over 700 schools took part in the module last year which saw Arabic, French, German, Hebrew, Italian, ISL, Japanese, Mandarin Chinese, Polish, Portuguese, Romanian, Russian, Spanish, Tamil and Ukrainian being taught across the country.

The programme looks to raise awareness among pupils of the diversity of languages being used by their peers both in school and the wider community.

Irish Independent

## Enniscorthy pupils embrace P... part of new initiative



Valentina De Sa Rodrigues and Daniel Brudnicki with the Polish la... St Aidan's Parish School, Enniscorthy. Pic: Jim Campbell.

Irish Independent

Wexford

## 80 north Wexford students say 'Yes to Languages' during exciting programme




## Tiernaboul pupils say yes to Spanish



The halls of Tiernaboul National School are echoing with excited chatter as children proudly showcase their new-found language skills.

## Gaelscoil Faithleann celebrated the last day of the 'Say Yes to Languages' eight-week French module in style last week.



...iness Sport Life Style Entert...

...olish lessons as



...nguage information leaflet and passport in

# Ambassador checks in on Killarney's Japanese scholars

## ■ Diplomat pays return visit to Two Mile CNS

**THE JAPANESE ambassador, Mr Norio Maruyama, visited Two Mile CNS last week to see how the pupils have been getting on learning his native language and culture.**

BY AUDREY REIDY

Having visited the school last May to discuss the possibility of introducing the language and culture of Japan to the senior classes at the school, the ambassador arrived back to the school to see how far the little scholars have progressed since starting to learn Japanese back in September.

Principal of Two Mile CNS Catherine Barry said ambassador Maruyama was pleasantly surprised as the pupils, delighted with themselves, were not only able to converse with him in his native language, they were also able to sing Japanese songs and show off their Japanese writing and artwork.

The pupils are taking part in 'Say Yes to Languages' - a programme that supports the implementation of Languages Connect, Ireland's Strategy for Foreign Lanugages in Education, 2017-2026.

The 'Say Yes to Languages' programme is delivered to pupils from Third to Sixth Class and runs for eight hours, over a period of eight weeks. Participating schools are eligible for a grant from the Department of Education of €400 per classroom, up to a maximum of €1,600 per school.

The Japanese Embassy is keen to promote Japanese language and culture in Ireland and to strengthen links between the two countries and it has been proven that are many advantages to learning languages at a young age - as children see connections between various languages and learn about different cultures.

Principal Mr Barry said: "Two Mile CNS is a multi-denominational school and the children are very open to learning about different languages and cultures. We are all very excited to learn about Japan and to experience a language that is so different from the languages that we speak. We thank Ambassador Maruyama for his interest and encouragement and for taking the time to visit us."



WELCOME: His Excellency Maruyama Norio, Ambassad... being welcomed to Two Mile NS by principal Catherine... November 26, with l-r: Andrew Horan, Jan Watanabe, Y... Caplice, Mark Fee and Myra Vasilenco.

...dents at ...raghboy ...praised as ...dding ...iticians and ...rnalists

# Japanese Ambassador visits Two Mile National School

**Two Mile Community National School had the honour of hosting Mr. Norio Maruyama, the Japanese Ambassador to Ireland.**

The visit aimed to promote the teaching of Japanese language and culture through the 'Say Yes to Languages' programme, which aligns with Ireland's Languages Connect Strategy. The pupils of Two Mile National School were excited to learn about Japanese culture and language. They listened attentively to stories about Japan and explored the connections between the two countries. "The pupils were very interested," said Catherine Barry, Principal of Two Mile CNS. "As a multi-denominational school, we are very open to different languages and cultures."



Two Mile Community National School welcomed Mr Norio Maruyama, the Japanese Ambassador to Ireland last week.

116 múinteoir rannpháirteach | 14 sholáthraí cúrsa | 6 theanga

## Léargas ginearálta:

Thairg an uasoiliúint Píolótach i dTeangacha Iasachta, raon roghanna cúrsaí in uasoiliúint teanga do mhúinteoirí bhunscoile cláraithe. Tá an uasoiliúint phíolótach i dTeangacha Iasachta do mhúinteoirí bunscoile suite i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Chreat Curaclaim Bunscoile (CNCA, 2023) agus an Curaclam Teanga Bunscoile athfhorbartha (CNCM, 2024). San áireamh sa churaclam athfhorbartha tá sonraíocht Nuatheangacha Iasacht, rud a aibhsíonn an bhéim, atá ag fás, ar oideachas ilteangach.

## Príomhaidhmeanna:

Ba iad seo thíos na haidhmeanna a bhain leis an uasoiliúint phíolótach do bhunscoileanna:

- Roghanna uasoiliúna teanga do mhúinteoirí cláraithe bunscoile a thriail, tar éis iniúchóireacht ar chumas teangacha, a rinneadh i 2023.
- An fhéidearthacht deiseanna uasoiliúna a nascadh le maoiniú Erasmus+ a iniúchadh
- Meicníochtaí a chruthú, agus moltaí a dhéanamh, le haghaidh soláthair uasoiliúna amach anseo.

## Gníomhaíocht:

Chun acmhainn agus riachtanais múinteoirí bunscoileanna a mheas, rinne TIBÉ iniúchóireacht i measc múinteoirí inseirbhíse agus ábhair oidí cláraithe ar na cúrsaí Máistir Gairmiúil le hOideachas (MGO) agus Céim Bhaitsiléara in Oideachas (B.Ed). Bunaithe ar thorthaí na hiniúchóireachta, rinne TIBÉ teagmháil le soláthróirí cúrsaí oiliúna teanga, agus chomhoibrigh siad le múinteoirí bunscoile chun clárú ar chúrsa dá rogha féin. I measc na dteangacha bhí Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis, teangacha a bhfuil an céatadán acmhainne is airde acu i measc múinteoirí agus, mar aon leis na ceithre theanga thuas, cuireadh Sínis agus Seapáinis san áireamh chun na riachtanais shonracha uasoiliúna i dteangacha na hÁise a mheas. Ba é cumas teanga na múinteoirí ag tús na gcúrsaí ná idir réamh-A1 go B1. Bhí modh seachadta éagsúil i ngach cúrsa uasoiliúna, le rogha idir aghaidh ar aghaidh, ar líne nó cumaisc, agus tugadh cúrsaí i leibhéil suas go leibhéal B1.2 i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

Le linn 2024, sheol TIBÉ uasoiliúint phíolótach i dteangacha iasachta do mhúinteoirí bunscoile. Ar an iomlán, ghlac 116 múinteoir páirt ann i raon 14 chúrsa.

I gcomhpháirt le raon soláthróirí cúrsaí, d'ofráil TIBÉ raon múnlaí soláthair don uasoiliúint, ina measc:

- Aisíocaíocht i dtreo costais cúrsa teanga, aitheanta ag múinteoirí, in Éirinn nó thar lear;
- Aisíocaíocht i dtreo costais cúrsa a thugann na hInstitiúidí Cultúrtha;
- Cúnamh deontais do na hIonaid Tacaíochta Oideachais chun cúrsaí a chur ar fáil, éascaithe ag múinteoirí bunscoile nó iar-bhunscoile;
- Cúnamh deontais i dtreo chostas cúrsaí a thugann na hInstitiúidí Ardoideachais in Éirinn;
- Cúrsaí éascaithe ag an gComhairleoir Seapáinise (Fondúireacht na Seapáine) ar iasacht go TIBÉ;

- Cúrsaí curtha ar fáil ag Oifigeach Forbartha Sínise; agus
- Rochtain ar mhaoiniú Erasmus+ don tsoghluaiseacht agus do chúrsaí thar lear.

**Caidreamh le Páirtithe Leasmhara:**

Rinne TIBÉ taighde ar sholáthraithe cúrsa, rogha cúrsaí agus costais choibhneasta, in Éirinn agus thar lear. Rinne TIBÉ teagmháil leis na hinstitiúidí cultúrtha don Fhraincis, don Ghearmáinis, don Iodáilis agus don Spáinnis, (Alliance Française Baile Átha Cliath agus Corcaigh, Goethe Institut, Istituto Italiano di Cultura Baile Átha Cliath agus Instituto Cervantes), mar aon le dhá Ionad Tacaíochtaí Oideachais (Cill Dara agus Baile Átha Cliath Thiar) agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí deiseanna ar fáil do chúrsa uasoiliúna, tugtha ag Oifigigh Forbartha TIBÉ, an Chomhairleoir Fhondúireacht Seapáinise, agus scoileanna teanga eile, in Éirinn agus thar lear. Beidh gá le breis teagmhála agus tacaíochta le himeacht ama don fhéidearthacht tarraingt ar mhaoiniú Erasmus+.

**Critéir do cháilitheacht rannpháirtithe páirt a ghlacadh i gcúrsaí:**

Ba iad seo a leanas na riachtanais le haghaidh rannpháirtíocht san uasoiliúint phíolótach:

- Is múinteoir bunscoile cláraithe é/í an t-iarrthóir;
- Tá sé curtha in iúl ag an iarrthóir don phríomhoide scoile (más cuí);
- Tá geallta ag an iarrthóir féinmheasúnú a dhéanamh ar a leibhéal cumais sa teanga a gcuirfidh siad isteach uirthi, agus go gcláróidh sé/sí do chúrsa cuí bunaithe ar an measúnú sin; agus
- Geallann an t-iarrthóir go gcuirfidh sé/sí fianaise ar fáil don teastas ceann cúrsa eisithe ag an soláthraí cúrsa.

Bhí mar aidhm sa leagan píolótach sprioc 100 múinteoir cláraithe rannpháirteach i gcúrsa a shárú. Rinne TIBÉ teagmháil leis na 136 scoileanna a chuir in iúl go n-úsáidfidís múinteoirí foirne chun an modúl Cuir Fáilte Roimh Theangacha a thabhairt. Chuir 169 múinteoir san iomlán an suirbhé féinmheasúnaithe, agus tugadh rogha cúrsaí dóibh, bunaithe ar a gcumas féinmheasúnaithe.

Anuas air sin, ofráladh trí chúrsa do gach múinteoir cláraithe ar fud na tíre, is cuma má bhí a scoil páirteach in Cuir Fáilte Roimh Theangacha nó nach raibh: Iodáilis do Thosaitheoirí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, Seapáinis via an Chomhairleoir Fhondúireachta Seapáinis agus Sínis via Oifigeach Forbartha TIBÉ.

Is féidir an líon iomlán múinteoirí a ghlac páirt i gcúrsa uasoiliúna teanga a fheiceáil thíos:

| Teanga | Institiúid Chultúrtha | Cúrsa Ollscoile | Ionad Oideachais | Scoil Eile Teanga | Cúrsa Thar Lear | Oifigeach Forbartha TIBÉ | Comhairle oir Teanga | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fraincis | 29 | | | | | | | 29 |
| Gearmáinis | 2 | | 2 | | | | | 4 |
| Spáinnis | 5 | | 9 | 4 | 2 | | | 20 |
| Iodáilis | 1 | 50 | | | | | | 51 |
| Seapáinis | | | | | | | 9 | 9 |
| Sínis | | | | | | 3 | | 3 |
| **Iomlán** | **37** | **50** | **11** | **4** | **2** | **3** | **9** | **116** |

### Tionchar:

- Chuir 116 múinteoir bunscoile cláraithe cúrsa uasoiliúna i gcrích, uimhir a sháraigh an bunsprioc de 100 múinteoir.
- Bhí an tóir chéanna ag múinteoirí ar chúrsaí ar líne, cúrsa cumaisc agus cúrsaí aghaidh ar aghaidh. Thug an leagan píolótach ceachtanna luachmhara d'eagrú bliain eile i 2025.

**Ráitis ó mhúinteoirí rannpháirteacha:**

*'An-fhoghneach, mealltach...Chinntigh sí go raibh an rang idirghníomhach, sultmhar.'*

*'Ba mheascán iontach de chomhrá, gramadach, léamhthuiscintí agus mar sin de. Bhain mé an-sult as, agus thug sé mo dhúshlán ar bhealaí nár tugadh mo dhúshlán i dteanga le blianta anuas.'*

*'An-chumasach agus díograiseach. Níor chuir sí riamh ar an spota thú ach chinntigh sí go raibh seal ag gach duine.'*

### Na Chéad Chéimeanna Eile:

- Déan teagmháil leis na líonraí níos leithne Ionaid Tacaíochta Oideachais agus Institiúidí Ardoideachais, mar aon le hambasáidí, institiúidí cultúrtha agus soláthraithe féideartha eile cúrsaí.
- Déan sonraíocht a chur le chéile chun treoir a thabhairt do dhearthóirí agus soláthraithe cúrsaí, maidir leis na torthaí ionchais agus chun cuidiú leis an bpróiseas ráthú caighdeáin.
- Spreag cúrsaí ina bhfuil múnlaí éagsúla seachadta, mar go léiríonn aiseolas go gcuidíonn sé seo le freastal ar riachtanais éagsúla na múinteoirí.
- Éascaigh, más féidir, socruithe áit a ndéantar íocaíochtaí go díreach leis na soláthraithe, agus mar sin ag cinntiú nach gá do mhúinteoirí íoc ar dtús.
- Cuidigh le múinteoirí a gcumas reatha a aithint. Éascaigh rochtain ar uirlisí don fhéinmheasúnú agus déan iniúchadh ar an bhféidearthacht go ndéanfadh na soláthraithe cúrsa tástálacha iontrála measúnaithe.
- Déan measúnú ar na cúrsaí i gcomhthéacs luach ar airgead.


ORAISTE
zoroz
anonas
annan
PEAR
úll

## Sprioc 2 - Ag Dul Chun Cinn

Léiríonn obair TIBÉ maidir le tacú le héagsúlú an tsoláthair teangacha go dtacaíonn réimse múnlaí éagsúla le scoláirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu ó chomhthéacsanna éagsúla. I gcásanna áirithe, oibríonn na ranganna atá sceidealaithe laistigh den amchlár rialta go maith agus tá cohórt múinteoirí fostaithe ag scoileanna atá in ann leas a bhaint as an scéim leithdháilte breise, spreagadh do scoileanna chun soláthar teangacha a éagsúlú. Cuireann úsáid múinteoirí cuartaíochta lasmuigh den chuóta deis ar fáil do scoláirí ó dhá scoil nó níos mó chun rochtain a fháil ar ranganna nach mbeadh ar fáil seachas sin, agus tugann sé am do scoileanna chun ábhar teanga nua a thriail le riosca teoranta toisc go mbíonn na múinteoirí fostaithe ag TIBÉ agus tacaíonn siad leo.

Áit nach mbíonn fáil ar theangacha a cuireadh leis an gcuraclam le déanaí agus cinn nach múintear go minic i scoileanna toisc nach leor líon na scoláirí chun tairseach chriticiúil a bhaint amach, cuireann ranganna ar an Satharn agus ranganna ar líne leis an gcothroime agus cuireann siad modh soláthair ar fáil atá cost-éifeachtúil. Is féidir le scoláirí a bhfuil suim acu sa sprioctheanga dul i ngleic léi agus cuireann na ranganna deis ar fáil do scoláirí ag a bhfuil teangacha oidhreachta pointí Ardteistiméireachta a ghnóthú, pointí a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh do na conairí atá ar fáil dóibh ag an tríú leibhéal agus ina dhiaidh sin.

Oibríonn foghlaim chumaisc go maith i mBord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin, áit a bhfuil fonn comhoibrithe ar roinnt scoileanna. Bíonn Boird Oideachais agus Oiliúna in ann ranganna a sceidealú ag an am céanna agus comhroinnt múinteoirí a éascú. Roinneann siad córais TF a thacaíonn le soláthar ghné ar líne an chúrsa. Mar sin, táthar ag súil go mbeidh fáil ar an múnla cumaisc soláthair i scoileanna i níos mó de na Boird Oideachais agus Oiliúna, rud a ligfeadh do líon suntasach cainteoirí imirceacha Polainnise litearthacht a choinneáil ina dteanga bhaile.

Is deacair a fheiceáil conas a thacódh múnla amháin soláthair agus fostaíochta múinteoirí le cur i bhfeidhm na straitéise. Níl múnlaí soláthair nuálacha agus malartacha ar nós foghlaim chumaisc agus ranganna ar líne oiriúnach do gach comhthéacs agus teastaíonn go leor ama chun na múinteoirí a oiliúint san oideolaíocht atá de dhíth.

Leanfaidh TIBÉ ar aghaidh ag fiosrú roghanna éagsúla maidir le soláthar teangacha agus leanfaidh siad ar aghaidh ag cur oiliúint bhreise agus FGL ar fáil chun tacú le comhtháthú múinteoirí na dteangacha seo chun a chinntiú go bhfuil modheolaíochtaí teagaisc oiriúnach don fheidhm. Déanfaidh TIBÉ fiosrú freisin ar roghanna breise chun tacú le

múinteoirí teanga atá oilte go hidirnáisiúnta bogadh trasna agus oiriúnú do chomhthéacs oideachais na hÉireann. Coimeádfaimid riachtanais na scoláirí mar phríomhfhócas freisin agus leanfaimid ag déanamh monatóireacht ghéar ar a n-eispéireas foghlama. Déanfaidh patrúin dhéimeagrafacha, bunaithe ar chomhoibriú luachmhar ambasáidí idirnáisiúnta, déanfaidh siad eolas chomh maith don soláthar do scoláirí teanga oidhreachta.


Molann an straitéis forbairt na dteangacha Áiseacha agus beidh gá le bearta breise spriocdhírithe chuige seo. Is gá conairí oideachais múinteoirí do theangacha nua na hArdteistiméireachta a fhorbairt. Braitheann cur i bhfeidhm agus forbairt na dteangacha Áiseacha san iar-bhunscoil faoi láthair ar acmhainn 'thimpisteach' m.sh., múinteoirí atá cáilithe go hidirnáisiúnta a tháinig chun cónaí in Éirinn, nó múinteoirí Éireannacha a raibh cónaí orthu sa tSín nó sa tSeapáin agus a rinne iarracht ar leith an teanga a shealbhú. Chuir an 'víosa fanacht siar' do mhic léinn iarchéime neamh-LEE acmhainn shealadach ar fáil freisin ach caitear go leor ama ar ionduchtú, oiliúint agus meantóireacht, agus is dúshlán í inbhuanaitheacht níos fadtéarmaí.

Deis mhaith atá sa mhodúl 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' chun taithí béim níos mó a tharraingt ar theangacha Áiseacha. Deis a bheidh i dtabhairt isteach teangacha iasachta i gcuraclam na bunscoile do gach scoláire tuiscint a fháil ar an luach a bhaineann le caomhnú teangacha breise baile chomh maith le teangacha nua fhoghlaim. Roghnóidh níos mó daoine staidéar a dhéanamh ar theangacha iasachta ag leibhéal iar-bhunscoile má chuirtear i bhfeidhm go maith é. Roimh chur i bhfeidhm an churaclaim nua, leanfar den úsáid a bhaintear as 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' chun tacú le scoláirí a chur ar an eolas maidir leis na teangacha a úsáideann a bpiaraí, agus chun roghnú teanga iasachta ag leibhéal iar-bhunscoile a spreagadh. Leanfar den taighde ar riachtanais FGL agus uasoiliúna teanga na múinteoirí mar chuid den ullmhúchán roimh chur i bhfeidhm an churaclaim nua.

Lárnach i **Sprioc 3**, tá feachtas feasachta Languages Connect, éascaithe ag TIBÉ. Cuireann an feachtas daoine ar an eolas faoi na buntáistí cultúrtha, sóisialta, gairme agus pearsanta a thugann foghlaim teangacha don duine trí oibriú le go leor páirtithe leasmhara san oideachas agus i réimsí eile.

Mar aon leis na páirtithe seo, cuireann TIBÉ foghlaim teanga chun cinn i raon cainéal, in eagrú agus maoiniú imeachtaí, #ThinkLanguages san áireamh. Tugann siad amach bileoga clóite, agus sa chur chun cinn ar líne, ag díriú ar raon leathan lucht éisteachta.

Cuireann TIBÉ daoine ar an eolas faoi na tacaí a ofrálann siad maidir le soláthar teangacha do pháirtithe leasmhara, agus ár gcainéil féin agus cainéil chumarsáide ár bpáirtithe in úsáid againn chun é seo a dhéanamh. Cuireann TIBÉ le nuachtlitreacha ár bpáirtithe leasmhara go rialta, cinn INTO, Oide, NAPD, CareersPortal, Fiontraíocht Éireann agus an Mol Digiteach san áireamh. Méadaítear ar fheasacht an lucht léite maidir le hobair TIBÉ dá mbarr, rud a chinntíonn go bhfuil na spriocghrúpa ar an eolas faoi na tacaí agus áiseanna atá ar fáil dóibh.





# SPRIOC 3

## DAOINE A CHUR AR AN EOLAS FAOI THÁBHACHT FOGHLAIM TEANGACHA CHUN ÚSÁID NÍOS LEITHNE TEANGACHA IASACHTA A SPREAGADH

## Seachtain #ThinkLanguages

Gníomh: 3.A.1-8
3.B.1

17,500 Students | 200+ schools | 10 Universities | 14 Cinemas

### Léargas ginearálta:

Is féile bhliantúil teangacha agus cultúr don Idirbhliain é #ThinkLanguages a bhíonn ar siúl i scoileanna ar fud na tíre, éascaithe ag TIBÉ. San áireamh tá meascán ceardlanna idirghníomhacha, cainteanna spreagúla, tráthanna spraíúla na gceist agus gníomhaíochtaí. Ó bhí an chéad imeacht ar siúl sa bhlain 2018, tá sé tar éis athrú agus leathnú as cuimse. In 2024, lean #ThinkLanguages mar cheiliúradh seachtaine, agus thug páirtithe deiseanna breise do scoláirí an spraoi a bhaineann le foghlaim teangacha a bhlaiseadh i raon comhthéacsanna ar fud na tíre.

### Príomhaidhmeanna:

- Déan ceiliúradh le chéile ar theangacha i scoileanna, in institiúidí ardoideachais agus in eagraíochtaí eile a thacaíonn le teangacha iasachta ag leibhéal náisiúnta.
- Tacaigh le múinteoirí teangacha sa scoil a léiriú agus a thaispeáint cad a ofrálann teangacha lasmuigh den seomra ranga.
- Spreag scoláirí Idirbhliana, agus meall iad, faoi theangacha agus cultúir thart orthu sa phobal níos leithne agus ar fud an domhain.
- Cuir cuimsiú chun cinn, mar aon leis an tairbhe pearsanta, sóisialta, gairmiúil agus cultúrtha a bhaineann le foghlaim teanga.
- Spreag scoláirí na hIdirbhliana teangacha a roghnú sa tSraith Shinsearach agus san oideachas tríú leibhéal.
- Déan teagmháil leis an bpobal áitiúil chun iad a chur ar an eolas faoin tairbhe a bhaineann le scileanna teanga.

### Gníomhaíocht:

Ar siúl anois le seacht mbliana, tharla Seachtain #ThinkLanguages i scoileanna, in ollscoileanna agus in ionaid eile ar fud na tíre ón Luan 18 Samhain go dtí an Aoine 22 Samhain 2024. Bhí breis agus 200 scoil páirteach san imeacht suaitheanta seo, agus breis agus 17,500 scoláire Idirbhliana ag déanamh ceiliúradh ar theangacha agus ar chultúir ina scoil agus ina gceantar.

### Tacaíocht Áiseanna agus Múinteoirí

Bhí seisiúin eolais ar líne agus Pobail Chleachtais do mhúinteoirí ar siúl i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair chun ionchur agus tacaíocht maidir le bainistíocht tionscadail na féile i scoileanna, agus chun deis a thabhairt smaointe agus eispéiris ar fhéilte roimhe seo a roinnt. Do na daoine nach raibh ábalta freastal ar na cruinnithe seo, roinneadh sraithe físeáin Noda do Mhúinteoirí ar líne.

Tharla clár iomlán cumarsáide le scoileanna idir Meán Fómhair agus mí na Nollag ar shuíomh gréasáin Languages Connect, ar chainéil meán sóisialta, ar ghrúpa faoi leith Facebook, agus cumarsáid leanúnach ar ríomhphost ag cur scoileanna ar an eolas maidir le spriocdhátaí cláraithe, imeachtaí á dtairiscint ag páirtithe, fáil ar áiseanna agus sonraí comórtais. Cuireadh pacáistí tosaigh clóite chuig scoileanna, lámhleabhar agus póstaeir bholscaireachta san áireamh. Fuair siad pacáistí iomlána imeachta fosta, saincheaptha don líon scoláirí rannphháirteacha sa scoil.

Gach bliain, faightear breis léargais ar na tacaí atá de dhíth ar scoileanna, agus athraítear na háiseanna a chuirtear ar fáil ansin mar is gá. Chuir rannpháirtithe sna grúpa fócais béim ar an tábhacht a bhaineann le tacaí ocht a fháil ó bhainistíocht na scoile chun #ThinkLanguages a chur i bhfeidhm go héifeachtach sna scoileanna. Mar thoradh air seo, cuireadh áis bhreise leis in 2024 – teimpléad litreach do mhúinteoirí le roinnt le foirne shinsearacha bainistíochta chun iad a mhealladh chun an t-imeacht a reáchtáil. Mínítear sa litir na buntáistí do scoláirí, múinteoirí, scoileanna agus pobal níos leithne, a bhaineann le #ThinkLanguages a chur ar siúl. Glacadh go maith leis, agus léirigh go leor den aiseolas go raibh an áis seo riachtanach chun bainistíocht na scoile a mhealladh chun an t-imeacht a chur ar siúl.


## Searmanas Oscailte

Bhí meascán inspioráideach cainteoirí sa Searmanas Oscailte arís i 2024, cainteoirí a roinn a n-aistear foghlama teanga agus a mhínigh conas a chuidigh teangacha leo ina ngairm agus conas a chuir siad lena saol. Ba dhuine breise in 2024 í Rebecca Keogh ó Fhiontraíocht Éireann, cuireann a cuid oibre gnólachtaí Éireannacha chun cinn trasna na hEorpa. Chuir sí béim ar an mbealach ar oscail foghlaim teanga domhan gairme agus deiseanna taistil di. Labhair Ervinas Merfeldas ó Dancing with the Stars,, a bhfuil oidhreacht ón Liotuáin aici, labhair sí faoi na buntáistí a bhaineann lena theanga bhaile a choinneáil, agus an tairbhe a bhain le staidéar a dhéanamh uirthi don Ardteistiméireacht. Thug Ciara Walsh, tionchaire ar líne, agus James Maher, comhairleor sinsearach polasaí i bParlaimint na hEorpa léargas ar an mbealach a bhfuil tionchar tar éis a bheith ag teangacha ar a saol agus ar a ngarim. Ghlac Ciara Walsh cinneadh páirt a ghlacadh in Erasmus, agus dá bharr sin fuair sí post agus chuaigh sí chun cónaithe san Iodáil.

## Tráth na gCeist Náisiúnta

Bhí Tráth na gCeist náisiúnta  #ThinkLanguages ar siúl ar líne arís i 2024, agus ghlac 1,635 foireann páirt ann, agus thart ar 6,400 scoláire. Tugann tráth na gceist deis do scoláirí agus scoileanna dul san iomaíocht i gcoinne a chéile agus i gcoinne an chloig i dtástáil ar eolas ar theangacha.

Cuireann an iomaíocht, áitiúil agus náisiúnta, sceitimíní san imeacht. Bhí tráth na gceist ar siúl faoi dhó sa lá gach lá i rith Sheachtain #ThinkLanguages, rud a thug solúbthacht do scoileanna é a chur ar siúl nuair a d'oir sé dóibh.












#ThinkLanguages
Think Global Act Local




To discover deeply another culture
To improve my english on a professional and personal level
ENGLISH
To learn more about myself




#ThinkLanguages
ORDEM E PROGRESSO
15




World Cuisine


Think Greater Life Experiences #ThinkLanguages
Think Boosting Life Skills #ThinkLanguages
Think Global Work Opportunities #ThinkLanguages





## Smaoinigh go Domhanda, Gníomhaigh go hÁtiriúil

Mar thacaíocht ag téama uileghabhálach #ThinkLanguages 'Smaoinigh go Domhanda, Gníomhaigh go hÁitiúil', lorg scoileanna inspioráid sa pobal áitiúil chun cuireadh a thabhairt do chainteoir dá bhféile #ThinkLanguages. Bhí daoine aonair ó ghnólachtaí, institiúidí ardoideachais agus grúpaí pobail ina bhfuil ról ag teangacha, páirteach i bhféilte scoileanna ar fud na tíre. Thug FPEanna áitiúla, Seanadóirí agus Ambasadóirí cuairt ar scoileanna chun léargas breise a thabhairt ar bhuntáistí teangacha iasachta.

Tá an tóir atá ar cheardlanna eagraithe ag scoláirí, ag fás gach bliain; ag tabhairt cuireadh do scoláirí léargas a thabhairt dá bpiaraí ar a dteanga bhaile féin agus a dteanga oidhreachta agus cultúir. Bhí roinnt tuismitheoirí agus múinteoirí rannpháirteach fosta agus thug siad léargas ar a n-oidhreacht, a gcultúr agus a dteangacha. Sheinn siad ceol, agus bhácáil siad cácaí traidisiúnta do na scoláirí le hithe agus le foghlaim fúthu. I measc na gceardlann eile a eagraíodh ag an bpobal bhí Teanga Chomharthaíocht Éireann, damhsa Samba, cuisine ón Úcráin agus gairmeacha i dteangacha, mar aon le geandáil ghasta teanga, amhránaíocht ar amhráin náisiúnta agus spóirt ó thíortha éagsúla.

## #ThinkLanguages sa Bhunscoil

I 2024, cuireadh an deis #ThinkLanguages a thabhairt go páistí áitiúla bunscoile chun cinn. Tugadh achoimhre sa lámhleabhar pleanála ar an gcuma a bheadh ar cuairt bhunscoile, agus spreag eolas a roinneadh sna seisiúin Phobail Chleachtais chun é seo a dhéanamh. Ghlac roinnt scoileanna leis an deis, Meánscoil na Toirbhirte, Dúrlas, Coláiste Pobail Leamhcán, agus Coláiste Phort Laoise san áireamh. Ba iad na scoláirí Idirbhliana a bhí chun tosaigh i seisiúin shamplacha spraíúla agus idirghníomhach teanga. Le hamhráin shomheabhraithe, scéalta agus cluichí  mealltacha, fuair páistí bunscoile blaiseadh den spraoi a bhaineann le foghlaim teanga.

## #ThinkLanguages agus Comhpháirtithe




D'oibrigh TIBÉ arís eile le comhpháirtithe, a thug raon gníomhaíochtaí chun cur le heispéireas Sheachtain #ThinkLanguages. Mar chuid den straitéis 'Gairm don AE', thug An Roinn Ghnóthaí Eachtracha urraíocht don duais ar Chomórtas #ThinkLanguages Foireann Seaimpíní den dara huair. Rachaidh an fhoireann bhuacach agus a múinteoirí chun na Bruiséile go luath in 2025 chun cuairt a thabhairt ar raon institiúidí AE agus chun bualadh le hÉireannaigh a oibríonn ann, chun tuiscint a fháil ar na buntáistí a bhaineann le teangacha dá ngairm. Ba spreagadh sonrach é an duais seo chun scoláirí a mhealladh le bheith páirteach in eagrú fhéilte #ThinkLanguages ar fud na tíre.


## #ThinkLanguages ag an bPictiúrlann

Mar chuid den chomhpháirtíocht le hInstitiúid Scannán na hÉireann, taispeánadh raon scannán i dteangacha iasachta ag an ISÉ i mBaile Átha Cliath, agus ina líonraí pictiúrlann ar fud na tíre i rith Sheachtain #ThinkLanguages. Thug sé seo deis do na scoláirí blaiseadh a fháil de theangacha sa phictiúrlann. Mar aon le taispeáint sna pictiúrlann, bhí deis ag scoileanna úsáid a bhaint as an ardán sruthaithe IFI@Schools, a thugann deis do scoileanna scannáin a fheiceáil sa seomra ranga. D'fhéach breis agus 2,500 scoláire ar cheann de na scannáin i dteanga iasachta sa phictiúrlann i rith Sheachtain #ThinkLanguages, agus d'fhéach thart ar 1,500 eile ar scannáin sa seomra ranga.










## #ThinkLanguages ar an gCampas

Ba ghné fíor-rathúil de cheiliúradh na bliana seo é rannpháirtíocht na n-institiúidí ardoideachais (IAO) ar fud na tíre. Ba buaicphointe do go leor é an ghníomhaíocht sna IAOanna, mar gheall ar an raon leathan gníomhaíochtaí a ghlac scoláirí Idirbhliana páirt iontu ar an gcampas. Thug breis agus 1,380 scoláire cuairt ar champas ollscoile, agus fuair go leor eile léargas ar an saol ag an tríú leibhéal ó chainteanna ó ambasadóirí teanga scoláirí a thug cuairt ar 40 scoil aonair.

Chuir **Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath** tús leis an gceiliúradh i rith Sheachtain #ThinkLanguages le sraith blasranganna i Spáinnis, Seapáinis, Gearmáinis, Fraincis agus Sínis. Eagraíodh ceardlanna le haghaidh 175 scoláire i rith na seachtaine ar fad, le blas-seisiúin ar bheannachtaí Sínise, nathanna Sínise agus ceardlanna callaghrafaíocht.

D'óstáil **Ollscoil Mhá Nuad** 180 scoláire ar an gcampas. Ghlac scoláirí páirt i bhFíricí Fánacha Cultúrtha le hambasadóirí scoláirí mar aon le cuir i láthair ón bhfoireann. Thug siad cuairt ar léachtaí, rinne siad turas den leabharlann agus ghlac siad páirt i Seomra Éalaithe. Tar éis blas-seisiúin i Sínis, Gearmáinis, Fraincis agus Spáinnis, bhí lón acu i Halla Pugin agus Tóraíocht Taisce i dTuras Campais. Tharla dhá chuairt scoile freisin i rith na seachtaine.

In **Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan,** cuireadh ambasadóirí teanga scoláirí chuig dhá scoil i rith Sheachtain #ThinkLanguages.




Chuir **Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt** seó ar siúl do bhreis agus 100 scoláire le gníomhaíochtaí agus cluichí ó gach cearn den domhan. Ansin cuireadh taispeántais chócaireachta ón Iodáil agus ón tSín do na scoláirí. Tugadh deis do na scoláirí labhairt le hambasadóirí teanga scoláirí agus bhlais siad de shearmanas tae Síneach. Thug baill foirne cuairt ar thrí scoil freisin.

Chuir **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath** fáilte roimh 60 scoláire ar an gcampas i rith Sheachtain #ThinkLanguages, áit ar tugadh turas thart ar an gcampas dóibh. Ghlac siad páirt freisin i gceardlanna agus i blasranganna i raon teangacha, san áireamh Sínis, Fraincis, Gearmáinis agus Spáinnis. Cuireadh ambasadóirí teanga scoláirí amach chuig sé scoil déag. Chuir Coláiste na Tríonóide ambasadóirí teanga scoláirí chuí seacht scoil i rith Sheachtain #ThinkLanguages.

Chuir **Coláiste na Tríonóide** ambasadóirí teanga scoláirí chuí seacht scoil i rith Sheachtain #ThinkLanguages.

Thug breise agus 180 scoláire cuairt ar **Choláiste na hOllscoile, Corcaigh** i rith na seachtaine. I measc na gceardlann a bhí ar fáil bhí Sínis, Seapáinis, Cóiréis, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Portaingéilis, Spáinnis. Bhí deis ag na scoláirí páirt a ghlacadh i léachtaí teanga idirghníomhach, agus blas-seisiúin teanga. Tugadh turas thart ar an gcampas do scoláirí freisin.

D'óstáil **an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath** breis agus 360 scoláire i rith Sheachtain #ThinkLanguages. I measc na n-imeachtaí a bhí ar fáil bhí bualadh le mic léinn teanga sa bhliain dheireanach chun tuileadh a fháil amach faoi staidéar thar lear ar Erasmus, mar aon le ceardlanna Araibise, Cóiréise, Rúisise agus Svahaílis. Ghlac scoláirí páirt i gceardlanna drámaíocht, tugadh turas thart ar an gcampas dóibh agus bhí deis acu labhairt le hambasadóirí teanga scoláirí. Thug ambasadóirí teanga scoláirí cuairt ar dhá scoil.

Chuir **Ollscoil na Gaillimhe** roinnt ceardlann do 150 scoláire i Spáinnis, Gearmáinis, Iodáilis agus Fraincis, agus ansin d'óstáil siad tóraíocht taisce teanga-bhunaithe, agus turas thart ar an gcampas do na scoláirí.

D'óstáil **Ollscoil Luimnigh** breis agus 190 scoláire agus thug léargas dóibh ar an saol ag déanamh staidéir ar theangacha ar champas OL. San áireamh ann, bhí ceardlanna feasachta teanga agus ceardlanna foghlama teanga, mar shampla blas-ranganna, ceol agus damhsa, seomra éalaithe teanga agus cultúir, tráth na gceist ar theangacha agus cultúir. Chuir siad ambasadóirí teanga scoláirí ar cuairt chuig ocht scoil i rith an chuid eile de Sheachtain #ThinkLanguages.


#ThinkLanguages
Think Global Act Local


Circle of Friends
#ThinkLanguages

#ThinkLanguages
Think Global Act Local

Languages at Maynooth University
#ThinkLanguages
Think Global
Work Opportunities
#ThinkLanguages

School of Science and Computing

#ThinkLanguages
Think Global Act Local

#ThinkLanguages
Think Global Act Local
Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages
Think Greater
Life Experiences
#ThinkLanguages
Think Boosting
Life Skills
#ThinkLanguages

## Foireann Seaimpíní #ThinkLanguages: Buaiteoirí Náisiúnta 2024

Roghnaíodh deich scoil gearrliostaithe ó na hiontrálacha comórtais agus tugadh cuairt orthu i rith Sheachtain #ThinkLanguages. Roghnaíodh na foirne sa bhabhta ceannais le cur i láthair a dhéanamh os comhair painéal moltóirí ag an mBabhta Ceannais sa Roinn Oideachais. B'iad Coláiste Beaufort, An Uaimh, Scoil Phobail Inis Díomáin, Coláiste an Aonaigh agus Meánscoil na Toirbhirte, Dúrlas. Thug na ceithre fhoireann cur i láthair ar an méid a bhí foghlamtha acu ón eispéireas. Chuir gach duine acu méid inmholta oibre isteach sa bhainistíocht imeachta dá bhféilte, agus sna cuir i láthair deireanacha, rud a d'fhág na moltóirí an-tógtha leo. Luaigh daoine a d'fhreastail ar an imeacht na scileanna cur i láthair ar ardchaighdeán, a gcruthaitheacht, agus a bpaisean i leith teangacha.

Tharla díospóireacht bhríomhar phainéil ag an mBabhta Ceannais, ag tabhairt le chéile baill foirne TIBÉ chun a n-eispéireas agus a léargais ar aistir foghlama teanga, clár Erasmus, augs deiseanna teagaisc trí na scéimeanna CB (Cúntóir Béarla) agus JET (Teagasc agus Malairt na Seapáine) a roinnt. Rinneadh iniúchadh sa díospóireacht ar eispéiris chlaochlaitheacha na ndaoine a rinne staidéar agus teagasc thar lear, agus an fás pearsanta agus gairmiúil a thagann as tumadh cultúrtha agus dul i ngleic le foghlaim teanga iasachta. Roinn lucht an phainéil na dúshlán agus an rath a bhain le teangacha nua a fhoghlaim, ag cur béim ar thábhacht malartuithe idirnáisiúnta maidir le scileanna teanga agus tuiscint domhanda a chothú. Tugadh comhairle luachmhar dóibh siúd a d'fhreastail ar an lá ar chur isteach ar na cláir seo, agus lántairbhe a bhaint as a gcuid ama thar lear, ag fágáil lán inspioráid chun tabhairt faoina gcuid eachtraí foghlama teanga féin.

Bhronn Karen Ruddock, Stiúrthóir TIBÉ, agus Evelyn O'Connor ó Aonad Curaclaim agus Measúnachta na Roinne Oideachais, corn agus duais turas chun na Bruiséile ar Fhoireann Seaimpíní na Bliana 2024, Coláiste Beaufort, An Uaimh. Bhí na scoláirí agus múinteoirí an-bhuíoch, agus bhain siad sult as an deis tuilleadh a fhoghlaim faoin aistear ar a dtabharfaidh teangacha iad.

**Sa Bhabhta Ceannais** – Scoil Phobail Inis Díomáin

**Sa Bhabhta Ceannais** – Coláiste An Aonaigh

**Sa Bhabhta Ceannais** – Meánscoil na Toirbhirte Dúrlas

**Buaiteoirí** – Coláiste Beaufort, An Uaimh

*Buaiteoirí Fhoireann Seaimpíní 2024*




*Buaiteoirí Fhoireann Seaimpíní - Coláiste Beaufort, An Uaimh*




*Sa Bhabhta Ceannais – Scoil Phobail Inis Díomáin*




*Sa Bhabhta Ceannais – Coláiste An Aonaigh*




*Sa Bhabhta Ceannais – Meánscoil na Toirbhirte Dúrlas*

## Meáin shóisialta agus clúdach preasa

Bhí bealaí sóisialta thar a bheith gnóthach i gcaitheamh na seachtaine, le scoláirí, scoileanna agus comhpháirtithe ag glacadh páirt sa chomhrá ar líne agus ag roinnt sraitheanna íomhánna agus físeán. Chabhraigh uasdátaithe beo bríomhara ar a gcuid gníomhaíochtaí tús áite a thabhairt do theangacha don tseachtain. Léirigh scéalta cruthaitheacha Instagram agus físeáin TikTok paisean na scoláirí do theangacha. Ghlac roinnt daoine ó na Foirne Seaimpíní le ról tuairisceora dá bhféile, le hailt le feiceáil sa phreas áitiúil araon sa tréimhse ullmhúcháin, agus le linn na seachtaine féin, ag cruthú atmaisféar iontach sa scoil agus sa phobal i gcoitinne agus ag cur buntáistí teangacha chun cinn i bhfad agus i gcéin. Roinn comhpháirtithe, an IFI san áireamh, clúdach ar a gcuid ardán meán, nuachtlitreacha, meáin shóisialta, agus shuíomhanna gréasáin san áireamh, chun cuid le solas a lonrú ar #ThinkLanguages, agus ar theangacha i gcoitinne, i gcaitheamh na seachtaine.

D'fhreastail baill ón Roinn Oideachais agus ionadaithe ón Roinn Ghnóthaí Eachtracha ar an mBabhta Ceannais Náisiúnta, agus tugadh deis lena linn le haghaidh clúdach preas agus meáin shóisialta. D'fhorbair TIBÉ, i gcomhpháirt le Foireann Cumarsáide na Roinne Oideachais, preas eisiúint agus an buaiteoir á fhógairt acu, agus ag tabhairt sonraí  den bhabhta ceannais; roinn siad é fosta. Fuair an preas clóite, preas ar líne, agus preas craoltóireachta an preas eisiúint, an Meath Chronicle agus Tipperary Live san áireamh.

## Tionchar:

- Rinne 17,500 scoláire Idirbhliana ar fud na tíre ceiliúradh le chéile ar bhuntáistí scileanna teanga
- Thug breis agus 47 scoil  cuairt ar champas ollscoile agus ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí #ThinkLanguages ar campas
- Thug breis is 4,000 scoláire cuairt ar phictiúrlann nó d'fhéach siad ar scannán teanga iasachta a chuir Institiúid Scannán na hÉireann ar fáil
- Ardú san fheasacht ar chonairí gairme teanga laistigh den AE, a thacaíonn le straitéis na Roinne Gnóthaí Eachtracha – Gairm san AE - Straitéis na hÉireann chun ionadaíocht na hÉireann in Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a mhéadú
- Dúirt 98% de scoláirí a ndearnadh suirbhé orthu go molfaidís an t-imeacht do dhaoine eile
- Fuair 63% de scoláirí amach go raibh scileanna teanga ag a bpáirtithe ranga nach raibh siad ar an eolas fúthu a bhuí le #ThinkLanguages
- Dúirt 75% de scoláirí gur athraigh an t-imeacht dearcadh s'acu maidir le tábhacht teangacha
- Dúirt 85.55% de scoláirí gur athraigh an t-imeacht dearcadh s'acu maidir le tábhacht teangacha

## Na chéad chéimeanna eile:

- Déan pleanáil ar Sheachtain #ThinkLanguages don seachtú bliain ón 17-21 Samhain 2025, ag cur i bhfeidhm aiseolas agus moltaí ó mhúinteoirí rannpháirteacha.
- Lean ar aghaidh tairbhe a bhaint as #ThinkLanguages chun tacú le haidhmeanna Cuir Fáilte Roimh Theangacha agus chun roghnú teangacha a mhéadú san iar-bhunscoil.
- Lean de bheith ag tógáil ar chomhpháirtíochtaí chun #ThinkLanguages a fhás sa phobal níos leithne agus an raon gníomhaíochtaí atá ar fáil do scoláirí i rith Sheachtain #ThinkLanguages a leathnú.
- Cothaigh comhoibriú tras-roinn agus méadaigh é, mar thacaíocht do straitéisí cuí, mar ahampla comhpháirtíochtaí reatha leis an Roinn Ghnóthaí Eachtracha.


I ❤ Languages!
SETU
Languages Connect
#ThinkLanguages

# Postálacha Scoile ar na Meáin Shóisialta






e are hard at
ing for

activities and
orning tutor
groups. The
oday with the
the judge to
am will win

week brings!

**Glenart College, Arklow**
@GlenartCollege

Follow

grats to our TY #ThinkLanguages Champion Team, who've been
rtlisted for the Festival of Languages competition! Our Celebration
ent takes place on 19th November. Many thanks to Ms O'Neill, Ms
rcia-Collado, Ms Fleming & Ms Becarra-Mejia for their committed
ork on this.





**Tallaght Community School**
@TCSTallaght

Follow

Ms Hayden, Ms Crowe & some of our TY MFL students had a wonderful time today in @MaynoothUni as part of @langsconnect_ie Think Languages Week.

Our students represented us so well & really enjoyed their time in a college that has great links to our school.

👏👏👏



**ennistymoncommunityschool**
Another glorious day of our #ThinkLanguages Week.

✅ Arabic and belly dancing workshop with Clara McKenna
✅ Ukrainian cooking class with Vadym, Sofia, Ms Hession and Ms O'Dowd
✅ Chinese art workshop with Ms Slattery
✅ Languages and EU careers talk with senator @Martin Conway

153 likes
19 November 2024

Log in to like or comment.

agh • Follow

agh Congratulations to all
nners in the languages
etition run in conjunction
merick. Many thanks to Ms
gley TUS for organising the
and providing and
he prizes. She also gave a
tive talk to the girls on the
of language learning. #TUS
connect #TUS_ire
ages

nary
ar

**Tallaght Community School**
@TCSTallaght

Follow

We love nothing better than a day out, experiencing new environments, mixing with different people, learning from other voices.

Our TY MFL students, Ms Hayden & Ms Crowe had a brilliant day as part of @langsconnect_ie Think Languages Week in @MaynoothUni

Thank you 👍👍👏👏




Le Chéile Schools Trust and 3 others

7:32 PM · Nov 19, 2024 · 1,219 Views

Follow

blin

to welcoming three schools to Aungier St
#ThinkLanguages 2024: @TCSTallaght
aelo's Secondary School. @ntutor
ect_ie @WeAreTUDublin



**bftthinklanguages** • Follow

**bftthinklanguages** I'd like to give a big thank you to all who participated in our think language week here in Beaufort. 🙏 @languagesconnect

21 w

Liked by niamhk_.09 and others
30 November 2024



0 Views

**glenartcollege** • Follow

**glenartcollege** TY #ThinkLanguages trip to Maynooth University!

On Wednesday morning, 15 of our TY students travelled to Maynooth University to participate in their #ThinkLanguages celebration.

Students enjoyed a series of workshops including Spanish dance, Chinese calligraphy and an introduction to German, followed by lunch and a guided tour of Maynooth's beautiful campus.

Thank you to Loïc Bourdeau, Valerie Heffernan and the student ambassadors for planning and facilitating a brilliant day of languages and culture for our students and




**stpeters.ie** • Follow

**stpeters.ie** Congratulations to First Years Lola Pastrana and Evan Clinton, who recently won the Digital Poster competition to celebrate European Day of Languages 👏 🇪🇺 This competition, organised by our TY students, was also used to launch the @languagesconnect Think Languages TY Festival of Languages and Culture which will be running again this year from November 18-22! 🌍 #stpeters #ThinkLanguages #languagesconnect

89 likes
4 November 2024

...oration of

...laoise Library for their help




...ward





...dents
...ortance
...nguages

# Nenagh and Thurles students feature prominently in languages competition

## *Foreign Language Learning in Ireland celebrated at National Final*







# Students show a love for languages

Nenagh College make it to national final

# Countdown on at Presentation Thurles to 'Think Languages Week'



Pres Thurles TY Committee who are running Think Languages Week next week.

## Comhoibriú agus Ardú Feasachta le hInstitiúidí Ardoideachais

Gníomh: 3.A.1
3.A.8
3.B.1

Tacaíodh le 13 IAO

### Léargas ginearálta:

Rinneadh an cúigiú glaoch bliantúil ar iarratais mhaoinithe d'feachtas feasachta Languages Connect sa tríú leibhéal i mí Aibreáin 2024. Úsáidtear na deontais chun tacú le raon gníomhaíochtaí chun daoine a chur ar an eolas faoi na cúrsaí a chuireann IAOanna ar fáil, agus chun foghlaim teanga ag an tríú leibhéal a chur chun cinn i measc mic léinn a mbeadh suim acu ann. Chuir deich IAO isteach ar an maoiniú agus tugadh uasmhéid de €10,000 dóibh i 2024.

### Príomhaidhmeanna:

- Naisc a láidriú idir IAOnna agus scoileanna chun tacú le foghlaim teangacha agus feasacht chultúrtha
- Cúrsaí teanga ag an tríú leibhéal a chur chun cinn – mar phríomhábhair, mionábhair nó ábhair roghnacha
- Feasacht a ardú maidir le deiseanna gairme agus deiseanna chun staidéar a dhéanamh thar lear

### Gníomhaíocht:

Bhí IAOnna páirteach i raon leathan gníomhaíochtaí chun daoine a chur ar an eolas, Seachtain #ThinkLanguages san áireamh i mí na Samhna, agus tráth na gceist bliantúil Seapánach a bhí ar siúl in Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh i mí Feabhra. Tá tuilleadh sonraí faoi ghníomahíocht #ThinkLanguages ar fáil sa tuarascáil dheireanach. Tá roinnt de na príomhghníomhaíochtaí a tugadh tacaíocht dóibh i rith an chuid eile den bhliain le fáil thíos.

#### Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

- D'eagraigh an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, leabhrán ar Maireachtáil go hIlteangach. Bhí ceardlann ar Mhaireachtáil go hIlteangach ar siúl ar Lá Smaoineamh go Cruthaitheach ar an 19ú Aibreán 2024. Fuair scoláirí rannpháirteacha ó Pobalscoil Chábán tSíle, Coláiste Pobail Theach na Giúise agus Scoil Phobail an Pháiste Naofa, an Naigín, fuair siad cóipeanna den leabhrán Punann Maireachtáil go hIlteangach.
- D'eagraigh COBÁC comórtas teangacha. Bhí bronnadh na nduaiseanna ar siúl in COBÁC i mí Bealtaine 2024 agus d'fhreastail na buaiteoirí, mar aon lena rang, a múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí ar an ócáid. Eagraíodh sraith gearrchainteanna agus cuir i láthair, mar aon le turas thart ar an gcampas don imeacht.

#### Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

- Lean SETU leis an gcomórtas PicLingo i 2024. Tá mar aidhm sa chomórtas an coincheap foghlaim teanga iasachta tríd an ealaín a chur chun cinn. Chuir thart ar 70 scoil isteach ar an gcomórtas.
- Bhí an t-imeacht 'Bain Triail as Teangacha' de chuid SETU ar siúl i mí an Mhárta 2024. Ba é an aidhm ná scoláirí Idirbhliana, sa chúigiú agus sa séú blianta a thabhairt ar an gcampas chun blaiseadh de shaol an choláiste. Tugadh blas-ranganna do scoláirí i bhFraincis, Gearmáinis agus i Spáinnis, agus chuala siad cur síos ar a gcúrsaí ó mic léinn reatha teanga.

### Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

- D'eagraigh OTBÁC trí imeacht lae in Eanáir 2024, dírithe ar scoláirí sa tSraith Shinseach: 'Love Languages' i dTamhlacht; 'Spraoi le teangacha' i nGráinseach Ghormáin; agus 'Cuir Séis i dTeangahca i mBaile Bhlainséir'. Fuair scoláirí an deis sult a bhaint as gach teanga iasachta atá ar fáil i OTBÁC agus cleacht fíor-shaol a bheith acu. Chleacht siad a bpríomhtheanga (Spáinnis, Fraincis agus Gearmáinis) ar maidin agus bhain siad triail as teangacha nua (Sínis, Iodáilis agus Spáinnis) sna tráthnónta. Bhí turais thart ar an gcampas mar chuid den lá. Tugadh cuireadh do scoláirí páirt a ghlacadh i gcomórtas físeáin ar ar tugadh 'YouTuber ar feadh lae'.
- Cuireadh ambasadóirí teanga scoláirí chuig Coláiste Loreto, Faiche Stiabhna, i mí Aibreáin 2024. Chuir foireann Teanga OTBÁC oiliúint ar na hambasadóirí, agus thug siad tacaíocht dóibh. Labhair siad faoi Theangacha agus faoi dheiseanna staidéir in OTBÁC agus thug siad aghaidh ar na nithe a leanas: an rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar theangacha; a bheith socraithe síos go maith i staidéar teangacha; staidéar a dhéanamh ar theanga Ardteiste agus/nó teanga nua a roghnú; ullmhú le haghaidh Erasmus; eispéiris Erasmus; staidéar, obair agus eispéiris Chúntóirí Béarla.
- I Meitheamh 2024, seoladh físeán mealltach chun cláir teanga a chur chun cinn, a chuireann Staidéar Teangacha in OTBÁC ar fáil do scoláirí dara leibhéal a bhfuil suim acu teangacha a roghnú.

### Coláiste na Tríonóide (TCD)

- Chuir TCD ambasadóirí teanga scoláirí chuig scoileanna in Eanáir 2024. Thug na hambasadóirí caint inar aibhsíodh na conairí chun na hollscoile agus na deiseanna teanga ann. Thug ambasadóirí cainte do bhliainghrúpaí iomlána, agus do ranganna aonair. Bhí deis ag na scoláirí scoile ceisteanna a chur faoi shaol an choláiste i gcoitinne agus faoi chúrsaí teanga ach go háirithe.
- Lean TCD leis an gComórtas Póstaer don Idirbhliain chun smaointeoireacht chruthaitheach faoi fhoghlaim teanga a spreagadh. Seoladh an comórtas in Eanáir agus bhí fáiltiú oifigiúil bronnadh duaiseanna ar siúl i mí Aibreáin do na buaiteoirí, a múinteoirí agus a dtuismitheoirí.

### Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC)

- D'eagraigh OCBÁC Féile Gearrscannán do Scoláirí in Earrach 2024.



### Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU)

- Roghnaigh MTU ambasadóirí teanga scoláirí chun daoine ag an dara leibhéal a chur ar an eolas faoi bhuntáistí foghlaim teangacha, agus chun iad a chur ar an eolas faoin raon roghanna teanga in MTU. D'fhreastail na hambasadóirí teanga scoláirí ar lá oscailte ar an 15 Samhain agus thug siad cuairt ar Choláiste Mhuire, Bun an Táibhairne agus Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair in Eanáir 2024.

### Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

- Idir Feabhra agus Bealtaine 2024, d'eagraigh OÉG gníomhaíochtaí caidrimh do chúig scoil áitiúla: Coláiste Bhaile Chlár na Gaillimhe, Coláiste Éinde, Coláiste Clarin, Coláiste Muire Máthair, agus Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile Gaillih. Díríodh ar theagasc na hIodáilise trí ghníomhaíochtaí agus cluichí.
- D'eagraigh OÉG ceardlann phraiticiúil dátheangach (Gearmáinis/Béarla( i Márta, í dírithe ar scoláirí iar-bhunscoile, agus éascaithe ag Antonia Musolff, léachtóir DAAD. Thug an Dr. Andrew Flaus, Comhordaitheoir Cúrsa sa Bhith-theicneolaíocht, réamhrá ar staidéar na bith-theicneolaíochta le Ghearmáinis.
- D'eagraigh OÉG gníomhaíochtaí caidrimh Gearmáinise, ceardlann Amharclann Gearmáinise san áireamh, in Aibreán 2024 do thrí scoil áitiúla: Coláiste na hArdchroise, Tuaim, Coláiste Ardeaspaig Mac Éil, Tuaim agus Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach.

### Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir (TUS)

- D'eagraigh TIS comórtas póstaer do scoláirí dara leibhéal. Bhí ar na scoláirí póstaer a chur isteach ag nascadh teangacha agus deiseanna fostaíochta, agus/nó póstaer a dhearadh a chuirfeadh síos ar nithe a bheadh le pacáil ar aistear teanga. Tharla an mholtóireacht agus bronnadh na nduaiseanna i mí Bealtaine 2024.

### Ollscoil Luimnigh (OL)

- Ghlac Ollscoil Luimnigh páirt i bhFéile Foghlaim ar feadh an tsaoil i Luimneach 2024. Bhí rannphháirtithe ábalta freastal ar sheisiúin in Araibis, Sínis, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Seapáinis agus Spáinnis.
- Chuir ambasadóirí teanga cúrsa chun cinn i measc scoláirí dara leibhéal, múinteoirí, treoirchomhairleoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí ag an Lá Oscailte in Eanáir 2024.
- Ostáladh dráma do scoláirí Idirbhliana ó cheithre scoil áitiúla i Márta 2024.
- D'óstáil OL Seachtain na dTeangacha, chun nascadh le Lá Eorpach na dTeangacha i Meán Fómhair 2024. Bhí raon gníomhaíochtaí chun ilteangachas agus foghlaim teanga a chur chun cinn ar an gcampas, Tráth na gCeist ar Fhíricí Fánacha Seapánacha, Cruinniú Malartaithe Teanga, Caifé Ceol Domhanda na hÉireann, Léamh Liteartha Ilteangacha agus seoladh Clár Caidrimh Teangacha.
- D'óstáil OL imeacht cluichí ilteangacha i nDeireadh Fómhair 2024. D'imir scoláirí cluichí a raibh taithí acu orthu ina gcuid sprioctheangacha le héascaitheoirí ar chainteoirí dúchais iad.
- Le haghaidh taispeántas póstaer Seapáinise, don 4ú bliain, chuir scoláirí a bpóstaer faoi mhias nó bia ó gach cearn den domhan i láthair.
- Eagraíodh Cruinniú Malartaithe Teanga Idirnáisiúnta caife do Lá Erasmus i nDeireadh Fómhair 2024. Ba dheis é seo do mhic léinn idirnáisiúnta agus do mhic léinn OL bualadh arís lena bpáirtithe teanga nó bualadh le páirtithe nua.
- Bhí dhá lá oscailte ar siúl i nDeireadh Fómhair 2024. D'fhreastail ambasadóirí teanga ar chainteanna cúrsa agus roinn siad a n-eispéiris ar theangacha a fhoghlaim in OL> Tugadh turais thart ar an Mol Foghlama Teanga freisin.
- Thug ambasadóirí teanga scoláirí turais thart ar an gcampas agus ar an Mol Foghlama Teanga i nGearmáinis chun foghlaim teangacha in OL a chur chun cinn i measc múinteoirí ó Chumann Mhúinteoirí na hÉireann i Samhain 2024.


International
Language
MT 945
Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages
Think Global
#ThinkLanguages
Think Greater
Life Experiences
#ThinkLanguages




Languages Connect




SETU
ITALIA







## Tionchar:

- Spreagann léachtóirí agus ambasadóirí teanga scoláirí araon scoláirí iar-bhunscoile agus bunscoile chun leanúint le teanga de bharr laethanta oscailte, comórtais agus cuairteanna scoile.
- Faigheann scoláirí iar-bhunscoile tuiscint agus suim i dteangacha ag an tríú leibhéal nuair a thugann siad cuairt ar champas agus nuair a fhoghlaimíonn siad faoi shaol na hollscoile, faoi staidéar a dhéanamh ar theanga agus faoi dhul thar lear ar Erasmus. Is féidir leis na hambasadóirí teanga mac léinn, nach bhfuil ach cúpla bliain níos sine ná na scoláirí iar-bhunscoile, comhrá a dhéanamh le piaraí agus a bheith níos cairdiúla.

*'Bhí na scoláirí iar-bhunscoile an-tógtha leis. Thug múinteoir teanga agus treoirchomhairleoirí aiseolas dearfach faoi ghairmiúlacht na nAmbasadóirí Teanga agus a gcumas caidreamh fiúntach a bheith acu le ranganna.'*

*Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan*

*'Is dóigh linn go n-oibríonn Scéim na nAmbasadóirí Teanga an-mhaith ar fad, agus is rud é seo ba mhaith linn a choinneáil agus a fhorbairt amach anseo. Is aoibhinn leis na scoláirí Idirbhliana a ndearcadh a fháil, agus sin an chúis a gcuirfimid tuilleadh acu, le teagascóirí, chuig cuairteanna scoile.'*

*Ollscoil Mhá Nuad*

*'Fíorsceitiminí ó na scoláirí agus fonn orthu leanúint ag foghlaim teangacha. Thaitin sé go mór leis na scoláirí an campas agus beocht UCD a fheiceáil.*

*UCD*

*'A bhuí le himeacht Bain Triail as Teangacha, bhunaigh muid naisc le múinteoirí teanga agus scoláirí i meánscoileanna áitiúla, ag tabhairt eispéireas foghlama dearfach don dá ghrúpa. Tá súil agam gur léirigh muid gur rud spraíúil, suimiúil agus fiúntach é foghlaim teangacha, ar fiú am agus fuinneamh a chaitheamh air, agus fuair scoláirí an deis eolas a chur ar SETU agus aithne a chur ar léachtóirí teangacha.*

*SETU*

*'Labhair cuairteoirí chui na seastáin éagsúla ar na buntáistí a bhaineann le scoláirí a bheith i láthair chun luach breise a fháil ar an eispéireas staidéir san fhíorshaol. Thug siad cur síos ar a gcúrsa agus ar an eispéireas foghlama teanga a bhí acu ar bhealach mealltach a raibh sé éasca dáimh a bheith agat leo; bhí siad mar a bheadh idirghabhálaí idir baill foirne agus scoláirí iar-bhunscoile agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ach go háirithe.'*

*OL*

## Na chéad chéimeanna eile:

- Cruinniú bliantúil IAO áit a mbeidh foireann IAO ábalta smaointe ar dhea-chleachtais a mhalartú i mBealtaine 2025.
- Lean de bheith ag tacú le foireann IAO agus ag tairiscint comhairle dóibh ar chur i bhfeidhm tionscadal atá maoinithe ag IAO, amhail comórtais, imeachtaí do threoirchomhairleoirí, imeachtaí chun scoláirí a choinneáil, agus gníomhaíochtaí agus imeachtaí caidrimh.
- Measúnú leanúnach ar na buntáistí a bhaineann le maoiniú IAO a thabhairt ar chur chun cinn teangacha.

## Imeachtaí do Scoláirí

Gníomh: 3.A.2
3.A.3

39,700 duine a d'fhreastail | 7 nImeacht Scoláirí








### Léargas ginearálta:

Bhí taispeántais ag TIBÉ ag go leor imeachtaí do scoláirí le linn 2024, lena n-áirítear Higher Options agus Career Options, Corcaigh, mar aon le himeachtaí eile níos lú ar fud na tíre. Chuaigh an fhoireann i mbun plé le scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí, agus comhairleoirí gairmthreorach agus chuir siad eolas agus acmhainní ar fáil a bhain le roghanna chun staidéar a dhéanamh ar theangacha don tSraith Shinsearach, agus ag an tríú leibhéal. Rinneadh plé fosta ar na buntáistí pearsanta agus gairme a bhaineann le scileanna teanga.

### Príomhaidhmeanna:

- Daoine a chur ar an eolas maidir leis na buntáistí pearsanta, sóisialta agus gairme a bhaineann le scileanna teanga agus díograis i leith foghlaim teanga a chothú i measc na scoláirí
- Daoine a chur ar an eolas maidir leis na tacaíochtaí agus acmhainní éagsúla a chuireann TIBÉ ar fáil do staidéar teangacha don tSraith Shinsearach, agus eolas a chur ar fáil faoi na deiseanna atá ar fáil staidéar a dhéanamh ar theangacha ag an tríú leibhéal
- Léargais a fháil ó scoláirí, múinteoirí, agus comhairleoirí gairmthreorach maidir le dhearcthaí ar fhoghlaim teanga agus an cur chuige a úsáidtear, bearnaí san eolas, agus réimsí ina mbeadh tairbhe ag baint le tuilleadh tacaí nó áiseanna

### Gníomhaíocht:

I bhfómhar 2024, bhí seastán ag TIBÉ ag dhá imeacht mhóra do scoláirí sa tSraith Shinsearach: Higher Options, a tharla go mall i Meán Fómhair ag an RDS, agus Career Options Corcaigh, a bhí ar siúl i lár mhí Dheireadh Fómhair, in Óstán Rochestown Park, Dúglas, Co. Chorcaí.

D'fhreastail breis agus 30,000 duine, scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí, agus comhairleoirí gairmthreorach san áireamh ar Higher Options, agus thug siad cuairt ar sheastáin ó fhostóirí agus institiúidí tríú leibhéal ar fud na tíre. Do TIBÉ, fóram luachmhar is ea é chun bualadh le scoláirí agus plé a dhéanamh ar an ról a bheidh ag teangacha ina saol, oideachas, agus gairm amach anseo.

Imeacht ar scála níos lú is ea Career Options Corcaigh ar ar fhreastail thart ar 6,000 scoláire. Tá sé dírithe ar eolas a thabhairt do scoláirí i ndeisceart na tíre ar na roghanna a bheidh acu tar éis na hiar-bhunscoile. Ba dheis é an t-imeacht rochtain a fháil ar scoláirí lasmuigh de Chúige Laighin, go háirithe i gcomhthéacs na staitisticí iar-imeachta a thug Higher Options a léirigh gurbh as Cúige Laighin 86% de na daoine a d'fhreastail ar an imeacht. Anuas air sin, ba as Baile Átha Cliath do 47% acu.

Bhí seastán ag TIBÉ ag Cruinniú Mullaigh Scoileanna i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath in Aibreán agus ag Northwest Careers Fest i Sligeach i mBealtaine. D'fhreastail thart ar 2,500 scoláire ar an dá imeacht le chéile.

In earrach 2024, tugadh cuireadh d'ionadaithe TIBÉ chuig margaí gairme i Scoil Phobail Bhaile Chill Dara, Coláiste Pobail Lusca agus Gaelcholáiste Luimnigh chun scoláirí a chur ar an eolas faoi bhuntáistí teangacha. D'fhreastail thart ar 1,200 ar na trí mhargadh le chéile.

I ngach imeacht, bhí ainm agus brandáil Languages Connect ar sheastáin TIBÉ, ag tabhairt eolais do pháirtithe leasmhara ar áiseanna agus tacaí Languages Connect, agus ag tairiscint treorach ar ról teangacha sa tSraith Shinsearach, ag an tríú leibhéal agus ina dhiaidh. D'úsáid foireann TIBÉ eispéiris phearsanta agus samplaí ón bhfíorshaol chun tacú le comhráite, mar gur úsáid gach ball teanga agus rinne siad staidéar uirthi ina gcuid staidéar éagsúla agus go luath ina ngairm. Ba mhinic a bhí scuainí fada scoláirí ag fanacht, agus baill foirne sáite i gcomhrá. Bhí meas ag scoláirí ar an raon earraí a raibh baint acu le teangacha, málaí brandáilte agus earraí bolscaireachta. Suaitheantais 'Dia dhuit' agus bileoga inscartha i raon teangacha.

Cuireadh ambasadóirí teanga scoláirí agus Comhlaigh TIBÉ leis an bhfoireann do na himeachtaí níos mó – Higher Options agus Career Options Corcaigh. Bhí na hambasadóirí teanga scoláirí, mar go bhfuil ar chomhaois leis na scoláirí, a bheag nó a mhór, ábalta roghanna na scoláirí a phlé ar leibhéal piaraí, agus chuir Comhlaigh TIBÉ guth an mhúinteora agus a dtuiscint uathúil ar eispéireas an scoláire leis an gcomhrá.

## Tionchar:

- Feasacht mhéadaithe ar acmhainní agus tacaíochtaí Languages Connect i measc príomhpháirtithe leasmhara – thart ar 36,000 duine i láthair thar thréimhse cúig lá idir Higher Options agus Career Options Corcaigh, an dá imeacht ba mhó, mar aon le thart ar 3,000 ag margaí gairme agus imeachtaí scoláirí níos lú.
- Feasacht mhéadaithe i measc na ndaoine a d'fhreastail ar na himeachtaí ar bhuntáistí teangacha mar aon le heolas gairme ar na conairí staidéir atá ann do theangacha éagsúla sa tSraith Shinsearach agus ina diaidh.
- Naisc déanta le taispeántóirí eile cuí agus neartaíodh an caidreamh le páirtithe reatha.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh ag freastal ar imeachtaí cuí do scoláirí in 2025
- Lean le leathnú an fheachtais feasachta trí sheastán a thógáil ag imeachtaí scoláirí i ngach cúige, más féidir
- Tógáil ar chaidrimh le comhpháirtithe lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun litríocht Languages Connect a chur ar taispeáint agus a chur chun cinn ar a seastáin ag imeachtaí

## Léargas Ginearálta

Comhoibríonn TIBÉ go rialta le raon leathan ambasáidí agus institiúidí cultúrtha chun na riachtanais i gcomhthéacs teangacha faoi leith a aithint, chun áiseanna cuí agus deiseanna soghluaiseachta chun tacú le múinteoirí agus scoláirí, a iniúchadh agus chun comhoibriú a iniúchadh a tacaíonn le foghlaim teangacha iasachta, agus a chuireann a dtábhacht chun cinn.

## Príomhaidhmeanna:

- Déan iniúchadh ar shineirge agus ar dheiseanna comhoibrithe, m.sh. i réimsí uasoiliúna teanga agus soghluaiseachta, scéimeanna CTI agus CB, #ThinkLanguages agus Oíche Chultúir
- Daoine a chur ar an eolas faoi thábhacht foghlaim teangacha
- Suíomhanna a aithint ina bhfuil leibhéal spéise agus éileamh ar thacaíochtaí teanga oidhreachta
- Tacaíocht a sholáthar do shaoránaigh ó thíortha éagsúla a ghlacann páirt sa scéim Cúntóirí Teangacha Iasachta
- Páirt a ghlacadh in imeachtaí idirnáisiúnta atá dírithe ar oideachasóirí teanga
- Scaip tacaí a chuireann TIBÉ ar fáil

## Gníomhaíocht:

### Teagasc Teanga agus Tacaíocht Foghlama agus Áiseanna:

- Thacaigh Ambasáid na Seapáine  le TIBÉ le hiarratas ar Fondúireacht na Seapáine le haghaidh Comhairleoir Teanga Seapáinise tiomnaithe do TIBÉ.
- Thacaigh TIBÉ le hAmbasáid na Seapáine agus iad ag eagrú clár cuairteanna scoile. Thug Ambasadóir Maruyama cuairt ar 46 scoileanna san iomlán i rith na tréimhse oifige dá bhliain a chaith sé in Éirinn.
- Thacaigh TIBÉ le hambasáidí agus institiúidí cultúrtha le hionduchtú do Chúntóirí Teangacha Iasachta agus baill foirne ar cuairt, m.sh. mar aon le hionchur ag an ionduchtú náisiúnta do CTI a d'óstáil an Roinn Oideachais, thug TIBÉ tacaíocht iar-ionduchtú do CTI Fraincise ag imeacht a d'óstáil Ambasáid na Fraince. Thug TIBÉ ionduchtú foirne agus eolas do bhaill fhoirne ar cuairt ag na hInstitiúidí Confucius de chuid UCC agus OÉG.
- D'éascaigh TIBÉ Scéim na Múinteoirí Spáinnise ar cuairt, comhaontú idir an Roinn Oideachais in Éirinn agus Aireacht Oideachais agus Cultúir na Spáinne, a bhfuil mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar an nganntas múinteoirí cáilithe Spáinnise in Éirinn.
- Bhí TIBÉ rannpháirteach i bplé le hambasáidí ar dheiseanna breise do mhalartú múinteoirí, m.sh. le hAmbasáid na Cóiré ar chonas ab fhéidir dúshláin a shárú.

### Comórtais:

- I gcomhpháirt le Consejería de Educación de la Embajada de España en Dublin, La Junta de Castilla y León, agus Oifig na dTurasóirí Spáinneacha i mBaile Átha Cliath, d'eagraigh TIBÉ comórtas físeáin Spáinnise. Ba é cúrsa in Castilla y León an duais. I 2024, bhain 6 scoláirí agus 3 múinteoirí tairbhe as cúrsaí uasoiliúna sa Spáinn tar éis an comórtas seo a bhuachan. Tugann an comórtas deis do gach scoláire feabhas a chur ar a gcumas teanga agus foghlaim faoi ghnéithe de shaol agus cultúr na Spáinne agus iad ag ullmhú iarratas físeán don chomórtas.



### Imeachtaí and Ceiliúradh:

- Labhair ionadaithe ó TIBÉ ag raon imeachtaí eagraithe ag ambasáidí, m.sh. Imeacht Ambasáid na Fraince do Chúntóirí Teanga Iasachta Fraincise i mBealtaine agus imeacht Journée internationale des assistants de langue event, eagraithe i mí na Nollag.
- D'fhreastail ionadaithe TIBÉ ar cheiliúradh ambasáidí, ina measc Lá Bastille, Lá na Saoirse de chuid Ambasáid na Brasaíle, Lá Náisiúnta na Cóiré agus breithlá Impire na Seapáine.
- Bhí seastán taispeántais ag TIBÉ ag an Brazil Showcase agus thug siad cur i láthair ann i mBaile Átha Cliath i Samhain 2024.






### Comhoibriú agus Crinnithe:

- Bhí cruinniú ag TIBÉ le Comhlachas Tráchtála Brasaíl-Éireann i Meán Fómhair chun deiseanna comhoibrithe a iniúchadh, taithí oibre do scoláirí Idirbhliana san áireamh.
- I mí na Nollag, bhí cruinniú ag TIBÉ le hambasáidí agus institiúidí cultúrtha chun a rannpháirtíocht i bpríomhthionscadail a phlé, amail Scéim na gCúntóirí Béarla, Scéim na gCúntóirí Teanga Iasachta, uasoiliúint teanga agus soghluaiseacht, agus #ThinkLanguages.
- I gcaitheamh 2024, bhí cruinnithe leis na háisíneachtaí a chuireann cúntóirí chugainn,, m.sh. Der Pädagogische Austauschdienst (PAD).





### Feachtas Feasachta

- Chomhoibrigh TIBÉ le go leor de na hambasáidí ar iarrachtaí feasachta, chun daoine a chur ar an eolas faoi theangacha na n-ambasáidí seo, agus fosta faoi na tacaí a chuireann TIBÉ ar fáil do na teangacha seo. Is samplaí iad Oíche Chultúir, #ThinkLanguages, agus seisiúin eolais a thugann TIBÉ, den obair seo.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean de bheith ag bualadh go rialta le hionadaithe ó ambasáidí agus institiúidí cultúir chun comhthéacs agus dul chun cinn a phlé, agus chun  tuilleadh comhoibrithe cuí a fhorbairt.
- Lean ar aghaidh ag iniúchadh meicníochtaí chun soláthar agus rochtain ar na teangacha a  tugadh isteach le déanaí  a mhéadú.
- Déan iarracht deiseanna chun acmhainn teanga i scoileanna agus sa tsochaí a fhorbairt trí dhaoine a spreagadh le páirt a ghlacadh sa scéim Cúntóirí Béarla.
- Lean ar aghaidh ag iniúchadh bealaí chun tacú le scéim na gCúntóirí Teanga Iasachta agus é a threisiú in oideachas teanga in Éirinn, go háirithe i gcomhthéacs tabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta i gCuraclaim Teanga na Bunscoile.

## Comhoibriú maidir le Daoine a chur ar an eolas– Oíche Chultúir

Gníomh: 3.A.2
3.A.5
3.A.8

21 Teanga | 337 Rannpháirtí

### Léargas ginearálta:

D'óstáil TIBÉ agus Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn comhimeacht i dTeach na hEorpa d'Oíche Chultúir agus chun Lá Eorpach na dTeangacha a cheiliúradh. Cuireadh blasranganna teanga ar fáil in 21 teanga éagsúla ag an imeacht seo.

### Príomhaidhmeanna:

- Cuir blasranganna ar fáil i raon leathan teangacha in imeacht ar fud na tíre
- Tábhacht teangacha iasachta a chur chun cinn trí imeacht náisiúnta
- Déan ceiliúradh ar 20 bliain de mhéadú 2004 an AE trí theangacha na dtíortha a ghlac ballraíocht san AE in 2004 a thairiscint
- Comhimeacht a óstáil agus Oíche Chultúir agus Lá Eorpacha na dTeangacha a thabhairt le chéile

### Gníomhaíocht:

I 2024, reáchtáladh dhá imeacht tráthnóna – ceann amháin chun ceiliúradh a dhéanamh ar Oíche Chultúir ag Teach na hEorpa Dé hAoine an 20 Meán Fómhair, agus imeacht ar líne do Lá Eorpach na dTeangacha Déardaoin an 26 Meán Fómhair. Oíche Chultúir ghlac rannpháirtithe páirt i mblasranganna teanga i ndeich dteanga: Sínis, Seicis, Gearmáinis, Seapáinis, Cóiréis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis agus Spáinnis. D'fhéadfadh rannpháirtithe réamhchlárú nó buaileadh isteach chuig Teach na hEorpa. Bhí an t-imeacht mar chuid de Chonair Chultúrtha Eorpach (a eagraíodh i gcomhar le hInstitiúidí Náisiúnta Cultúir an Aontais Eorpaigh). D'fhéadfadh na daoine a bhí ag iarraidh páirt a ghlacadh san imeacht seo stampa a fháil ar a 'bpas' ag Teach na hEorpa.

Lá Eorpach na dTeangacha, tugadh blasranganna ar líne in aon teanga dhéag eile – Araibis, Eastóinis, Fraincis, Gréigis, Ungáiris, Gaeilge, Iodáilis, Portaingéilis, Slóvaicis, Slóivéinis agus Úcráinis.

### Tionchar:

- Bhí teangacha feiceálach Oíche Chultúir, ar imeacht mórscálaí é, agus lucht freastail de 1.2 milliún aige.
- Bhain breis agus 300 duine leas as blasranganna teanga thar an dá thráthnóna
- Iarradh ar an lucht freastail suirbhé a dhéanamh agus ba é an meánráta don dá imeacht ná 4.6 as 5 réalta, agus dúirt 45% de na daoine a d'fhreastail ar Oíche Chultúir gur mhothaigh siad inspioráid chun teanga a fhoghlaim.

I measc na rudaí a dúirt daoine bhí:


*'Bhí an t-imeacht thar barr. Bhí na teagascóirí, seisiúin agus gníomhaíochtaí ar ghlac mé páirt iontu ar fheabhas ar fad. Mhothaigh mé go raibh fáilte romham, meas agus luach orm, agus bhí gach teagascóir cineálta, pearsanta, cairdiúil. Ba fíor-onóir dom a bheith ábalta freastal ar gach seisiún, agus chuir gach ceann acu le mo spéis i dteangacha. Tá súil agam a bheith ábalta é a dhéanamh arís amach anseo.'*


*'Bhí an t-imeacht iomlán sármhaith, agus eagraithe go maith. Ba í/é an múinteoir Eastóinis an duine ba shuimiúla ó thaobh pearsantacht/carachtar de – thug léargas ar mhuintir na hEastóine mar aon lena dteanga.'*

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh leis na himeachtaí d'Oíche Chultúir agus Lá Eorpach na dTeangacha i 2025
- Lean den iniúchadh ar mheicníochtaí breise chun imeacht Oíche Chultúir a úsáid chun feiceálacht níos mó a fháil do theangacha agus chun daoine a chur ar an eolas faoi.
- Smaoinigh ar níos mó teangacha a chur leis










## Léargas ginearálta:

Tá sé tábhachtach comhoibriú le háisíneachtaí oideachais chun leanúint de bheith ag teacht le polasaithe agus tograí oideachais níos leithne. Tugann comhpháirtithe éagsúla dearcaí, scileanna agus eispéiris éagsúla, agus cuireann siad le cáilíocht scaipthe oibre agus an deis. Cuireann comhoibriú ar ár gcumas áiseanna a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus an tionchar a uasmhéadú.

## Príomhaidhmeanna:

- Bí oiriúnach agus bí i gcónaí ag teacht le polasaithe agus tograí oideachais níos leithne.
- Úsáid áiseanna ar bhealaí éifeachtach agus uasmhéadaigh an tionchar
- Cinntigh go scaiptear obair TIBÉ trí áisíneachtaí eile.

## Gníomhaíocht:

### Comhoibriú leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG):

- Soláthar seisiúin tacaíochta don scoil uile i scoileanna
- Comhdhréacht ar theangacha i nuachtlitir Oide
- Méadú ar an líon áiseanna de chuid TIBÉ atá ar fáil don earnáil oideachais lán-Ghaeilge
- Tráthnóna pobal cleachtais Gaeilge chun múinteoirí a chur ar an eolas faoi chonas Sraith Acmhainní don Oíche Oscailte a úsáid go héifeachtach, chun tacú leo agus chun na feidhmeanna éagsúla atá ann a úsáid.
- Neartaigh TIBÉ comhoibriú le COGG ar thograí FCÁT i 2024. Chuir TIBÉ fáilte roimh Chaitlín Ní Ruanaidh, Oifigeach Oideachais FCÁT le COGG, i seisiúin uasoiliúna do mhúinteoirí teanga, agus bhí bród orainn tacú le seoladh áiseanna Corpoideachas trí Ghaeilge de chuid COGG.

### Comhoibriú le Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM):

- Ba bhall de Ghrúpa Forbartha CNCM é Bainisteoir Teagaisc agus Foghlama TIBÉ don tsonraíocht nua NTI i mbunscoileanna.
- Bhí baill d'fhoireann Teagaisc agus Foghlama páirteach san athbhreithniú ar achtú luath na Sraithe Shóisearaí NTI
- Thug an fhoireann bhunscoile tacaíocht do CNCM le cruthú ábhar tionlacain le haghaidh foilsiú na dréachtsonraíochta i Nuatheangacha Iasachta don chomhairliúchán poiblí.

### Comhoibriú le Oide

- Tá comhoibriú leanúnach bunaithe ag an bhfoireann bhunscoile le hOide maidir le cruthú áiseanna agus tacaí eile do scoileanna agus do mhúinteoirí chun cur i bhfeidhm na sonraíochta NTI, atá san áireamh i gCuraclam Teanga don Bhunscoil athfhorbartha, a éascú.

#### Collaboration with Education Support Centres Ireland (ESCI)

- Bhunaigh ann fhoireann bhunscoile comhoibriú leanúnach le ESCI i gcomhthéacs deiseanna uasoiliúna a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile.

Bunaíodh meitheal thiomanta idir TIBÉ, Oide, COGG agus CNCA chun comhchur chuige a iniúchadh i gcur i bhfeidhm FCÁT. Tá cruinnithe torthúla tar éis cuidiú le comhthuiscint agus comhfhís FCÁT a mhúnlú i gcomhthéacs oideachas na hÉireann.

### Tionchar:

- Tugann comhoibriú le háisíneachtaí eile oideachais rochtain ar shaineolas éagsúil agus méadaítear ar dheiseanna scaipthe oibre, mar aon le foghlaim ghairmiúil.
- Tá TIBÉ tar éis obair ghairmiúil comhoibrithe a dhaingniú agus a leathnú, agus tá áiseanna agus eispéiris ar fáil níos éasca do pháirtithe leasmhara cuí.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Lean leis an dlúthobair le comhpháirtithe oideachais agus áisíneachtaí chun go mbeidh an obair ag teacht le polasaithe sa n earnáil oideachais, agus chun scaipeadh áiseanna agus tacaí a mhéadú.
- Úsáid comhoibriú atá ann faoi láthair chun deiseanna nua a iniúchadh chun tionchar na hoibre a mhéadú.

# Freastal ar Fhóraim agus Imeachtaí do Mhúinteoirí agus do Pháirtithe Leasmhara

Gníomh: 3.A.3
3.A.6

19 bhFóram agus Imeacht

## Léargas ginearálta:

Bhí TIBÉ i láthair ar raon comhdhálacha i rith na bliana. Taispeánadh tionscadail agus tacaí TIBÉ sna cuir i láthair seo, roinneadh dea-chleachtas, neartaíodh comhpháirtíochtaí, agus spreagadh comhoibrithe nua.

## Príomhaidhmeanna:

- Scaip eolas faoi obair TIBÉ maidir le príomhghníomhartha sa Straitéis Languages Connect a chur i bhfeidhm
- Tabhair eolas do múinteoirí, príomhoidí, agus páirtithe leasmhara teanga ar thábhacht teangacha iasachta a fhoghlaim sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil.
- Déan plé ar thábhacht foghlaim teangacha iasacht i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna
- Scaip áiseanna cruthaithe ag TIBÉ chun tacú le páirtithe leasmhara
- Forbair comhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara agus cuir leo.





## Gníomhaíocht:

Sa bhlain 2024, bhí páirt ag TIBÉ i bhfóraim agus imeachtaí do mhúinteoirí agus do pháirtithe leasmhara. Tugadh deis do TIBÉ sna himeachtaí seo tionscadail a scaipeadh agus teagmháil a dhéanamh le múinteoirí agus le páirtithe leasmhara eile maidir leis na forbairtí is déanaí i ndomhan na NTI agus maidir le háiseanna agus tacaí atá ar fáil.

### Chuir TIBÉ leis na himeachtaí a leanas agus/nó bhí taispeántas acu ann:

- Comhdháil ATS (Líonra Gairmiúil Múinteoirí Spáinnise)
- Brazil Showcase
- Comhdháil Bord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (ETBI)
- Experience Japan
- Comhdháil GDI (Líonra Gairmiúil Múinteoirí Gearmáinise)
- Comhdháil Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
- Comhdháil Oideachais Chumann Múinteoirí Éireann (CME)
- Comhdháil Sainchomhairleoireachta Chumann Múinteoirí Éireann (CME)
- Féile na dTeangacha Dúchais
- Comhdháil Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)
- Comhdháil Sainchomhairleoireachta Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)



## Tionchar:

- Thug rannpháirtíocht TIBÉ i bhfóraim agus imeachtaí cuí deiseanna chun na tacaí atá ar fáil a roinnt le páirtithe leasmhara, dea-chleachtas a aibhsiú, agus modheolaíochtaí nuálacha teagaisc a thaispeáint.
- Aithníodh deiseanna nua comhoibrithe agus scaipthe

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean de bheith rannpháirteach go gníomhach agus bheith i dteagmháil le fóraim agus imeachtaí cuí chun daoine a mhealladh le bheith páirteach in oideachas teangacha iasachta agus chun deiseanna a aithint tacú le cur i bhfeidhm straitéise.
- Lean le scaipeadh na dátaí agus áiseanna atá ar fáil do mhúinteoirí agus páirtithe leasmhara.
- Tóg ar an obair reatha le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara chun leanúint ar aghaidh ag tabhairt teachtaireachtaí atá fiúntach agus oiriúnach don obair.






Establishing Initial
for Asian Languages in
Chang Zhang


languagesconnect.ie





Tá bunús taighde taobh thiar de go leor den obair a dhéanann TIBÉ. Cuidíonn taighde le súil a choinneáil ar dhul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí tionscadail, agus tugann sé treoir don obair. Nuair a dhéanann baill foirne TIBÉ taighde, spreagtar iad é a scaipeadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuidíonn na deiseanna seo le naisc a chothú le saineolaithe cuí i gcomhthéacs níos leithne.

## Comhdháil Dhomhanda Chumann Idirnáisiúnta Theangeolaíocht Fheidhmeach

11-16 Lúnasa 2024 - Hibridd

Mar chuid de Comhdháil Dhomhanda Chumann Idirnáisiúnta Theangeolaíocht Fheidhmeach, thug Laura Quigley páipéar leis an Ollamh Kim Bower, agus Dee Rutgers, Ph, D, mar chuid d'obair leanúnach TIBÉ ar FCÁT. Ba é 'The potential of multiliteracies in CLIL to engage language learners in Ireland' teideal an pháipéir.

## Measúnú agus Creidiúnú Sheirbhísí Cáilíochta Teanga (EAQUALS)

11-12 Deireadh Fómhair 2024 – Ar líne

Thug Kenia Puig I Planella, Ph.D, i gcomhpháirt le Miranda Karjagdi Colak, Ph.D, ó Scoil Teangacha Iasachta in Ollscoil Teicenoalíochta Bursa, seisiún ag comhdháil EAGUALS faoin téama 'Cleachtais Cháilíochta i dTeagasc Teangacha'. Sa chur i láthair, rinneadh iniúchadh ar threochtaí reatha in oideachas ilteangach agus idirchultúrtha, agus tugadh aghaidh ann ar riachtanais i gcomhthéacsanna éagsúla oideachais. Tugadh straitéisí praiticiúla don lucht freastail chun cur lena gcleachtas teagaisc, chun tacú le forbairt ghairmiúil agus chun torthaí foghlama a fheabhsú ina gcuid institiúidí. Ba dheis é an cur i láthair fosta chun an obair a dhéanann TIBÉ chun tacú le hoideachas ilteangach idirchultúrtha a thaispeáint.

## Comhdháil Bhliantúil Chumann Teangeolaíochta Feidhmí na hÉireann (IRAAL)

15-16 Samhain 2024, Coláiste na hOllscoile, Corcaighk

Thug Chang Zhang páipéar ag Comhdháil Bhliantúil IRAAL 2024 ar oideachas tosaigh múinteoirí teangacha na hÁise in Éirinn, inar pléadh dúshláin agus féidearthachtaí amach anseo. Foilsíodh páipéar ar an ábhar seo in Imleabhar 31 TEANGA, iris IRAAL.

## Foilseacháin i 2024


- Bower, K., Rutgers, D., & Quigley, L. (2024).
  Learner perceptions of a national CLIL Innovation in Foreign Languages in the Republic of Ireland (5474).
  *Frontiers in Education,* 9.
  http://doi.org/10.3389/feduc.2024.1456630
- Zhang, C., & Ruddock, K. (2024).
  Bridging Gaps and Building Futures: Establishing initial teacher education for Asian languages in Ireland.
  *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics,* 31, 231–255.
  https://doi.org/10.35903/teanga.v31i.7643

### Tionchar

- Lean de bheith rannpháirteach go gníomhach agus bheith i dteagmháil le fóraim agus imeachtaí cuí chun daoine a mhealladh le bheith páirteach in oideachas teangacha iasachta agus chun deiseanna a aithint tacú le cur i bhfeidhm straitéise.
- Lean le tacaí agus áiseanna atá ar fáil do mhúinteoirí agus do pháirtithe leasmhara a scaipeadh.
- Tóg ar an obair reatha le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara chun leanúint ar aghaidh ag tabhairt teachtaireachtaí atá fiúntach agus oiriúnach don obair.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh ag úsáid gach deis comhoibrithe le comhpháirtithe acadúla agus roinn taighde cuí chun comhoibriú  agus nuálaíocht a spreagadh níos mó in oideachas teanga, ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

23 Teanga






## Léargas ginearálta:

Spreagann Léamhatón IS páistí chun an oiread leabhar agus is féidir leo a léamh le linn mhí na Samhna, fad is a bhailíonn siad airgead do Scléaróis Iolrach Éireann. Tá TIBÉ tar éis a bheith ag comhoibriú le SI Éireann le roinnt blianta anuas chun urraíocht a dhéanamh ar dhuais i gcatagóir speisialta do theangacha iasachta.

## Príomhaidhmeanna:

- Daoine óga a spreagadh chun léamh i dteanga seachas Gaeilge nó Béarla
- Tábhacht na léitheoireachta i dteanga oidhreachta a chur chun cinn i measc tuismitheoirí

## Gníomhaíocht:

Chuir Languages Connect le cur chun cinn na hócáide agus spreag siad rannpháirtithe chun léamh i dteanga eile seachas Gaeilge nó Béarla. Den chéad uair i mbliana, cuireadh léirmheas ar leabhar i dteanga iasachta san áireamh sa chomórtas. Thapaigh na páistí an deis chun léamh i raon leathan teangacha, Albáinis, Araibis, Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Danmhairgis, Ollainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Eabhrais, Hiondúis, Ungáiris, Seapáinis, Iodáilis, Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis, Rúisis, Spáinnis, Tuircis agus Úcráinis san áireamh. Spreagadh tuismitheoirí chun a gcuid leanaí a chur ag léamh ina dteanga oidhreachta. Bhí dhuaiseanna ann do bhuaiteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon. Léigh na buaiteoirí léirmheasa leabhair in Ollainnis agus Spáinnis.

## Tionchar:

- Cabhraíonn an chomhpháirtíocht seo le líon níos leithne daoine a spreagadh le bheith ag léamh i dteanga iasachta agus cuireann sé leis an bhfeasacht ar bhuntáistí scileanna teanga i measc páistí agus tuismitheoirí ar fud na tíre
- Spreagann an togra páistí le nascadh lena dteanga oidhreachta, nó fanacht nasctha léi.
- I 2024, léigh páistí i 23 teanga iasachta éagsúla.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean de bheith ag obair le Léamhatón SI 2025 agus bain tairbhe as na deiseanna teangacha a chur chun cinn i measc páistí agus scoláirí ar fud na tíre a ghlacann páirt i ngníomhaíocht tiomsaithe airgid seanbhunaithe mar sin.
- Iarracht a dhéanamh cur le rannpháirtíocht scoláirí atá páirteach in 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' in Léamhatón SI.

# Áiseanna Gairmthreorach agus Comhoibriú Páirtithe Leasmhara

Gníomh: 3.B.1
3.B.2

24k+ Cuardach ar saoloibre.ie | 2 Comhlach Nua Treorach

## Léargas ginearálta:

Cuireann TIBÉ acmhainní agus tacaíochtaí ábhartha ar fáil do chomhairleoirí gairmthreorach chun cabhrú leo eolas a chur ar a gcuid scoláirí maidir le rogha ábhair agus ábhair NTI, chomh maith le tacú leo sa chomhrá maidir le nuatheanga iasachta a roghnú agus iad ag teacht isteach sa scoil, agus ag pointí aistrithe (an Idirbhliain, mar shampla), laistigh dá scoileanna.

## Príomhaidhmeanna:


- Cuidigh le comhairleoirí gairmthreorach an t-eolas cuí a thabhairt do scoláirí agus do thuismitheoirí faoi roghanna ábhar teanga agus faoi mhodhanna soláthair
- Comhairleoirí gairmthreorach a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le foghlaim teangacha chun úsáid níos leithne teangacha iasachta a spreagadh.
- Oibrigh le páirtithe leasmhara cuí chun eolas agus tacaíochtaí do chomhairleoirí gairmthreorach a scaipeadh agus ina dhiaidh sin iad a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus pobal níos leithne scoile.

## Gníomhaíocht:

Lean TIBÉ den tsraith acmhainní treorach de chuid Languages Connect a chur chun cinn agus a scaipeadh thar ardáin dhigiteacha éagsúla, trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara agus i scoileanna ar fud na tíre i gcaitheamh 2024.

I Márta 2024, d'fhreastail TIBÉ ar chomhdháil bhliantúil Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (ITC) in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan Ciarraí, chun eolas cuí a thabhairt agus chun áiseanna atá ar fáil a scaipeadh ar na 350 treoirchomhairleoir a bhí i láthair. Ba dheis an-luachmhar é an t-imeacht seo chun teagmháil a dhéanamh le treoirchomhairleoirí i réimsí a bhaineann lena gcuid oibre.

Ba dheis é freastal ar chomhdháil bhliantúil IGC áis nua a chur chun cinn agus a scaipeadh. Ba é 'Staidéar ar Theangacha Iasachta don Ardteistiméireacht agus ina diaidh' an teideal, agus tháinig sé chun cinn as plé le treoirchomhairleoirí gairmiúla a raibh áis á lorg acu chun príomhghnéithe den soláthar teanga ag leibhéal na hArdteistiméireachta a aibhsiú, difríochtaí idir teangacha curaclaim agus neamhchuraclaim agus tacaí atá ar fáil san áireamh.




Ag teacht as athbhreithniú ar áiseanna reatha, forbraíodh pacáiste sleamhnán cur i láthair don ghairmthreoir freisin. Tá sé i gceist go gcuirfear an áis seo i gcuir i láthair a phléann teangacha Ardteistiméireachta in imeachtaí scoile do scoláirí atá ag dul isteach sa tSraith Shinsearach. Ba chóir go dtacódh na háiseanna seo le treoirchomhairleoirí, agus lena gcomhghleacaithe NTI, chun tógáil ar chur chuige scoile uile don treoir.

In Aibreán 2024, thug TIBÉ caint do threoirchomhairleoirí in Ollscoil Luimnigh. Díríodh san imeacht ar áiseanna a bhaineann le Treoir agus tugadh deis ann dóibh siúd a d'fhreastail air ceisteanna a chur.

I Lúnasa 2024, bhí áthas ar TIBÉ fáiltiú roimh bheirt Chomhlach nua ar an bhfoireann – tháinig an bheirt acu ó chúlra NTI agus Treoir. Beidh a dtacaíocht sa réimse seo an-luachmhar.

**Comhoibriú le Páirtithe Leasmhara**

Lean an chomhpháirtíocht le CareersPortal.ie in 2024. Bíonn ailt ó Languages Connect i ngach nuachtlitir de chuid saoloibre.ie, a sheoltar chuig treoirchomhairleoirí gach mí. Tá tíl teanga ar gach ceann de na 33 réimse gairme ar an suíomh gréasáin agus bíonn uasdátuithe TIBÉ ar fáil go rialta ar phostálacha meán sóisialta ar CareersPortal.ie. Déantar uasdátú leanúnach ar Aimsitheoir Cúrsa Languages Connect chun gach cúrsa tríú leibhéal ina bhfuil teanga ag mórleibhéal, mionleibhéal nó mar rogha, a chur san áireamh.

**Comórtas Scileanna Gairme CareersPortal.ie**

Tá sé mar aidhm ag an gComórtas Scileanna Gairme scoláirí a spreagadh leis an ról atá ag scileanna ina ngairm agus oideachas amach anseo. In 2024, lean TIBÉ ar aghaidh le hurraíocht a dhéanamh ar dhuais i gcatagóir speisialta – Duais Languages Connect le haghaidh Gairme le Teangacha Iasachta.




Tharla Bronnadh na nDuaiseanna 2024 i mBealtaine ag an Roinn Oideachais. D'fhreastail breis agus 100 duine ar an searmanas, na scoláirí a bhuaigh, a gcuid múinteoirí, príomhoidí, príomhoidí tánaisteach, treoirchomhairleoirí agus tuismitheoirí san áireamh.

Chuir beagnach 1,500 scoláirí isteach ar an gcomórtas ó 148 scoil ar fud na tíre. Ba í Aoife McCann ó Scoil an Chroí Naofa, Droichead Átha, Co. Lú, buaiteoir roinn Languages Connect.

## Tionchar:

- Feasacht mhéadaithe i measc príomhpháirtithe leasmhara in earnáil na treorach maidir le tábhacht teangacha i gcomhthéacs na ndeiseanna staidéir agus gairme
- Rannpháirtíocht shuntasach le hacmhainní ar líne ar shuíomh gréasáin CareersPortal.ie, lena n-áirítear 290k amharc ar Leathanach na dTeangacha. Bhí 25k amharc ar fhíseáin teanga, agus ar fhíseáin a bhaineann le gairm agus teanga, agus 25k amharc eile ar leathanaigh a bhaineann le rogha ábhar teanga.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean de bheith ag leathnú ról na gComhlach nuacheaptha don Treoir, ag díriú go háirithe ar chur le teagmháil le Treoirchomhairleoirí eile chun eolas agus áiseanna tábhachtacha a roinnt.
- Leanúint de bheith ag méadú an chomhoibrithe, agus féachaint ar dheiseanna eile rannpháirtíochta, le gach páirtí leasmhar ábhartha lena n-áirítear comhairleoirí gairmthreorach, Institiúid na gComhairleoirí Gairmthreorach, CareersPortal.ie agus seirbhísí tacaíochta gairmiúla eile.
- Ullmhaigh agus tabhair dhá cheardlann ag chomhdháil bhliantúil IGC i 2025.

## Sraith Acmhainní d'Oíche Oscailte

Gníomh: 3.A.2



5 sheisiún tacaíochta ar líne | 1 seisiún i nGaeilge

### Léargas ginearálta:

Cuireann Sraith Acmhainní d'Oíche Oscailte de chuid Cuir Fáilte Roimh Theangacha sraith acmhainní ar fáil do mhúinteoirí atá ag pleanáil chun oícheanta oscailte a óstáil laistigh dá scoileanna. Trí réimse de ghníomhaíochtaí samplacha, tá sé mar aidhm ag an tsraith acmhainní tacú le roghnú nuatheangacha iasachta (NTI) i réimsí ábhair NTI sa tSraith Shóisearach. I Meán Fómhair 2024, cuireadh seisiúin ar líne ar fáil chun tacú le múinteoirí ar conas a d'fhéadfaidís úsáid na sraithe acmhainní a mhéadú i measc scoláirí a bheadh le teacht isteach sa chéad bhliain.

### Príomhaidhmeanna:

- Tacú le múinteoirí gníomhaíochtaí agus cuir i láthair mhealltacha a ullmhú d'oícheanta oscailte
- Cabhrú le múinteoirí roghnú NTInna a chur chun cinn ina scoileanna agus scoláirí féideartha a spreagadh chun fáilte a chur roimh theangacha agus ábhair á roghnú acu don tSraith Shóisearach.

### Gníomhaíocht:

Chun daoine a chur ar an eolas faoin tsraith acmhainní agus chun taú le múinteoirí í a úsáid, tugadh sraith seisiún ar líne i Meán Fómhair 2024, ceann amháin i nGaeilge mar throadh ar chomhpháirtíocht le COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta). Chláraigh 124 múinteoir chun freastal ar na seisiúin seo.

Aiseolas ó 2024 bunaithe ar na seisiúin seo:

*'Cur i láthair agus áiseanna ar fheabhas. Cur chuige an-phraiticiúil. Míe buíochas'*

*'An-chabhrach, deis iontach líonrú a dhéanamh le múinteoirí eile NTI agus smaointe a roinnt'*

*'Smaointe iontacha. Curtha i láthair ar bhealach soiléir'*

*Go raibh míle maith agat. Is múinteoir nuacháilithe mé agus bhí sé seo thar a bheith cabhrach!!!'*

*'An-chabhrach noda a fháil ar conas an tsraith acmhainní a úsáid ar bhealach maith'*

### Tionchar:

- Tá feasacht níos fearr i measc páirtithe leasmhara ar an tsraith acmhainní agus conas is féidir í a úsáid chun tacú le roghnú teangacha.
- Thuairiscigh múinteoirí a d'fhreastail ar na seisiúin chun tacú le húsáid na sraithe i Meán Fómhair 2024 aiseolas dearfach.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Sraith  seisiún ar líne a thabhairt i Meán Fómhair 2025 chun tacú le húsáid leanúnach na sraithe acmhainní agus le straitéisí eile chun tacú le teangacha a roghnú agus scoláirí ag teacht isteach sa scoil, agus ag pointí aistrithe ón tSraith Shóisearach go Sinsearach.
- Déan athbhreithniú tréimhsiúil ar ábhar na sraithe acmhainní ionas go mbíonn sé suimiúil, oiriúnach agus freagrúil do riachtanais phobail scoile.

# Seisiúin Eolais ar Theangacha don Ardteistiméireacht do Thuismitheoirí agus Páirtithe Leasmhara

Gníomh: 3.A.6

8 seisiún ar líne    283 duine a d'fhreastail

## Léargas ginearálta:

Chun cur le cumarsáid le scoláirí teangacha a tugadh isteach le déanaí agus teangacha tearctheagasctha curaclaim (m.sh. Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis, Rúisis) agus chun tacú leis na scoláirí agus a dtuismitheoir, d'eagraigh TIBÉ seisiúin rialta eolais chun go rachaidís i dtaithí ar cháipéisí curaclaim agus eolas maidir leis na scrúduithe stáit.

## Príomhaidhmeanna:

- Tuismitheoirí agus scoláirí a chur ar an eolas maidir le heolas cuí agus tacaí a chuireann TIBÉ agus áisíneachtaí eile ar fáil
- Tacú le tuismitheoirí scoláirí reatha agus scoláirí féideartha na dteangacha a tugadh isteach le déanaí agus teangacha tearctheagasctha curaclaim.
- Páirtithe leasmhara a chur ar an eolas agus teagmháil a dhéanamh leo maidir leis an bpríomheolas agus forbairtí sna sonraíochtaí nua

## Gníomhaíocht:

I 2024, d'eagraigh TIBÉ ocht seisiún eolais ar líne dírithe ar scoláirí na dteangacha a tugadh isteach le déanaí agus a dtuismitheoirí. D'fhreastail 283 ar na seisiúin seo, a chuimsigh raon ábhar, ina measc seirbhísí tacaíochta, sonraíochtaí curaclaim, cáipéisí tacaíochta, an scrúdú stáit agus comhairle ar dhea-chleachtas staidéir ar scoil agus sa bhaile.

D'eagraigh TIBÉ seisiún ar líne do Rúisis na hArdteistiméireachta den chéad uair i mbliana. D'fhreastail 82 scoláire sa chúigiú agus séú bliain, a raibh suim acu tuilleadh a fháil amach faoi scrúdú na hArdteistiméireachta. Ba i Rúisis a tugadh an seisiún.

Chun rochtain níos leithne a chinntiú, rinne TIBÉ teagmháil leis an bpobal áitiúil, d'úsáid siad cainéil mheán sóisialta, agus comhoibrigh siad leis na hambasáidí cuí chun tuismitheoirí agus scoláirí a chur ar an eolas faoi na seisiúin eolais. Ag aithint an gá atá le rochtain taobh amuigh de na seisiúin bheo, Chuir TIBÉ liosta ceisteanna coitianta le chéile, ar fáil ar languagesconnect.ie i mBéarla agus sa sprioctheanga. Tacaíonn na háiseanna seo le tuismitheoirí a bhfuil cúlraí éagsúla teanga acu agus tugann siad eolas do lucht léite níos leithne.

Ba ardán iad na seisiúin eolais seo chun na ranganna a thugann TIBÉ ar an Satharn a chur i láthair.Tá na seisiúin féin agus na ranganna dírithe ar scoláirí atá ag déanamh staidéir ar an gcuraclam lasmuigh den scoil, cothaíonn siad cumarsáid agus cothaíonn siad pobal i measc foghlaimeoirí.

### Tionchar:

- Thug cabhair thráthúil do thuismitheoirí scoláirí na Sraithe Sinsearaí, agus thug léargais luachmhara do scoláirí níos óige atá ag pleanáil don todhchaí.
- Chuir páirtithe leasmhara ar an eolas faoin gcomhthéacs, seachadadh, agus próisis scrúdaithe do na teangacha Ardteistiméireachta a tugadh isteach le déanaí.
- Chuir le comhoibriú idir TIBÉ, ambasáidí agus na pobail sprioctheanga.

### Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh ag eagrú seisiúin rialta eolais i 2025
- Lean ar aghaidh ag aithint riachtanais tuismitheoirí, agus/nó áiseanna cuí a chruthú agus tacaíocht chuí

272 duine a d'fhreastail

## Léargas ginearálta:

Tugann TIBÉ tacaíocht do scoláirí Úcráinise a bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoin scrúdú Ardteistiméireachta. Is í an Úcráinis an chéad teanga neamAE le cur ar na scrúduithe mar pháipéar Ardteistiméireachta neamhchuraclaim agus beidh sé ar fáil do scoláirí mar scrúdú den chéad uair i Meitheamh 2025. Tugadh an chéad seisiún eolais de chuid TIBÉ chun tacú leis an bpáipéar scrúdaithe Ardteistiméireachta neamhchuraclaim in Úcráinis i 2024.

## Príomhaidhmeanna:

- Tacaíocht a thabhairt do scoláirí atá ag smaoineamh ar thabhairt faoin scrúdú Arditeistiméireachta in Úcráinis.
- Iarrthóirí féideartha scrúdaithe a chur ar an eolas faoin scrúdú nua seo.

## Gníomhaíocht:

Mar ullmhúchán do thabhairt isteach Úcráinis neamhchuraclaim na hArdteistiméireachta, eagraíodh imeacht dírithe ar scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain iar-bhunscoile a chur ar an eolas faoin bpáipéar nua scrúdaithe seo. Chláraigh 272 scoláire, tuismitheoirí agus daoine eile le páirt a ghlacadh ann.

D'fhorbairt TIBÉ bileog tiomnaithe eolais ar scrúdú Úcráinis na hArdteistiméireachta chun tacú le scoláirí agus páirtithe leasmhara eile le ceisteanna maidir leis an scrúdú seo.

## Na chéad chéimeanna eile:

- Óstáil seisiúin eolais ar líne, ag díriú ar an bpáipéar nua scrúdaithe, i mí Eanáir 2025.

## Seisiúin Tacaíocht Scoile Uile do NTI

Gníomh: 3.B.4

9 seisiún

### Léargas ginearálta:

Tugann Seisiúin Tacaíochta Scoile Uile tacaíocht agus treoir d'fhoirne scoile uile agus iad ag cur le soláthar teangacha iasachta ar an gcuraclam, agus an soláthar á leathnú.

### Príomhaidhmeanna:

- Foirne bainistíochta sinsearacha a chur ar an eolas faoi thábhacht foghlama teanga do gach scoláire.
- Spreag roghnú, leathnú agus éagsúlú roghanna teangacha iasachta taobh istigh de scoileanna
- Tabhair na tacaí atá de dhíth orthu d'fhoirne bainistíochta sinsearacha, chun cur le soláthar teangacha

### Gníomhaíocht:

Tar éis athbhreithnithe ar sheisiúin chomhairliúcháin de chuid TIBÉ, aontaíodh ar chur chuige nua, ag díriú ar thacú le scoileanna ina bhfuil Oifigigh Forbartha Teanga de chuid TIBÉ fostaithe. Lean na Seisiúin Tacaíochta Scoile Uile ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'fhoirne scoile trí fhéachaint ar sholáthar iomlán NTI sa scoil. Anuas air sin, tugadh tacaíocht do na hOifigigh Forbartha Teanga, a dtugann TIBÉ fostaíocht dóibh, i rith na cuairte trí bhreathnú ceachta agus comhrá gairmiúil. Sampla de na seisiúin seo ba ea an ceann i gColáiste Íosagáin, Stigh Lorcáin, Baile Átha Cliath. Bhí roinnt feidhmeanna ag an gcuairt, ina measc comhoibriú le grúpa daoine gairmiúla oideachais ón gCatalóin, breathnú ceachta ar an múinteoir TIBÉ Sínise sa scoil, agus an chéad seisiún lán-Ghaeilge WSS, stiúrtha ag COGG.



### Tionchar:

- Fuarthas aiseolas dearfach maidir leis na seisiúin WSS, agus dúirt rannpháirtithe gur thacaigh na seisiúin le soláthar NTI ina scoileanna.
- Mar thoradh ar na seisiúin, mhothaigh lucht scoile spreagtha le curaclam NTI sa scoil a leathnú agus malartuithe scoile a fhorbairt

### Na chéad chéimeanna eile:

- Lean leis na seisiúin WSS agus leathnaigh iad, chun tacú le scoileanna le cur i bhfeidhm straitéis Languages Connect, agus chun tacú le hOifigigh Forbartha TIBÉ ina gcuid oibre.

## Sprioc 3 – Ag Dul Chun Cinn

Gnéithe tábhachtacha den iarracht daoine a chur ar an eolas a bheidh i gcomhpháirtíochtaí, comhoibriú agus láithreacht ag imeachtaí . De réir mar a fhásann an fhoireann, is féidearthacht anois é freastal ar raon leathan imeachtaí páirtithe leasmhara nó iad a óstáil. Forbróidh naisc, a bunaíodh trí fhreastal agus rannpháirtíocht i raon imeachtaí, go leanúnach agus úsáidfear iad chun daoine a chur ar an eolas faoin raon leathan tacaí agus áiseanna atá ar fáil. Tá ainm agus brandáil láidir Languages Connect seanbhunaithe anois, agus beidh tionchar ar líne aige, ar mheáin shóisialta, ar scoileanna agus ar na himeachtaí iomadúla a eagraíonn TIBÉ agus a bhfreastalaíonn sé orthu.

Leanfar le forbairt an bhailiúchán áiseanna agus ábhar bolscaireachta bunaithe ar aiseolas agus taighde ar an spriocluch léite. Príomhghné den iarracht daoine a chur ar an eolas a bheidh i láithreacht TIBÉ agus caidreamh ag cruinnithe aghaidh ar aghaidh, imeachtaí agus comhdhálacha. Tá go leor comhoibrithe forbartha agus cothaithe le páirtithe leasmhara agus leanfaidh siad den fhás, den fhorbairt agus cruthóidh siad tionchar don iarracht feasachta.

Leanfaidh gach cumarsáid ar aghaidh ag cur chun cinn an tairbhe a bhaineann le foghlaim teanga iasachta i ngach earnáil oideachais chun deiseanna méadaithe gairme a aibhsiú, d'fhorbairt tras-scileanna agus do chomhtháthú agus cuimsiú sóisialta. Forbróidh #ThinkLanguages níos mó le tairiscint níos leithne do scoileanna mar a fhorbraíonn chomhpháirtithe le IAOanna, bunscoileanna, agus ranna eile rialtais agus páirtithe leasmhara a bheidh fite fuaite sa cheiliúradh leathnaithe seachtaine ar theangacha.

Sa chur chuige comhtháite maidir le scoláirí a mhealladh teangacha a roghnú, beidh Foirne Bainistíochta Sinsearacha, Treoirchomhairleoirí agus múinteoirí teangacha iasachta, ag cinntiú go bhfuil áiseanna cuí acu le roinnt le scoláirí. Tabharfar rochtain níos fearr ar ambasadóirí teanga, de bharr an chomhoibrithe le IAOanna a bheidh ag fás, chun tacú le feasacht ar chúrsaí agus gairmeacha teanga.

Tá deiseanna suntasacha ar fáil freisin chun feasacht a mhúscailt i measc páistí bunscoile agus a dteaghlaigh trí fhás an Mhodúil Bunscoile 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha', agus na deiseanna uasoiliúna teanga do mhúinteoirí bunscoile atá ag teacht chun cinn anois. Déanfar Sraith Acmhainní don Oíche Oscailte de chuid Languages Connect agus acmhainní eile a fhorbairt agus a scaipeadh tuilleadh freisin chun tacú le roghnú teangacha iasachta ag an leibhéal iar-bhunscoile. Faoi láthair, tá bailiúchán sonrach áiseanna táirgthe don treoighairm, a dhíríonn ar mheas a mhéadú ar an luach a bhaineann le teanga iasachta a choinneáil.

Iarrann **Sprioc 4** ar fhostóirí dul i dteagmháil le scoileanna agus comhoibriú le IAOanna chun smaoineamh ar riachtanais teanga. Tá comhoibriú déanta ag TIBÉ le comhpháirtithe amhail Fiontraíocht Éireann, an Roinn Ghnóthaí Eachtracha, agus SaolOibre.ie chun scileanna teanga a chur chun tosaigh, chun teagmháil fostóra le scoláirí a spreagadh agus chun feasacht a mhéadú maidir le luach scileanna teanga i ngairmeacha.





# SPRIOC 4

## RANNPHÁIRTÍOCHT FOSTÓIRÍ A CHUR CHUN CINN I BHFORBAIRT AGUS IN ÚSÁID TEANGACHA TRÁDÁLA

Lucht léite Feachtas Alt na Meán: 2.7m    Fiontraíocht Éireann Síntiúsóirí Ezine: 9.5k

## Léargas ginearálta:

Tá roinnt gníomhaíochtaí déanta ag TIBÉ i gcomhar le fostóirí agus leis an earnáil fiontraíochta chun suntas na scileanna teanga a aibhsiú do scoláirí, ag cur béim ar ábharthacht na scileanna seo i gcomhthéacsanna gairmiúla.

## Príomhaidhmeanna:

- Feasacht a mhéadú i measc na scoláirí ar an tábhacht a bhaineann le scileanna teanga sa ghnó, san fhiontar, agus i ngairmeacha beatha éagsúla, agus fostóirí a chuimsiú san iarracht seo
- Deiseanna a thabhairt do scoláirí taithí phearsanta a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear teangacha i suíomhanna gnó san fhíorshaol
- Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara sa tionscal chun dearcaí reatha a thuiscint agus plé a dhéanamh ar an ngá atá le scileanna teanga i bhfórsa saothair an lae inniu, chomh maith le fás ar dheiseanna taithí oibre a spreagadh do scoláirí atá ag foghlaim teangacha.
- Scileanna teanga a dhearbhú agus a aithint trí chomórtais agus imeachtaí fiontraíochta, ag cothú spreagadh agus muinín i measc na scoláirí

## Gníomhaíocht:

### Comhoibriú leis an Roinn Ghnóthaí Eachtracha (RGE)

I 2024, chomhoibrigh TIBÉ leis an RGE ar roinnt tograí a thug tacaíocht do Languages Connect: Straitéis na hÉireann do Theangacha Isachta san Oideachas – 2027-26 agus straitéis 'Gairm don AE'. Ag imeachtaí ábhartha inaa díríodh ar scoláirí iar-bhunscoile, scaipeadh eolas faoi dheiseanna gairme laistigh den Aontas Eorpach (AE) agus an tábhacht a bhaineann le scileanna teanga do straitéisí an AE. Thacaigh an RGE le TIBÉ trí ábhair Languages Connect a roinnt chun buntáistí scileanna teanga don fhorbairt ghairme a aibhsiú ag imeachtaí nach raibh ionadaíocht ag TIBÉ ann. Scaipeadh TIBÉ ábhair ar son RGE ag imeachtaí eile.












Ghlac an Roinn Ghnóthaí Eachtracha páirt i Seachtain #ThinkLanguages arís i mbliana, ag tabhairt urraíochta don duais Chomórtas Foirne Seaimpíní – turas chun na Bruiséile – ag tabhairt deis do scoláirí súil phearsanta a chaitheamh ar fhéidearthachtaí gairme san AE.

Chruthaigh TIBÉ ábhair spriocdhírithe chun conair a bhfuil baint acu le teangacha san AE a thaispeáint. Roinneadh i rith an imeachta iad. San áireamh ansin, bhí ball d'fhoireann na Roinne Gnóthaí Eachtracha, lonnaithe sa Bhruiséil, mar eochairchainteoir i searmanas oscailte Sheachtain #ThinkLanguages, ag teacht ón rath a bhí air anuraidh.

### Cláir le Fiontraíocht Éireann

D'oibrigh TIBÉ le háisíneacht forbartha fiontraíochta an rialtais, Fiontraíocht Éireann, chun daoine a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le scoláirí a fhoghlaimíonn teangacha do thodhchaí gheilleagar na hÉireann.

### Príomhghníomhaíochtaí le Fiontraíocht Éireann:

- Chun tacú le seoladh teachtaireachtaí scoláirí, ghlac earcach a bhfuil céim aige agus scileanna teanga ag obair sa Ghearmáin le Fiontraíocht Éireann páirt i bhfíseán searmanais oscailte #ThinkLanguages, ag taispeáint na ndeiseanna atá ar fáil do scoláirí na hÉireann a bhfuil scileanna teangacha iasachta acu.
- Chun daoine a chur ar an eolas faoi obair TIBÉ agus faoi ról Fhiontraíocht Éireann (FÉ) i Stratéis Languages Connect, thug TIBÉ cur i láthair do bhreis agus 30 Comhairleoir Forbartha (CF) i bhFiontraíocht Éireann – is é a ról ná príomhréimsí suime agus riachtanais a aibhsiú dá gcliaint. D'úsáid TIBÉ an deis seo chun tábhacht scileanna teangacha iasachta le haghaidh rath eacnamaíoch sa todhchaí a aibhsiú, agus chun smaointe a thabhairt maidir leis an mbealach a bhféadfadh na CFanna agus a gcliaint tacú le spriocanna na straitéise.

# How foreign language education can influence Irish business growth and **talent development**

Embracing foreign language skills can support the growth of Irish enterprises internationally. Find out how language proficiency future-proofs Irish talent.

Recent client surveys, undertaken by Enterprise Ireland, have highlighted that access to skills is a major challenge to company development and a critical obstacle to company growth.

**Foreign language skills for business growth**

The availability of human capital and a skilled workforce, as well as the commitment of those in education to address these needs, is critical to support Irish enterprises as they look to scale their businesses internationally. Language proficiency and cultural understanding are essential skills to support building international Irish enterprises. The lack of language skills is a significant trade barrier, with Ireland lagging when it comes to language proficiency, especially when compared with other EU member states.

**Future-proofing Irish students**

Primary, post-primary and lifelong learning initiatives are essential to develop and embed language skills in the Irish workforce. They allow us to future-proof talent and support Irish enterprises as they address the impact of globalisation, geopolitical developments and changes in international trade.

Fostering foreign language education in Irish schools is not merely an academic exercise but a strategic imperative. It prepares students for a globalised world, enhances their cognitive and cultural capabilities and ensures Ireland's active and informed participation in the European and global arenas. Critically, it ensures an agile, highly skilled talent pool for Irish enterprises with the ambition to scale internationally.

**Supporting Ireland's language strategy**

Languages Connect is Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017–2026. It focuses on enhancing foreign language education, underscoring the critical importance of multilingual competence for individuals, society and the economy.

This comprehensive plan envisions a future where learning and using at least one foreign language is commonplace, emphasising the inherent value of linguistic skills. The school system has a critical role to play in language and transversal skills development for the workforce of the future. Visit languagesconnect.ie to find out more about supporting foreign language learning for Irish students.



**Helen McMahon**
Senior Strategic Policy Advisor, Enterprise Ireland

Find out more at **languagesconnect.ie**

Sponsored by **Languages Connect**

Languages Connect

Enterprise Ireland

**Enterprise Ireland**

Language proficiency and cultural understanding are crucial for building international Irish enterprises.

Primary, post-primary, and lifelong learning initiatives are key to developing these skills in the Irish workforce, helping us future-proof talent and support enterprises amid globalisation and changing trade dynamics.

Enterprise Ireland's Helen McMahon highlights how Languages Connect, Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017–2026, aims to enhance foreign language education, emphasising the importance of multilingual competence for individuals, society, and the economy.

Read more here: https://rebrand.ly/f-L-4



16

Like  Comment  Share

- Chuir TIBÉ le nuachtlitir FÉ, a bhfuil breis agus 9,500 síntiúsóir aige, ag cur daoine ar an eolas faoi Straitéis Languages Connect agus faoi ról Fhiontraíocht Éireann, mar aon le hobair leanúnach TIBÉ i seachadadh na straitéise. Aibhsíodh deiseanna comhoibrithe féideartha fosta.
- Chun an pobal a chur ar an eolas faoin ngá atá le scileanna teanga as Éirinn chun rath eacnamaíoch a chinntiú sa todhchaí, chomhoibrigh TIBÉ le Helen McMahon, Comhairleoir Beartais Straitéise Sinsearach i bhFiontraíocht Éireann ar alt meán a bhí i forlíonadh speisialta de chuid an Irish Times. Ba é "How foreign language education can influence Irish business growth and talent development" teideal an ailt. Ag obair go comhoibritheach ar phríomhsheoladh teachtaireachtaí agus ar an gcóip dheireanach, cinntíodh gur tugadh an teachtaireacht go bhfuil gá le scileanna teanga iasachta do ghnólachtaí, do lucht léite níos leithne. Ba dheis é fosta obair thábhachtach Fhiontraíocht Éireann agus TIBÉ a aibhsiú sa phreas náisiúnta. Roinneadh an t-alt i gcló, ar líne agus ar fud meán sóisialta Fhiontraíocht Éireann, Languages Connect agus BusinessNews.ie. Scaipeadh é freisin i gcomhdháil NAPD, ar fhreastail breis agus 800 duine uirthi.

### Comórtas Scileanna Gairme le CareersPortal.ie

Sa bhlian 2024, chomhoibrigh TIBÉ le CareersPortal.ie arís eile chun catagóir thiomnaithe do theangacha a fhás sa chomórtas náisiúnta Scileanna Gairme na scoláirí, ag spreagadh na scoláirí chun taithí oibre a fháil ina mbíonn teangacha ag teastáil. Comórtas náisiúnta is Career Skills forbartha ag CareersPortal.ie chun scoláirí dara leibhéal a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna gairme a forbraíodh le linn socrúcháin taithí oibre agus chun gairm bheatha dá rogha féin a fhiosrú. Ba í seo an dara bliain a thug Languages Connect uarraíocht do chatagóir dírithe ar scileanna teanga. I measc na gcomhpháirtithe fiontair eile tá AIB agus Fáilte Ireland. Cuireadh an comórtas chun cinn ag imeachtaí éagsúla gairme agus oideachais agus ar líne, i gcaitheamh na bliana.




## Tionchar:

- Tá scoláirí ag éirí níos feasaí ar an tábhacht a bhaineann le scileanna teanga sa ghnó agus san fhiontraíocht, rud a fhágann go bhfuil suim mhéadaithe i bhforbairt na scileanna seo acu
- D'éascaigh rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara tionscail tuiscint níos fearr ar riachtanais scileanna teanga, rud a chuir ar chumas TIBÉ cláir agus teachtaireachtaí scoláirí ábhartha a thuiscint agus a ailíniú le riachtanais an tionscail
- Tá deis tughta ag aird sna meáin náisiúnta an comhrá a thosú le príomhpháirtithe leasmhara faoi chinntiú go seasfaidh gnólachtaí na hÉireann an aimsir le scileanna teangacha iasachta.
- Thug catagóir teanga sa chomórtas Scileanna Gairme dearbhú agus aitheantas do na scoláirí as a gcumas teanga, rud a spreag iad chun na scileanna seo a fhorbairt a thuilleadh

## Na chéad chéimeanna eile:

- Lean ar aghaidh leis an gcomhoibriú agus leis an nuálaíocht sa réimse seo chun scoláirí a ullmhú le bheith rathúil i dtírdhreach gairmiúil ilteangach domhanda.
- Lean ar aghaidh ag cur le comhpháirtíochtaí reatha agus súil a choinneáil amach do pháirtithe leasmhara ábhartha eile ar féidir leo tacaíocht a thabhairt.
- Oibrigh leis na gníomhaireachtaí fiontair chun teachtaireachtaí a chomhordú maidir le tábhacht teangacha iasachta do chomhlachtaí cliaint.
- Lean ar aghaidh le cur chun cinn na n-acmhainní 'Comhpháirtíochtaí le Fostóirí agus 'Domhan na hOibre', mar aon leis an bpaca gníomhaíochtaí 'Ag Obair le Teangacha' i scoileanna
- Cuir an earnáil fiontraíochta ar an eolas faoi luach teangacha do phoist, trí ábhar físe, cuairteanna scoile, agus seimineáir, mar shampla


Think Global
Work Opportunities
#ThinkLanguages

## Sprioc 4 – Ag Dul Chun Cinn

Tugann foilsiú 'Tuarascáil Eatramhach Athbhreithnithe agus Plean Chur i bhFeidhm Languages Connect go dtí 2026' deis do TIBÉ dul i dteagmháil arís leis na gníomhaireachtaí fiontair chun teachtaireachtaí a chomhordú maidir le tábhacht na dteangacha iasachta do chomhlachtaí cliaint. Beidh ar TIBÉ oibriú leis na gníomhaireachtaí seo freisin chun rochtain a fháil ar chomhlachtaí san earnáil fiontraíochta chun críche taighde, chun luach scileanna teanga agus foghlama teanga d'fhostóirí a chinneadh.

Ba cheart cur chuige níos trasearnála a ghlacadh i leith an chur i bhfeidhm. Ní mór an tábhacht a bhaineann le foghlaim teanga i bhforbairt scileanna a bheidh ag teastáil ón bhfórsa saothair amach anseo amhail inniúlacht idirchultúrtha, ionbhá, agus inoiriúnaitheacht, atá chomh tábhachtach sin i gcomhthéacs na saoránachta domhanda, a aithint i gcomhthéacs an ardoideachais agus na fiontraíochta. Tá saoránaigh dhomhanda ag teastáil ó Éirinn atá ilteangach agus a bhfuil inniúlacht láidir idirchultúrtha acu atá in ann dul i ngleic le comhthéacsanna cultúrtha éagsúla agus ní mór an teachtaireacht seo a neadú lasmuigh den scoil. Cé gur úsáideadh iompórtáil scileanna teanga ó thar lear chun ganntanas scileanna a líonadh, is beag a dhéanann sé seo chun cur le scileanna teanga nó idirchultúrtha an lucht saothair náisiúnta i gcoitinne.

# Rialachas agus Freagrachtaí

Fanann freagracht iomlán Rialachais Chorporáideach do TIBÉ leis an Aonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta (CAP) sa Roinn Oideachais. Sa chomhthéacs seo, aontaítear leibhéal seirbhíse agus seachadadh feidhmiúcháin le CAP agus déantar athbhreithniú bliantúil air tar éis comhairliúcháin agus aontaithe.

Cuirtear rialúchán i gcrích de réir Cód Athbhreithnithe Cleachtas do Rialúchán Comhlachta Stáit (2016) taobh istigh de na srianta atá ar stádas reatha TIBÉ. Agus a gcuid feidhmithe á ndéanamh maidir le cur i bhfeidhm na gníomhartha cuí i bPlean Cur i bhFeidhm Languages Connect, tá TIBÉ in oiriúint leis na cóid chleachtais agus treoir a leanas de réir mar is cuí: Cód Athbhreithnithe Cleachtas do Rialúchán Comhlachta Stáit leasuithe 2016 agus 2022; Acht na Nochtuithe (Leasú) Cosanta 2022, a leathnaíonn scóp an Acht Leasaithe w.e.f 1 Eanáir 2023; oibleagáidí na gcomhlachtaí poiblí faoi Roinn 25 den Acht Míchumais agus Oibleagáidí Reachtúla um Rochtain ar Shuíomhanna Gréasáin/Aipeanna ag éirí as S.I 358 i 2020.

De réir uasdátú 2019 maidir le comhlíonadh An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, tá tiomantas seirbhíse socraithe ag TIBÉ don Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus freisin do Threoirlínte Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí. San áireamh ansin tá Ráiteas Cosanta Leanaí; socruithe tuairiscithe chun riachtanais tuairiscithe an Achta a léiriú; Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017; agus gnásanna tuairiscithe chun tuairisc a dhéanamh do Tusla faoi aon chúram cosanta leanaí a thugtar chun aird ball foirne nó pearsanra ar bith de chuid TIBÉ.

Cinntíonn TIBÉ go gcomhlíontar gach oibleagáid cuí, san áireamh ansin tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 (RGCS/GDPR), Saoráil Faisnéise (SF/FOI), cur chuige struchtúrtha maidir le rialú riosca TF agus cibearshlándáil, iniúchóireacht inmheánach agus an Cód Caiteachais Phoiblí

## Timpeallacht Oibríochta

Is áisínteacht neamhthráchtálach é TIBÉ atá maoinithe ag an státchiste, ag oibriú faoi chomhaontú seirbhísí le hInstitiúid Oideachais Marino chun críche acmhainní daonna, párolla, seirbhísí airgeadais agus riaracháin.

## Socruithe Maoinithe/Bainistíocht Airgeadais

Tugann an Roinn maoiniú do TIBÉ do chur i bhfeidhm na ngníomhartha cuí sa straitéis a thacaíonn le forbairt bhreise agus le héagsúlú teagaisc agus foghlama teangacha iasachta i gCóras Oideachais na hÉireann. Cuireann TIBÉ sonraí dá riachtanais mhaoinithe agus cáipéisíocht tacaíochta ar fáil don Roinn.

Tá TIBÉ tiomanta do leithdháileadh na maoinithe taobh istigh den bhuiséad aontaithe, agus gabhann TIBÉ orthu féin go gcomhlíonfaidh siad gach treoir de chuid an Roinn Caiteachais Phoiblí, treoirlínte Seachadta agus Leasaithe an Phlean Forbartha Náisiúnta, treoirlínte na Roinne, reachtaíocht agus ciorcláin chuí, reachtaíocht chánach, fostaíocht, íocaíocht phras ar chuntais agus gach reachtaíocht eile cuí do Chomhlachtaí a fhaigheann maoiniú ón státchiste.

Tugtar maoiniú de réir ghnásanna airgeadais phoiblí a thugann creat tábhachtach uileghabhálach maidir le bainistíocht na maoinithe. Dearbhaíonn TIBÉ go gcomhlíonann sé an treoir maidir le íocaíocht amach deontais ón státchiste, a dtugtar achoimre air i gCiorclán 13/2014 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus le riachtanais /gnásanna/ ciorcláin /rialacháin /reachtaíocht eile airgeadais mar a leagtar síos ó am go ham. Dearbhaíonn Stiúrthóir TIBÉ go gcomhlíonann TIBÉ riachtanais comhlíonta airgeadais an Chóid Chleachtais do Rialachais Comhlachtaí Poiblí mar atá socraithe do TIBÉ.

Tugann TIBÉ aiseolas agus uasdátuithe ar iniúchóireachtaí a dhéantar don Roinn.

## Socruithe Tuairiscithe agus Monatóireachta

Déanann Grúpa Comhairleach Teangacha Iasachta (FLAG), agus foghrúpa Iar-bhunscoile FLAG, maoirseacht ar obair TIBÉ maidir leis na gníomhartha leagtha síos i straitéis Languages Connect a chur chun cinn. Ar FLAG tá ionadaithe ón Roinn, óna Áisíneachtaí, TIBÉ agus páirtithe seachtracha leasmhara. Tugann TIBÉ uasdátú ar gníomhartha in Languages Connect as a bhfuil sé freagrach as FLAG agus na foghrúpaí de réir mar is cuí. Tugann na coistí comhairle agus tacaíocht nuair is cuí do TIBÉ agus an Roinn Oideachais; tugann siad fóram le haghaidh plé ar chur i bhfeidhm polasaí reatha, agus tugann siad comhairle don Roinn maidir le treo/tosaíochtaí don straitéis teangacha iasacht sa todhchaí; tugann siad príomhpháirtithe leasmhara le chéile chun comhairle a thabhairt ó raon dearcthaí chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise; agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn rolladh amach gnéithe/gníomhartha den pholasaí sa Straitéis agus Plean Cur i bhFeidhm.

Ball den Chigireacht sa Roinn Oideachais atá ina cathaoirleach ar FLAGPP, Maria Lorigan an cathaoirleach reatha, ar ionadaí na Cigireachta í ar FLAG. Cuireann TIBÉ an rúnaíocht ar fáil. San áireamh i mballraíocht an fhochoiste iar-bhunscoile, tá ionadaithe FLAG mar aon le saineolaithe eile cuí.

## Baill an Choiste FLAGPP

| | |
|---|---|
| **An Chigireacht, an Roinn Oideachais** | Maria Lorigan |
| **An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta (CAP)** | Leona De Khors, Lorcán Ó hAlmhain |
| **TIBÉ** | Karen Ruddock |
| **ITE, Ollscoil Mhá Nuad** | Céline Healy, Ph. D. |
| **ITE, Coláiste na hOllscoile, BÁC** | Eileen Bowman, Ph. D. |
| **CNPPT** | Sarah-Jane Willis |
| **CNCM** | Elisabeth Butler |
| **CSS** | Margaret Carter |
| **Líonraí Gairmiúil na Múinteoirí** | Mairéad O'Driscoll |
| **Saineolaí Teangacha** | Mary Kenny |
| **Saineolaí Teangacha** | Ian Collen, Ph. D. |
| **Saineolaí Teangacha** | Jean Conacher, Ph. D. |

Ullmhaíonn TIBÉ Plean Oibre Bliantúil don Aonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta, ag tabhairt achoimre ar ghníomhartha polasaí a bhfuil freagracht acu as in aon bhliain faoi leith, agus conas a bhainfear amach cur i bhfeidhm. Bíonn cruinnithe rialachais idir an tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta agus TIBÉ trí huaire sa bhliain ar a laghad, agus tugann stiúrthóir TIBÉ agus/nó a (h)ainmní uasdátuithe don Aonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta ar gach ábhar cuí.

Mar aon leis an bPlean Oibre Bliantúil, ullmhaíonn TIBÉ an tuarascáil bhliantúil seo ag tabhairt sonraí faoi chur i bhfeidhm ghníomhartha polasaí TIBÉ sa bhliain roimhe. Tá TIBÉ tiomanta do chóras inmheánach chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun toradh na monatóireachta a thuairisciú don Roinn sna Cruinnithe Rialachais.

## Éifeachtúlacht Áiseanna / Gníomhú ar son na hAeráide

De bharr Chinneadh Rialtais S180/20/10/0434C agus Bille um Gníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, sínithe isteach sa dlí i mí Iúil 2021, tá TIBÉ tiomanta d'éifeachtúlacht áiseanna agus glacann siad le polasaí rialtais ar Éifeachtúlacht Áiseanna agus Gníomhú ar son na hAeráide ach go háirithe, m.sh. Ceisteanna Timpeallachta agus Sóisialta a chur chun cinn i Soláthar Poiblí (Ciorclán 20/2019). Comhlíonann TIBÉ Ciorclán 01/2020 Cúiteamh Astaíochtaí Bainteach le hAerthaisteal Oifigiúil . Tugann Plean Gníomhartha ar son na hAeráide de chuid TIBÉ achoimre ar ghníomhartha TIBÉ maidir le spriocanna, daoine, foirgnimh agus modhanna oibre. Tá oifig TIBÉ suite ar champas Áisíneachta Forbartha an Mhoil Dhigití (DHDA), in oifig san fhoirgneamh Iathlainn, ar tuairiscíodh astaíochtaí 80.16 kg2/m2/bl in 2024. Tá DHDA chun tosaigh ar a chuid spriocanna astaíochta GHG (feabhas reatha de 58% in éifeachtúlacht fuinnimh versus sprioc de 51% do 2030) agus a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh (56.8% den bhun-bhonnlíne).

Tá TIBÉ bunaithe sa Mhol Digiteach i Sráid Tomáis, Baile Átha Cliath 8 faoi láthair.

| Achoimre Airgeadais | 2024 |
| --- | --- |
| **Tuarastail na croífhoirne** | **€1,153k** |
| **Tuarastail na nOifigeach Forbartha** | **€1,183k** |
| **Leithdháileadh Breise** | **€357k** |
| **Tacaíocht Tionscadail**<br>(m.sh. FGL Múinteoirí, Uasoiliúint ar Mhúinteoirí, FCÁT, Oiliúint ar Chúntóirí Teangacha Iasachta, Áiseanna, Comhlaigh, Pobail Chleachtais) | **€380k** |
| **Feachtais Feasachta**<br>(Campaí Samhraidh, Malartuithe Scoile, #ThinkLanguages, Taighde, Teagmháil le Fostóirí, Treoir, feachtais eile) | **€391k** |
| **Modúl Teangacha don Bhunscoil** | **€2,239k** |
| **Costais Oibríochta**<br>(Bainistíocht, Cíos, TF, Oifig, Cló, Postas etc.) | **€439k** |
| **Iomlán** | **€6,142k** |

